

Cá bhfuil an t-airgead?

L. 18

ISSN 2009-3055
9 772009 305004
€1.65 (£1.50)
Uimh. 6

www.gaelisceal.ie



Bí ar do Sháimhín Só

L. 17



Páidí Ó Lionáird

L. 15

Sinéad Ní Neachtáin

L. 16



Ardán: Sinn Féin, SDLP agus an Ghaeilge

L. 12



Gaelisceal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

● 30.04.2010

Treoirilínte nua do Choláistí Samhraidh: “babysitting service”

Le Treasa Bhreathnach

TÁ treoirilínte nua eisithe ag Roinn na Gaeltachta do Choláistí Samhraidh na tíre agus iad ag súil go leanfaí na céimeanna seo i mbliana.

Beidh biachlár anois le feiceáil go soiléir i ngach teach. Má tharlaíonn sé go dtagann duine de na scoláirí abhaile tinn caithfidh duine éigin a bheith sa mbaile rompu, nó ar eagla go mbeadh oifigeach ón Roinn ag iarraidh cuairt chigireachta a thabhairt ar an teach tá an Roinn ag iarraidh go mbeidh duine éigin sa mbaile i gcónaí.

Tá siad ag iarraidh riail a bheith ann go mbeidh fear nó bean an tí i láthair sa teach i gcónaí, nó má tá siadsan as láthair go mbeidh duine éigin eile ann a bheadh freagrach agus iad os cionn 18 mbliana d’aois.

Táthar ag iarraidh go líonfar gach teach, a bhfuil aitheantas faighte acu, suas go 12 fhoghlaimeoir ar a mhéid ar dtús agus ansin go mbeadh an fuilleach roinnte ina dhiaidh sin. Tá an Roinn a mholadh go gcaithfidh Gaeilge shásúil a bheith á labhairt ag gach ball den teaghlach agus gurb í an Ghaeilge atá mar ghnáth-theanga chumarsáide an teaghlach.

Tá sé i gceist ag an Roinn gach teach a lorgann aitheantas a scrúdú as seo amach. Is bean tí í Bríd Uí Ghairbhín ar an gCeathrú Rua agus deir sí féin faoi na treoirilínte seo nach mbeadh aon fhadhb aici leis an gcuid is mó acu.

Deir Bríd “Nuair a théann mo chuid gasúr féin chuig an scoil, téimse ag obair, ní bhím ag fanacht sa mbaile an lá uile ar fhaitíos na bhfaitíos, tá m’uimhir foinn ag an scoil agus má chuireann siad glaoch orm ansin is fúmsa atá sé a bheith sa mbaile taobh istigh de leathuair an chloig nó mar sin.” Deir Bríd go bhfuil an treoirilínte seo cosúil le “babysitting service don teach.”

“Gabhaigí Ambasadóir Iosrael”

Le Trevor Ó Clochartaigh

BHÍ baill d’Fheachtas na Gaillimhe ar son Páistí na Palaistíne i mbun agóide le linn d’Ambasadóir Iosrael, an Dr. Zion Evrony, a bheith ar cuairt i nGaillimh inné. Bhí léirsiú ar siúl taobh amuigh de stiúideo Galway Bay FM fad is a bhí an tAmbasadóir i mbun agallaimh ansin.

Dúirt Treasa Ní Cheannabháin, a bhí i mbun na hagóide, go mba mhór an náire don Ambasadóir a bheith i mbun bolscaireachta d’Iosrael, fad is atá pobal Gaza faoi léigear acu. Dúirt sí gur thóg na Gardaí ainmneacha na léirseoirí fad is a bhí siad lasmuigh den stáisiún. “Dúirt mise leo go mba

chirte dóibh an tAmbasadóir a ghabháil mar gheall ar an mí-úsáid a baineadh as pasanna bréagacha Éireannacha “. Bhí sí ag tagairt d’eachtra in Dubai, áit ar dúnmharaíodh oifigeach sinsearach as Hamas agus maítear go raibh baint ag seirbhís slándála Iosrael, Mossad, leis an ionsaí sin. Tá seo séanta ag Rialtas Iosrael.

Bhí an tAmbasadóir ag labhairt ar chlár Keith Finnegan faoi dhearcadh Iosrael ar cheist na Palaistíne agus thug sé le fios nach dtuigeann muintir na hÉireann chomh casta is atá sé. “Níl aon réiteach simplí ar an bhfadhb seo,” dar leis.

Dúirt urlabhraí ón stáisiún go raibh a fhios ag an Ambasadóir go raibh léir-

siú ar siúl lasmuigh ach nár chuir sin as don chraoladh.

Bíonn Feachtas na Gaillimhe ar son Páistí na Palaistíne ag bailiú earraí agus airgid le cur anonn go Gaza don phobal ansin. Dúirt Treasa Ní Cheannabháin go bhfuil bád lastais le Corcaigh a fhágáil as seo go ceann míosa le coincreít agus earraí tógála eile.

Beidh trí long eile ag fágáil na Tuirce chomh maith le dul chuig calafort Gaza le bréagáin, earraí eile, oibrithe deonacha agus airgead le tacú le pobal na háite ansin. Dúirt sí go bhfuil os cionn €17,000 bailithe don fheachtas ó phobal na hÉireann don turas seo.

"Ní ghéillfidh mé do na meáin"

GRIANGHRAF: PHOTOCALL IRELAND



Pictiúr Cartlainne den Iar Aire Ealaíona, Spóirt & Turasóireachta, Jim McDaid TD, atá ag diúltú géilleadh d’fheachtas na meán, dar leis, chun a phinsean Aireachta a thabhairt suas. Caithfidh Dáil Éireann an treoir sin a thabhairt dó, deir sé.

BLÚIRÍNÍ

28 páiste gortaithe sa tSín

Gortaíodh 31 duine ar a laghad, 28 páiste san áireamh, tar éis ionsaí scine i náiscoil sa chúige Jiangsu in oirthear na Síne inné. Bhí cúigear daltaí i mbaol báis in ospidéal cathrach in Taixing tar éis an ionsaí agus bhí formhór na bpáistí a gortaíodh sa rang céanna ag an náiscoil Zhongxin. Tá fear á cheistiú ag gardaí faoin chúis.

Caismirt na Téalainne

Dúirt arm na Téalainne inné go bhfuil sé ar intinn acu cur lena gcuid iarrachtaí cosc a chur ar lucht agóide frithrialtais i mBangkok níos mó uirlisí troda a fháil. Maraíodh saighdiúir Dé Céadaoin i gcaismirt idir fórsaí slándála agus lucht agóide i dtuaisceart na cathrach.

RÉIGIÚNACH	●	8
TUAIRIMÍ	●	12
CÚRSAI SAOIL	●	16
GNÓ	●	18
COMHSHAOL	●	20
BEATHA	●	22
OIDEACHAS	●	25
MIONFHÓGRAÍ	●	28
SPÓRT	●	29

1 NUACHT NAISIÚNTA

Cnámha daoine faighte

Le hEoin Mac Garvey

BEIDH sé ar a laghad roinnt seachtainí eile sula mbeidh eolas cruinn ar fáil fá na taisí daoine a fuarthas i ngaineamh ó chairéal i nGaoth Dobhair an tseachtain seo. B'oirbri as ceantar na Rosann a tháinig ar na taisí agus é ag spré gainimh ar pháirc úr peile i gceantar Bhaile an Trá i ndeisceart an chontae. Tugadh an gaineamh a fhad leis an suíomh as an chairéal ar an Charraig i nGaoth Dobhair an mhaidin chéanna.

Beidh na Gardaí ag leanúint dá gcuardach ar an chairéal ar feadh roinnt laethanta de bharr an méid gainimh atá ann. Tá an scéala seo ag deanamh iontais do go leor i gceantar an iarthuaiscirt.

Cé go bhfuil roinnt daoine a d'imigh gan tasc ná tuairisc as an chontae thar na blianta dar leis na Gardaí is dóiche go bhfuil na cnámha faighte níos sine ná cás ar bith acu seo agus go bhfuil gach cosúlacht ar an scéal go bhfuil na cnámha seo sa ghaineamh le tamall iontach fada amach is amach.

Cé go bhfuil an cairéal seo cón-garach don trá ar an Charraig, ní mheastar gur corp duine a tháinig isteach leis an fharraige atá ann de bharr go bhfuil sé suite píosa siar ón trá.



Gardaí ag obair ag cairéal ar an Charraig, Doirí Beaga, Gaoth Dobhair. (PIC: MARIE MC GARVEY/EMG PHOTOS)

Cáin charbóin

Le Conn Ó Muineacháin

INNUI an seans deireanach chun ola téite, gás nádúrtha, díosal feirme agus breoslaí eile a cheannach sula gcuirtear an cháin charbóin i bhfeidhm amárach. Fógraíodh an cháin sa bhuiséad deireanach agus cuireadh i bhfeidhm láithreach é ar pheitreal agus ar dhíosal. De réir na scéime seo, gearrtar cáin €15 ar gach tonna dé-ocsaíd charbóin a astaítear. Oibríonn sé sin amach mar €43 ar gach 1000 lítear ceirisín mar shampla, ardú thart ar 8% ar an bpraghas. Ach más gnólacht tú atá páirteach cheana féin i Scéim Trádála Astuithe an Aontais Eorpaigh ní bheidh ort an cháin a íoc. Tá sé ina chuspóir ag an scéim trádála sin go mbeidh tairbhe airgeadais ann dóibh siúd a éiríonn leo a gcuid astuithe CO2 a íslíú, agus sin é cuspóir na cánach nua chomh maith.

Measann an ESRI go gcuirfidh sé €2 nó €3 gach seachtain le costais mhaireachtála teaghlaigh, agus go gcrúineoidh sé thart ar €330m in aghaidh na bliana.

Le theacht i bhfeidhm an ordaithe seo níl ach dhá chineál bhreosla ion-taise atá anois gan cháin charbóin: gual agus móin. Bhí foráil sa bhuiséad don gcáin seo ar ghual agus ar bhríciní Bhord na Móna ach níl aon ordú tosaíochta déanta ina thaobh go fóill.

Gaelscéal



Trevor Ó Clochartaigh
Bainisteoir Tionscadail
00353-91-536201
trevor.oclochartaigh@gaelisceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
00353-91-536201
patricia.nichonghaile@gaelisceal.ie

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
00353-91-536201
ciaran.dunbar@gaelisceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
00353-91-536201
treasa.bhreathnach@gaelisceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair
00353-91-536201
grainne.mcelwain@gaelisceal.ie

Le cabhair ó:

Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litríú agus gramadach na Gaeilge. www.cruinneog.com

'Frontline Defenders'

Le Danny Brown

DE réir tuarascála a foilsíodh an tseachtain seo, ba chóir don rialtas athbhreithiúnas a dhéanamh ar gnéithe éagsúla den tionscnamh con-spóideach gáis in Iorras Mhaigh Eo.

Chuir an grúpa tacaíochta chearta daonna 'Frontline Defenders' an tuarascáil ar fáil ag deireadh na seachtaine. Cuireadh "Breakdown in Trust: A Report on the Corrib Gas Dispute" le chéile ag an abhcóide Brian Barrington, a bhíodh ina chomhairleoir ag Seamus Mallon agus ag Mark Durkan nuair a bhí siad ina leas-Phríomh Aire i bParlaimint Stormont.

Díríonn an tuarascáil ar chás Willie Corduff a bhain Gradam Idirnáisiúnta Timpeallachta Goldman trí bliana ó shin. Mhaigh Corduff go ndearnadh ionsaí air anuraidh nuair a bhí sé i mbun agóide in éadan oibre a bhí ag dul ar aghaidh ag an trá ag Gleann an Ghad.

Dúirt I-RMS, comhlacht slándála Shell, agus na Gardaí, ag an am gur cuireadh isteach air ag am ar bith agus

gur fhág sé an trá dá thoil féin.

Ach tá cáipéisí faighte ag Barrington a chruthaíonn gur gortaíodh é. Mar sin de, déanann an tuarascáil moltaí go ndéanfar athmhachnamh ar an dóigh ina gcaitheann na Gardaí le pobal an cheantair.

Luaitear ann eachtra amháin ach go háirithe, ag Cé Pholl an Tómaís, nuair a dhiúltaigh an Garda sinsearach labhairt le dlíodóir na ndaoine a bhí i mbun agóide, cé go bhfuarthas amach i ndiaidh na hagóide nach raibh cead pleanála ag Shell don scioból a bhí siad ag iarraidh tógáil ar an ché.

Cé nach bhfuil rud ar bith le rá ag an tuarascáil faoi shábháilteacht an phiblíne, deir na húdair go bhfuil go leor fianaise bailithe ag muintir na háite faoi sin agus faoi bhotúin phleanála gur chóir éisteacht a thabhairt dóibh.

Chuir Maura Harrington, urlabhraí Shell chun Sáile, fáilte roimh an tuarascáil agus dúirt gur chóir go mbeadh fiosrúchán neamhspleách ar gach gné den obair a bhí ar bun ag Shell sa cheantar.

Nóiméad Ciúnais don Ghorta Mhór

TÁ an tAire Pádraig Ó Ciardha ag iarraidh ar eagraíochtaí náisiúnta spóirt nóiméad amháin ciúnais a ghlacadh in ómós dóibh siúd a d'fhulaing le linn an Ghorta Mhóir.

Is ar an 16ú Bealtaine atá an tAire ag iarraidh go dtarlóidh an nóiméad ciúnais seo agus ina leith seo tá a Roinn tar éis litreacha a scríobh chuig na heagraíochtaí spóirt ar fad ag impí orthu Cuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir a shonrú i mbliana.

Deir an tAire "tá áit láidir urramach ag an spóirt i sochaí na hÉireann agus spreagfainn na heagraíochtaí spóirt ar fad a gcuid tionchair a úsáid d'fhonn ómós agus aitheantas a thabhairt do na caillteanais a fulaingíodh in Éirinn de dheasca an Ghorta Mhóir. Ar an drochuair, ní le hÉirinn amháin a bhaineann an gorta agus tá go leor tíortha ar fud an domhain fós ag fulaingt ón ngorta agus ón ocras inniu."



Scáirt Uí Choinn!

Mona Bermingham, urlabhraí oibríthe arachais Quinn i mbun léirsithe níos luaithe an mhí seo.

GRIANGHRAF:
MARK STEDMAN/
PHOTOCALL IRELAND

Cosaint Rialtais don Rialaitheoir

Le Trevor Ó Clochartaigh

“NÍL an milleán le cur ar an Rialaitheoir Airgeadais faoi phoist a bheith dhá chailleadh i gcomhlacht árachais Quinn.” Sin a bhí le rá ag an Aire Fiontar Batt O’Keeffe inné.

Bhí sé ag trácht ar an bhagairt atá ann go scaoilfear 800 oibrí chun siúl, mar chuid de bheartais na riarthóirí chun an comhlacht a thabhairt slán.

“Tá fadhb le leachtacht sa chomhlacht féin,” a deir an tAire. “Tá airgead á chailleadh i margadh na Breataine agus tá deacrachtaí leis an bpolasaí praghsála ansin chomh maith.”

Ach, tá sé i gceist ag oibríthe sa chomhlacht na pleananna ath-struchtúrú a throid. Tá plé ar siúl chun scaoileadh le suas leis an tríú cuid den 2400 atá fostaithe ag comhlacht árachais Quinn i mBaile Átha Cliath, san Uaimh agus in Inis Ceithleann.

Meastar go mbeidh pacáiste iomarcaíochta deonach á ofráil do na hoib-

rithe thar thréimhse ocht mí dhéag. Ach, deir urlabhraí na n-oibríthe, Mona Bermingham, go bhfuil siad an-amhrasach faoina dtodhchaí.

“Tá stangadh bainte asainn. Níl aon tuairim againn cé air nó cén áit a dtitfidh an tua. Tá cuid mhór imní agus míshásamh ann. Beidh tionchar ollmhór aige seo agus ní ghlacfaidh muid go réidh leis,” a deir sí.

Níos túisce an mhí seo cheap an Ardchúirt Paul McCann agus Michael McAteer, ó Grant Thornton, mar riarthóirí buan ar chomhlacht Árachais Quinn, tar éis don Rialaitheoir Airgeadais Matthew Elderfield imní a léiriú maidir le sócmhainneacht sa chomhlacht.

Léiríonn ráiteas an Aire Fiontar, go bhfuil an Rialtas ag seasamh le dearcadh an Rialaitheoir Airgeadais in ainneoin an bhrú pholaitiúil atá orthu ó oibríthe, soláthraithe agus an pobal i gcoitinne a thacaíonn le muintir Quinn agus an fhoireann oibre.

Gaybo sa Naíonra

GRIANGHRAF: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND



Cathaoirleach an RSA, Gay Byrne, le Jamie, Hayden agus Kaberat in ionad cúram leanaí Cónaidhm Thithíochta Sophia agus iad ag seoladh 'Simon and Friends', acmhainn nua sábháilteacht bóthar de chuid an RSA. Is áis oideachastúil, taitneamhach atá ann a úsáideann amhráin, rannta agus scéalta le sábháilteacht bóthar a mhúineadh do pháistí óga.

Carranna glasa don Eoraip

AG tacú go mór dó le carranna leictreacha, d'fhógair an Coimisiún Eorpach pleananna Dé Céadaoin chun líonra a fhorbairt ar fud an hEorpa ina mbeidh stáisiúin luchtaithe ard-voltais a mbeidh fáil ag an bpobal orthu. Tá an plean mar chuid de straitéis nua chun breis carranna 'glasa' a chur ar an margadh agus an Eoraip a bhaint den ola. Tá faoi caighdeáin theicniúla agus sábháilteachta Eorpacha a chur ar fáil do na stáisiúin sin faoi 2011.

BNP : “Tá Éire mar chuid den Bhreatain”

TÁ sé ráite ag ceannaire an British National Party go síleann siad gur cuid den Bhreatain í Éire agus mar gheall air sin tá míle fáilte á chur acu roimh Éireanaigh go dtí an Bhreatain in ainneoin polasaithe frith-inimirce a bpáirtí.

Deir Nick Griffen go mbeidh doras na reataine dúnta ar gach duine eile seachas inimircigh le scileanna speisialta, dochtúirí is mar sin de, ach nach mbeadh fáilte roimh leithéidí pluiméirí ón bPolainn ná teifigh Afganastánacha.

Éigeandáil Ola

Le Treasa Bhreathnach agus Joanne Ní Riain

TAR éis do rige ola darb ainm Deepwater Horizon dul trí thine agus dul faoi an 21 Aibreán tá amhras ar Mheiriceá mar gheall ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh an leo ola seo a bheith aige ar an timpeallacht agus é anois ar tí cósta Louisiana a bhaint amach.

Tá Stát Louisiana ag iarraidh ar rialtas Mheiriceá cabhair sa mbreis a chur ar fáil dóibh chun dul i ngleic leis an leo ola mar go bhfuil 40% de thalamh portaigh na Stát Aontaithe i Louisiana agus bheadh an damáiste don fhiabheatha agus do na páirceanna náisiúnta dochreidte. Ar an Máirt seo caite bhí an leo ola seo ar an méid céanna le hOileán Iamáice agus ar an gCéadaoin rinne

Gardaí Cósta Mheiriceá “dó rialaithe” timpeall 30 míle siar ó dheas ó bhéal abhainn an Mississippi. Deir oifigí Garda Cósta Mheiriceá go bhfuil an “seans ann gurbh fhéidir leis an leo ola seo a bheith ar an leo ola is measa i stair Mheiriceá” agus go bhfuil an leo ola seo cúig huaire níos measa ná mar a shíl siad ar dtús agus anois tá an tríú sceitheadh aimsithe acu.


Is leis an gcomhlacht BP an rige ola agus tá iarrachtaí déanta acu an tobair a dhúnadh faoi láthair le fomhuireán cianrialaithe, ach níor éirigh leo.

Tá cúpla rogha eile ag BP chun an scaoileadh ola seo a stopadh, is féidir leo rige druileála eile a thabhairt isteach chun stop a chur le scaoileadh an tobair, rud a d'fhéadfadh cúpla mí a ghlacadh nó is

féidir leo cruinneachán a thógáil chun an ola a ghabháil, rud a bhfuil sé i gceist acu triail a bhaint as. Níor baineadh triail as an oirbheart seo riamh cheana i bhfarraige chomh domhain agus beidh le feiceáil cé chomh maith is a éireoidh leo. Má tharlaíonn sé go ndéanfaidh siad cinneadh an leo ola a chur trí thine níl sé i gceist ag Garda Cósta Mheiriceá an leo ola uile a chur trí thine ag an am céanna ach é a lasadh ina phíosá chun go mbeadh níos mó smachta acu ar an tine.

Tá an baol ann go mbeidh an leo ola seo ar comhchéim letubaiste an Exxon Valdez in 1989 a scaoil 11 mhilliún galún ola agus i láthair na huaire, agus muid ag dul i gcló, tá imlíne 600 míle ag an leo ola. Tá aon duine dhéag ar iarraidh tar éis pléascadh an rige ola.

Dúnmharfóir Malcolm X scaoilte saor



SCAOILEADH saor Tomas Hagan, an t-aon duine a d'admhaigh an ról a bhí aige i bhfeallmharú Malcolm X in 1965, Dé Máirt, lá níos luaithe ná mar a bhí pleanáilte. Dúirt Roinn na Seirbhísí Ceartúcháin i Nua-Eabhrac gurde thoradh páipéarachais a bhí próiseáilte níos tapúla ná mar a bhí réamh-mheasta a scaoileadh saor luath é. Bhí Hagan, 69, ina bhall de ghluaiseacht an Náisiúin Ioslaim nuair a scaoil sé Malcolm X ag an Audubon Ballroom i Nua-Eabhrac an 21 Feabhra, 1965.

An tAire agus an GRA

TÁ sé ráite ag an Aire Dlí agus Cirt Dermot Ahern go bhfuil Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána (GRA) i mbun feachtais chun bheith mar cheardchumann iomlán agus chomh fada is a bheidh seisean ina Aire nach dtarlóidh sé sin. Cháin uachtarán an GRA,

Michael O’Boyce, an tAire agus an rialtas an tseachtain seo in óráid a bhí pleanáilte do chomhdháil an GRA.

Níor tugadh an óráid chéanna riamh mar gheall nach raibh an tAire féin i láthair chun é féin agus an rialtas a chosaint. Tá

Damien McCarthy a bheidh ina uachtarán nua ar an GPA ag seasamh le cáineadh Michael O’Boyce.

Tá ceannaireacht an GRA chun cruinniú leis an gcoimisinéir Fachtna Murphy a iarraidh inniu chun an cáineadh úd a phlé.

Easaontóirí in easnamh

le hAnton Mac Cába

Ní bheidh oiread agus ‘easaontóir’ Poblachtach amháin san iomaíocht in olltoghchán Westminster ó thuaidh. Sin ainneoin go dúirt Matt Baggott, Príomh-Constábla Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann, an tseachtain seo caite, go bhfuil an bhagairt slándála is measa ó 1998 anois ann.

Ó thús na bliana seo, tá easaontóirí ag déanamh ionsaí in aghaidh na coicíse. Ba iad an Fíor-IRA, an IRA Leanúnach agus ‘Óglaigh na hÉireann’ a bhí freagrach as na hionsaithe seo.

Is cinnte go bhfuil tacaíocht áirithe i roinnt ceantar ag na trí ghrúpa seo. Ach níl an borradh céanna faoi eagraíochtaí polaitiúla na n-easaontóirí. Is é Éirigí an grúpa polaitiúil is

láidre orthu seo, gan baint aige le ceann ar bith de na grúpaí armtha áfach. Tá Éirigí cláraithe mar pháirtí polaitiúil ó dheas. Dúirt Breandán Mac Cionnaith, an tArd-Rúnaí, gur i mí na Samhna anuraidh amháin a shocraigh Éirigí dul san iomaíocht i dtoghcháin: “Táimid ag cur straitéisí agus struchtúr le chéile maidir leis sin. Tá a fhios againn nach chun aon ró-thairbhe dúinn bheith san iomaíocht an babhta seo. Tá súil againn an páirtí bheith ag seasamh sna ceithre bliana atá amach romhainn.” Níl sé i gceist ag Éirigí tacaíocht a thabhairt d’iarrthóir ar bith: “Níl iarrthóir ar bith sa toghchán ag seasamh ar bhonn ar bith go dtiocfadh linn aontú leis.”

Tugann Sinn Féin Poblachtach tacaíocht don IRA Leanúnach, é ar an bhfaicsean is seanbhunaithe i measc

na n-easaontóirí. Ní fiú bheith san iomaíocht sa nolltoghchán, dar leis an Leasuachtarán, Geraldine Taylor: “Beimid ag déanamh ár machnaimh ar na toghcháin áitiúla nuair a bheidh siadsan ann. Ní bheimid ag tabhairt tacaíochta do dhuine ar bith an babhta seo, mar gur do Westminster é, agus níl suim againn ann.”

Is é Gluaiseacht Fuascailte na 32 Contae an dream is aitheanta i measc na n-easaontóirí, é ag tacú leis an bhFíor-IRA. Dúirt Francie Mackey, an Cathaoirleach, nach páirtí polaitiúil é, agus nár sheas sé riamh i dtoghchán: “Is é an t-aon sprioc atá romhainn ná flaitheas na hÉireann a chosaint, agus cur in éadan an tsáraithe atá rialtas na Breataine a dhéanamh.”

Sheas easaontóirí roimhe seo i dtoghcháin ó thuaidh. Trí bliana ó shin, sheas seachtar sa toghchán ba

dhéanaí don Chomhthionól. Ní bhfuair ach duine amháin orthu 1,000 vóta, áfach.

Ba í sin Peggy O’Hara i bhFeabhail, a fuair 1,789 nó 4.4% den vóta iomlán. I mBéal Feirste Thiar fuair déagóir ó People Before Profit beagnach a dhá oiread is a fuair Geraldine Taylor, ainneoin aithne agus meas bheith uirthi mar shean-phoblachtach. Tharla seo ainneoin do Shinn Féin athruithe móra polasaí a dhéanamh. Tá tuilleadh athruithe polasaí déanta ó shin, ach gan iomrá ar dhúshlán polaitiúil.

Dar le Tomaí McKearney tá neart míshástachta ann, gan é bheith ag dul chuig ceann ar bith de na grúpaí. Is iar-chime Poblachtach é McKearney, a chaith 53 lá ar stailc ocrais in 1980 agus téarma saoil dá chur isteach aige sa Cheis Fhada. D’éirigh sé as an IRA

sna lár-80idí, é anois ina cheardchumannaí agus ina eagarthóir ar an iris Fourthwrite. “An t-iomrá is lú ar philleadh ar an streachailt armtha, diúltaíonn daoine go láidir dó,” arsa McKearney. “Na daoine sa chlann Phoblachtach, taobh amuigh de Shinn Féin, cuireann sé eagla orthu. Tá meath doleigheasta ar Shinn Féin Poblachtach agus ar Ghluaiseacht Fuascailte na 32 Contae mar go bhfuil siad i ngrá leis an streachailt armtha. Tá sé soiléir nach bhfuil aontacht ar bith i measc na ngrúpaí, le go mbeadh a mhalairt de phlean ó Shinn Féin acu. Agus an mhíshástacht atá amuigh ansin, tógann sé ceisteanna faoi na grúpaí san fhadtéarma. Muna dtagann siad le chéile faoi pholasaí go n-aontaíonn siad faoi, bíonn sé cosúil le madadh sa tóir ar charr. Ní chuireann sé isteach ar an fhear sa charr.”

‘Flash Harry’ ar leac do dhorais

le hAnton Mac Cába

GO dtí seo, b’fhearr aithne ar Harry Hamilton, iarrthóir an UUP i mBanna Uachtarach, mar ‘Flash Harry,’ amhránaí a thugann ómós do Freddie Mercury agus do Queen.

Tá seisean agus Willaim McCrea ón DUP in Aontroim Theas ar an bheirt amhránaí is aitheanta atá ina n-iarrthóirí ó thuaidh. “Is ó dhá cheann dhifriúla den cheol agus den Aontachtachas don bheirt againn,” arsa Hamilton. “Tá lucht éisteachta difriúil ar fad againn.”

Agus é mar ‘Flash Harry,’ chan Hamilton in áiteanna de gach sórt “hallaí de chuid Chumann Lúthchleas Gael, hallaí de chuid an Oird Bhuí; glacadh go maith linn i ngach uile áit.” Chan sé ag Féile an Phobail in Iarthar Bhéal Feirste: “Bhí oíche ar dóigh ann.”

Dar leis, is fusa bheith ag plé leis an lucht éisteachta ag ceolchoirm ná le lucht vótála ag na doirsí: “Bíonn a fhios ag an lucht éisteachta cad é a gheobhaidh siad, b’shin an rud a cheannaigh siad leis na ticéid. Bíonn na vótóirí níos faichillí romhat. Bíonn ceisteanna acu le cur ort.”

Chláraigh Hamilton le Páirtí Aontachtach Uladh mar go gcreideann sé sa chomhcheangal leis an Bhreatain, ar bhonn cuimsitheach: “Rud éigean

neamhsheicteach. Ba cheart go mbeadh polasaithe ann a bheadh ábalta tacaíocht a fháil ó gach cuid den phobal. Ba mhaith linn an pholaitíocht a normalú, go mbeadh daoine ag vótáil do dhaoine a bheadh ina n-ionadaithe sa rialtas, sna díospóireachtaí ar bhonn náisiúnta.” “Is ar leas an Tuaiscirt bheith comhcheangailte leis an Bhreatain, nó tá sin ar an cheathrú geilleagar is láidre ar domhan,” ar seisean.

Ní ó náisiúnaithe ná poblachtaigh na hÉireann an bhagairt don chomhcheangal, dar leis, ach ó Phlaid Cymru agus Páirtidh Náiseanta na h-Alba. Bhí tromlach 5,000 cúig bliana ó shin ag David Simpson ón DUP sa toghcheantar. Is cuma cad a tharlóidh an 6 Bealtaine, geallann Hamilton go mbeidh Flash Harry ag canadh ina dhiaidh.



Bál Goal

GRIANGHRAF:SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND



Beidh deis ag daoine airgead a bhailiú do chuid de na saoránaigh is boichte ar domhan ag Bál GOAL na bliana seo a bheidh ar siúl in Óstán an Burlington i mBaile Átha Cliath ar an Aoine 14 Bealtaine. Sa phictiúr tá an mainicín Andrea Roche ag seoladh na hócáide. Tá eolas breise le fáil ag www.goal.ie.

Cruinneog
www.cruinneog.com

GaelSpell + Ceart

Bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge. Sábháil 10% nuair a ordaíonn tú an dá cheann le chéile. Ordaigh iad ó www.cruinneog.com anois!

**Sábháil
10%!**

‘An Ghaeilge – Bás nó Beatha’

Éigse Theilinn ag filleadh ar ais go Coláiste Aoidh Mhic Bhricne, Teileann

Le Seán Ó Curraighín

BEIDH Éigse Theilinn ag filleadh ar ais go Coláiste Aoidh Mhic Bhricne tar éis briseadh cúig bliana an deireadh seachtaine seo agus todhchaí na Gaeilge sa cheantar mar phríomh-théama aige. Deir Méabh Nic Ghaire heith as Coiste Forbartha Theilinn gur sprioc na hÉigse ná aird an pobal agus aird na meáin a dhíriú ar cheist na Gaeilge agus na Gaeltachta faoi láthair na huaire.

Tá Gaeltacht Iardheisceart Thír Chonaill i ‘gcatagóir C,’ de réir tuairisc a d’fhoilsigh an Roinn Gnóthaí, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta mar a bhí. De réir staitisticí na Roinne, ní labhraíonn ach 37% den phobal an teanga ar

bhonn laethúil. Ceapann Méabh Nic Gairbheith go bhfuil sé in am don phobal plé a dhéanamh ar seo agus cé chomh tábhachtach is atá an Ghaeilge don cheantar. “Tá sinne ag déanamh neamhaird ar an Ghaeilge faoi láthair na huaire,” a dúirt sí.

Beidh príomh-imeacht na hÉigse ar siúl amarách le caint agus ciorrú ar théama na hÉigse - ‘An Ghaeilge – Bás nó Beatha.’ Beidh painéil cainteoirí ó gach réimse de shaol na Gaeilge i mbun cainte. Ina measc siúd, tá Pól Ó Muirí, Eagarthóir Gaeilge leis The Irish Times, Dr Úna Ní Bheirn Acadamh Ríoga na hÉireann, Antoine Ó Coileáin ó Gael Linn, an dlíodóir Antoin Delap agus Eoghan Ó Curraighín atá ina sheanchaí áitiúil.

Beidh go leor caint aighneasach ar siúil le linn na hÉigse, níl Antoin Delap cinnte faoi thodhchaí na teanga. “Tá tuairim foscailte agam ar an cheist, níl mé cinnte an bhfuil teacht aniar fágtha sa Ghaeilge.”

Tá Eoghan Ó Curraighín ag súil go gcuirfidh an deireadh seachtaine le slánú na teanga sa cheantar, “mura bhfuil an Ghaeilge againn, ní bheidh

níl Antoin Delap cinnte faoi thodhchaí na teanga. “Tá tuairim foscailte agam ar an cheist, níl mé cinnte an bhfuil teacht aniar fágtha sa Ghaeilge



Gaeltacht againn. Tá súil againn go múscloídh an chaint meoin an pobal i leith na teanga, caithfidh muid tarraingt le chéile.”

Beidh Raidió na Gaeltachta ag craoladh Barrscéalta beo ó Theilinn maidin Dé hAoine. Oslóidh an Éigse go hoifigiúil oíche Aoine le díospóireacht idir mic léinn ó Ollscoil Chúl Ráithín agus ó Ollscoil na Banríona. Is é rún na díospóireachta ná, ‘níl slánú na Gaeilge ag bráth ar an Gaeltacht.’

Conradh na Gaeilge ar cíós

TÁ sé i gceist ag Conradh na Gaeilge dhá áras dá gcuid, i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh a fhorbairt mar lári-onaid chultúrtha Gaeilge agus iad a bheith ar fáil don phobal le húsáid mar ionaid chomhdhála, chruinnithe agus eile.

Is féidir le heagrais Ghaeilge nó le daoine aonaracha seomraí a ghlacadh ar cíós ón gConradh i gcomhar cibé cén tréimhse ar mian leo.

Deir Pádraig Mac Fhearghusa, Uachtarán Chonradh na Gaeilge gur “ar scáth a chéile a mhaireann muid agus is mór againn an deis cuireadh a thabhairt do na heagraíochtaí agus do na daoine aonair atá ag feidhmiú ar son na Gaeilge freisin, leas a bhaint as áiseanna Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh le pobal na teanga a neartú sa dá chathair sin, agus go deimhin ar fud na tíre.”

Is ar Shráid Fhearchair i mBaile Átha Cliath atá ceanncheathrú Chonradh na Gaeilge lonnaithe agus tá Árus na nGael ar Shráid Doimínic i nGaillimh agus tá siúl ag an Chonradh láthair úr a aimsiú le hionad níos mó a fhorbairt i nGaillimh amach anseo.

Gradam ailtireachta bainte ag Cultúrlann Uí Chanáin

Le Danny Brown

TÁ gradam speisialta ailtireachta bainte amach ag Cultúrlann Uí Chanáin, an áislann úr Ghaeilge i nDoire i gcomórtas a reáchtáil Cumann Ailtireachta na hÉireann.

Rinne O’Donnell and Tuomey, comhlacht ailtireachta as Baile Átha Cliath, an dearadh ar an fhoirgneamh úr ar Mhórshráid Shéamais i lár na cathrach, agus bhain siad an chéad áit amach sa chomórtas fosta le scéim tithíochta sóisialta sna Liberties sa Phríomhchathair. Osláíodh an Chultúrlann i mí Mheán Fómhair an-raidh agus chuir Donncha Mac Niallais, oifigeach forbartha na Cultúrlainne,, in iúl go bhfuil sé thar a bheith sásta leis an ghradam.

“Nuair a bhí muid ag labhairt leis an ailtire ar an chéad lá, ba é an treoir a thug muid dó ná foirgneamh a thabharfadh ráiteas faoi stádas na Gaeilge



sa chathair, chomh maith le riachtanais phraiticiúla phobal na Gaeilge i nDoire, a dhéanamh. Tá sin le feiceáil san fhoirgneamh.”

Agus is foirgneamh neamh-choitianta é a sheasann amach as an timpeallacht agus a thaispeánann go bhfuil rudaí bríomhara ag tarlú taobh istigh. Ar an taobh istigh tá sé iontach geal, cé go bhfuil foirgneamh ar gach taobh de, a bhuíochas sin don soilsíú nádúrtha chomh maith le spásanna oscailte.



Trí ghlúin de chlann Mhic Aindreasa ag céiliúradh 40 bliain de ghaeloideachas óthuaidh

AN FOCLÓIR NUA BÉARLA-GAEILGE: BREIS AISTRITHEOIRÍ LE HEARCÚ



TIONSCADAL AN FHOCLÓRA NUA BÉARLA-GAEILGE

Is mian le Foras na Gaeilge cur leis an bpainéal d’aistritheoirí cáilithe atá ar fáil chun leagan Gaeilge a sholáthar d’ábhar Béarla an fhoclóra. Pacaísti oibre ar conradh atá i gceist.

Is iad seo a leanas na príomhthascanna a bheidh i gceist:

- Leagan(acha) Gaeilge a sholáthar d’ábhar Béarla an fhoclóra de réir na dtreoracha teanga agus gramadaí a shainítear i dTreoir Stíle an Fhoclóra
- An t-ábhar Gaeilge sin a chlárú ag úsáid an fheidhmchláir DPS (an Córas Scríofa Foclóra) agus de réir na dtreoracha próisis a shainítear i dTreoir Stíle an Fhoclóra

Cuirfear oiliúint chuí ar na haistritheoirí a n-éireoidh leo sa chomórtas earcaíochta seo.

Critéir Riachtanacha

- Ardliofacht sa Ghaeilge
- Saineolas ar cheann amháin nó níos mó de mhórchanúintí na Gaeilge
- Ardchruinneas scríofa sa Ghaeilge
- Ardtuiscint ar ghramadach na Gaeilge agus ar an gCaighdeán Oifigiúil
- Taithí i réimse an aistriúcháin
- Ardtuiscint ar an téarmaíocht oifigiúil
- Scileanna ríomhaireachta

Critéir Inmhianaithe

- Eolas ar réimse na foclóireachta
- Eolas ar fheidhmchláir scríofa foclóra
- Gaeilge na Gaeltachta ó dhúchas
- Taithí ar fhoireann a stiúradh
- Cáilíocht bhreise a bhaineann le sainchúraimí na hoibre, m.sh. an Séala Creidiúnaithe d’Aistritheoirí
- Freastal déanta ar cheann de na cúrsaí oiliúna san fhoclóireacht dhátheangach a reáchtáil Foras na Gaeilge cheana féin

Más spéis leat bheith ar an bpainéal seo, ní mór duit iarratas a sheoladh chugainn. Tá an fhoirm iarratais ar fáil ar www.focloir.ie

SPRIODHÁTA DO NA HIARRATAIS:

Ba chóir go mbeadh na foirmeacha comhlánaithe istigh faoi 5.00 p.m.
Dé Céadaoin 12 Bealtaine, 2010.

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus fáiltimid roimh iarratais ó iarthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pásta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. Is ar bhonn fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas. Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above panel.



Foras na Gaeilge

BREIS EOLAIS & FOIRMEACHA IARRATAIS

www.focloir.ie • poist@forasnagaeilge.ie • T: +353 1 639 8434

An Pholainn - Taibhsí na Rúise sna Campaí Géibhinn

Idir 1920 agus 1922 fuair na mílte cimí Rúiseacha bás i gcampaí géibhinn de chuid na Polainne. Cén fáth a raibh siad ann? Seo tuairisc le Diarmuid Johnson ar eachtra atá i mbéal an phobail arís i Moscó agus i Vársá tar éis shochraid an Uachtaráin Kaczyński agus timpiste Smoleńsk.

THARLA míorúilt an tseachtain seo caite sa Pholainn. D'fhoilsigh an Gazeta Wyborczy - páipéar a bhunaigh lucht 'Solidarność' - eagarfhocal i Rúisis. Seo é an focal scoir: 'An méid atá déanta agaibh dúinn [.i. ag an Rúis don Pholainn] tar éis na tubaiste i Smoleńsk, b'fhéidir gur dea-thoradh a bheas air don dá tír tar éis gach a tharla dúinn le linn na staire'.

Tá nod ansin faoin slad i Katyń, ach tá claonthagairt ann do rud eile freisin. Mar idir 1920 agus 1922, fuair na mílte saighdiúirí ón Rúis bás i gcampaí géibhinn de chuid na Polainne.

Arsa an tollamh Zbigniew Karpuś ag trácht dó go mion ar an ábhar: 'bhí 157,000 duine i gcampaí géibhinn [na Polainne], agus astu sin fuair 18-20,000 le hocras, le tinneas agus le droch-íde.'

Ní i bpáipéir na Polainne amháin atá caint ar chogadh 1919-1920 idir na Boilséivigh agus arm na Polainne, agus ar na campaí géibhinn a bhí i Strzałkowa agus Tuchola. Ag scríobh di sa bpáipéar Rúiseach Kommierant, is éard a deir Olga Allionowa: 'Tá seans ann anois go n-osclofar na cartlanna. Agus gheobhaidh mé féin amach cén áit ar cuireadh mo shinseanathair, agus fágfaidh mé bláthanna san áit sin fós'. Is é an dóchas céanna atá ag go leor eile.

Ach cé mar a tharla na mílte cimí Rúiseacha i Tuchola na Polainne i 1920? Tar éis bhua na mBoilséiveach sa Rúis i 1917, bhí an chosúlacht ar an scéal go n-éireodh leis an Arm Dearg rúid a thabhairt siar go Beirlin agus cuid mhór de chríocha na hEorpa a ghabháil. Ach chuir an Ginearál Józef Piłsudski stop leo.

Bhí arm 700,000 fear faoi cheannas Piłsudski ó aimsir an chogaidh mhóir. Is é an léigiún Polannach a bhíodh ag an impireacht Ostra-Ungarach an bunús a bhí leis an arm seo. Cosaint agus buanú an dá theo-



Jarosław Kaczyński, deartháir an Uachtaráin Lech Kaczyński a cailleadh, a bheas ag seasamh i dtoghchán na huachtaránachta ar 20ú Meitheamh.

rainn ba chuspóir dó: ar an teorainn thiar, bhí pobal Gearmánach na Siléise ag iarraidh a gcion féin de na taltaí, agus ar an teorainn thoir, bhí poblacht á bunú i gceantar na hÚcráine. I mí Lúnasa 1920, tharla cath idir Piłsudski agus na Boilséivigh ó dheas de Vársá cois abhainn an Vistula. Briseadh ar an Arm Dearg gan choinne. Tar éis an áir, gabhadh na mílte.

Céard a tharla do na cimí seo? Cuireadh ar thraenacha iad - turas cúig lá gan dídean gan chothabháil - go dtí campaí géibhinn áit a raibh an bia gann, gan tine gan teas ann, sioc agus sneachta air, iad gan malairt éadaigh ná an chóir leighis ba ghá. Bhí drochbhail ar na campaí féin, iad tréigthe le tamall de bhlianta, gan doirse ná go deimhin fuinneoga i gcuid de na foirgnimh. Bhí gach galar tógalach ba mheasa ná a chéile ann: an calar, an tíofóid agus an bhuinneach dhearg. Bhí na cimí damnaithe.

Dar leis an Ollamh Karpuś, ní mór trí ní a rá faoi sin. Ar an gcéad dul síos, arsa sé, dá dhonacht an scéal, ní féidir a rá gur maraíodh na cimí go fuarchúiseach.

Ach is amhlaidh a bhí na cúinsí saoil go hainnis san áit a raibh siad á



Céard a tharla do na cimí seo? Cuireadh ar thraenacha iad - turas cúig lá gan dídean gan chothabháil - go dtí campaí géibhinn áit a raibh an bia gann, gan tine gan teas ann, sioc agus sneachta air, iad gan malairt éadaigh ná an chóir leighis ba ghá.

gcoinneáil. Ar an darna dul síos, is beag má bhí cúrsaí níos fearr ag saighdiúirí agus ag iarshaighdiúirí na Polainne, ná go deimhin ag muintir na tíre i gcoitinne. Ní raibh an fómhar ar bith le baint. Bhí an tír ar fad scriosta tar éis chogadh mór 1914-1918. Agus ar an tríú dul síos, bíodh 's gur beag an sólás é, murach na campaí, bhí an baol ann go scaipeadh an easláinte go rábach ar fud na tíre.

Dé Domhnaigh seo caite más ea, cuireadh an tUachtarán Lech Kaczyński agus a bhean chéile Maria, tar éis bháis dóibh maraon le 94 duine eile sa timpiste eitleáin i Smoleńsk láimh le Katyń. Bhain an eachtra stangadh as an bPolainn agus as an Rúis araon.

An t-athmhuintearas atá eatarthu le coicís anuas, is maith an léargas é ar an gceangal a bhíonn idir an dá thír - dá ndeoin agus dá n-ainneoin.

An té a cheapfar ina chomharba ar an Uachtarán Kaczyński ar an 20ú Meitheamh seo chugainn, beidh sé de chúram air gan ligean don athmhuintearas sin fuair.

Agus tuarascáil chruinn, chuimsitheach a chur ar fáil do mhuintir na Rúise maidir leis na saighdiúirí a fuair bás in Tuchola agus i gcampaí eile dá shórt ó 1920 go dtí 1922.

Géarchéim na Gréige

le hAnton Mac Cába

Ní géarchéim Ghréigeach géarchéim na Gréige níos mó. Tá an Fhondúireacht Idirnáisiúnta Airgeadais le €10 milliún sa bhreis a chur leis an phacáiste slándála don tír (rud beag níos mó na a trí oiread airgid agus a chaill Seán Quinn leis an Bhanc Angla-Éireannach). Tá an chabhair sin sa bhreis ar an €30 milliún a gheall an tAontas Eorpach go dtí seo. Ach tá amhras faoin chomh toilteanach agus a bheadh an Ghearmáin cuidiú leis an Ghréig.

De réir pobalbhreitheanna sa Ghearmáin, tá idir 57% agus 86% den phobal in éadan cúnamh airgeadais a thabhairt don Ghréig. Beidh le feiceáil an gceadódh cúrsaí polaitiúla don Seansailéar Merkel cuidiú a thabhairt, i ndiaidh thoghcháin réigiúnacha an 9ú Bealtaine. Agus, mar sin féin, tá foinsí rialtais sa Ghréig ag



Jean Claude Trichet

ceistiú an leor an €45 milliún seo. Bhí drochthoradh air seo ar fad Dé Máirt. Thit praghsanna scaireanna ar fud an Aontais Eorpaigh. Sa Phortaingéil, bhí titim 5.4% ar an stocmhargadh. Tá sin ar an dara tír san Aontas Eorpach is mó atá faoi bhrú de bharr ghéarchéim na Gréige. “Tá an tinneas ag leathnú,” arsa Marc Chandler, ceannaire ar stráitéis airgeadais Brown Brothers Harriman i Nua-Eabhrac. Sampla ná a bhfuil ag tarlú sa Spáinn, atá ar an naoú gilleagar is mó ar domhan. Anois tá praghas con-túirteach ar fhiacha stáit na Spáinne, an praghas sin ag an leibhéal is airde le 10 mbliana. Dé Máirt thit an Ibex 35 (innéacs scaireanna na Spáinne) 3%.

Thug eagarfhocal ar El País, príomhnuachtán na tíre sin, rabhadh Dé Céadaoin. San eagarfhocal sin scríobhadh go bhfuil rud éigin cosúil leis an rud a bhí le mothú díreach roimh an 15 Meán Fómhair 2008 - teip Lehmann Brothers (i Meiriceá, agus tús an mheathlaithe) - ag rith suas síos chnámh

droma limistéir an Euro, é déanta níos measa ag an ghéarchéim Ghréagach, atá le firinne ina géarchéim Eorpach amach is amach. Luann an t-eagarfhocal Daniel Gros, ón Lárionad um Staidéar ar an bPolaitíocht Eorpach. “Táimid i limistéar mar a bhfuil an-éiginnteacht”, arsa Gros.

Beidh le feiceáil cad iad na himpleachtaí. Dúirt Jean Claude Trichet, ceannasaí Bhanc Ceannais na hEorpa, go bhfuil loiceadh Gréagach “as an cheist.” Ní den bharúil chéanna atá na margaí airgeadais. De réir na bpraghsanna ar bhannaí Gréagacha, measann siad go bhfuil seans níos mó ná 50% ann go dtarlóidh a leithéid taobh istigh de chúig bliana. Is dramhbhannaí anois iad bannaí na Gréige dar leis na margaí céanna.

Beidh impleachtaí don tír seo i gceist. Dúirt John Corrigan, príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, go dtiocfaidh Éire “go héasca” trína bhfuil le teacht.

Iosrael san OECD?

Le Treasa Bhreathnach

TÁ an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) chun vótáil i mí Bealtaine chun cúig thír úra a ligean isteach ina gclub de 30 ball, is iad sin an tSile, an Eastóin, Iosrael, an tSlóivéin agus an Rúis.

Is eagraíocht í seo a bunaíodh in 1961 agus deir siad gurb é an misean atá acu ná tíortha atá tiomanta don daonlathas agus don gheilleagar margaidh a thabhairt le chéile faoin aon bhrat amháin. Cuireann an eagraíocht láthair ar fáil do na rialtais chun comparáid a dhéanamh idir a gcuid polasaithe agus freagraí a chuardach d'fhadhbanna coitianta.

Rinne an OECD cinneadh in 2007 chun cuireadh a thabhairt do na cúig thír seo chun díospóireacht a thosú dá mballraíocht san eagraíocht.

Tá gach tír ag céim dhifriúil dá gcuid cainteanna agus táthar ag súil gurb í an tSile a bheidh ar an chéad tír a nglacfar leo, agus Iosrael, an Eastóin agus an tSlóivéin ar an bhóthar céanna.

Is cosúil go bhfuil cainteanna ag bogadh beagán níos moille don Rúis agus cé nach bhfuil aon dáta socraithe do vóta iontrála d'aon cheann de na tíortha seo go dtí an OECD



is é Iosrael atá ag cruthú na conspóide is mó as an chúigear acu.

Tá an eagraíocht SADAKA (Ireland Palestine Alliance) ag cur feachtais ar bun i gcoinne bhallraíocht Iosrael san OECD agus iad ag iarraidh ar rialtas na hÉireann vóta a chaitheamh ina coinne. Má tharlaíonn sé seo ní ligfear Iosrael isteach san OECD mar go gcaithfidh gach vóta do bhaill nua a bheith d'aonghuth.

Is éard atá SADAKA a rá “níorheart glacadh le hIosrael san OECD mar go dtéann a chuid staitisticí náisiúnta thar teorannacha aitheanta idirnáisiúnta (an ‘green line’ mar a thugtar air).

Dar le SADAKA, “briseann Iosrael rialacha an OECD sa chás seo.”

Deir siad chomh maith gur

“bréag le rá gur tír dhaonlathaché Iosrael nuair nach bhfuil cead ag éinne sna críocha gafa vótáil i dtoghchán an Knesset ach amháin lonnaitheoirí Iúdacha.”

Tá Ard-Rúnaí ICTU David Begg tar éis litir a sheoladh chuig an Aire Gnóthaí Eachtracha Micheál Martin coicís ó shin chomh maith ag iarraidh ar an rialtas a chinneadh maidir le hIosrael a ligean isteach san OECD “a mhoilliú go dtí go dtaispeánann Iosrael dul chun cinn i leith cearta daonna, dlí idirnáisiúnta, cearta Palaistíneacha agus an próiseas síochánta.”

Dúirt an tAire Micheál Martin sa Dáil an tseachtain seo caite go síleann sé go bhfuil an-seans ann go dtacóidh Éire le hIosrael a bheith páirteach san OECD.

www.oideas-gael.com

Cúrsaí Gaeilge do Dhaoine Fásta

ón ghiantosaitheoir go líofa

Cúrsaí speisialta ard-leibhéal Gaeilge

- Cruinneas na Gaeilge
- Oiliúint Múinteoirí • SCG
- Ó Bhéarla go Gaeilge (cúrsa san aistriúchán)

Saoire Gníomhaíochta

- Siúl sléibhe • Timpeallacht & Cultúr
- Seandálaíocht • Damhsa
- Péintéireacht • Feadóg
- Bodhrán • Cláirseach
- Taipéis • Griangrafadóireacht

Eolas & Bíleog 2010 ó

OIDEAS GAEL



Gleann Cholm Cille

Co. Dhún na nGall

Fón: 074 973 0248

Facs: 074 973 0348

oideasgael@eircom.net



2 NUACHT RÉIGIÚNACH



Áine Ní Thuathail agus Des Ó Madaoin as Cill Chiaráin, ag ceiliúradh a bpósadh an tseachtain seo.



Tá scéal le insint ag gach pinn luaidhe, píosa ealaíona poiblí nua coimisiúnaithe d'Áras Inis Gluaire i mBéal an Mhuirthead leis an ealaíontóir James Hayes.



Cailíní ag glacadh páirte sa rása i mála faoi 10 ag Lá Spóirt na gCluichí Pobail do cheantar Chois Fharraige, a eagraíodh ar Pháirc Choláiste Chonnacht sa Spidéal an Domhnach seo caite. Ghlac os cionn 200 gasúr ó cheantar Chois Fharraige páirt sa Lá Spóirt agus beidh na buaiteoirí sna rásaí lúthchleasaíochta i dteideal dul san iomaíocht ar son ceantar Chois Fharraige i gComórtais Lúthchleasaíochta na gCluichí Pobail do Chontae na Gaillimhe, a thionólfar i mBaile an Doirín ar an 6/7 Meitheamh.

CONNACHT NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

"The Journal of Music," buaiteoir Gradam Utne

TÁ gradam Utne buaite ag "The Journal of Music" dá gclúdach ealaíne. Bíonn an t-irisleabhar seo á fhoilsiú gach dara mí as Conamara agus roghnaíodh é as 1,300 irisleabhar ar fud an domhain. Is ag searmanas gradam i Washington DC a bronnadh an duais seo den gcéad uair riamh ar aon irisleabhar Éireannach.

Is éard a dúirt na moltóirí agus iad ag roghnú "The Journal of Music" go seasann an t-irisleabhar seo "amach ón slua, mar gheall gur foilsíodh é in Éirinn agus mar gheall go gclúdaíonn sé réimse leathan ceoil, ó chlasaiceach go pop agus snagcheol."

Is é Toner Quinn eagarthóir na

hirise seo agus is éard a dúirt sé faoin ngradam seo "is onóir mhór é don iris a bheith aitheanta ag na Gradaim Utne, atá seasta ag leagan béime ar fhoilseachán ailtéarnach ar fud an domhain."

Gaillimh

Comhdháil d'Aosaigh

TÁ an tIonad Éireannach Seaneolaíochta Sóisialta (ICSG) in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chomh maith le seirbhísí tacaíochta do sheanóirí de chuid COPE na Gaillimhe, chun comhdháil a chur ar siúl ar an 4ú Bealtaine óna 10.30-3.30 in Óstán an Galway Bay. Seo é an chéad chomhdháil den sórt seo in Éirinn agus beidh béim faoi leith ag an gcomhdháil ar cén chaoi gur féidir le seanóirí an méid is fearr a bhaint as taighde dóibh féin agus dá bpobail. Beidh an chomhdháil seo dírithe ar sheandaoine ach go háirithe agus cuirfidh sé taighde déanta do sheanóirí ar fáil dóibh agus tabharfaidh sé seans dóibh a gcuid tuairimí a nochtadh faoi seo chomh maith. Deir Áine Ní Léime, comhordaitheoir leis an ICSG go bhfuil siad ag iarraidh "taispeáint do sheanóirí an bealach gur féidir leo a bheith gníomhach i dtaighde do sheandaoine agus cén chaoi gur féidir leo an taighde seo a úsáid dá gcuid cear-ta féin a bhaint amach."

Féile Chomórtha Joe Éinniú

IS anocht a chuirfear tús leis an bhféile chomórtha Joe Éinniú a leanfaidh ar aghaidh go dtí an Domhnach. Is féile sheanbhunaithe í seo ó 1986 le comóradh a dhéanamh ar an bhfear arbh as an Aird Thoir, Carna ó dhúchas é, ach a fuair bás i Seattle sna Stáit Aontaithe in 1984.

Mar chuid den fhéile seo beidh ceardlanna amhránaíochta ar an sean-nós ar siúl le Máire Ní Mhaoilchiaráin (garnia le Joe Éinniú), agus ceardlanna damhsa ar an sean-nós le Máire Áine Ní Iarnáin agus Máire Caitríona Ní Mhaoilchiaráin. Seolfar an dlúthdhiosca nua "Faoi Bhláth" le Ciarán Somers agus Dave Sheridan in Óstán Chuan Charna ar an Domhnach.

Beidh ceolchoirm mhór á reáchtáil ar an Satharn in Óstán Chuan Charna óna 7.30i.n. ar aghaidh agus is iad cuid de na haoianna a bheidh i láthair ná: Máire Ní Mhaoilchiaráin,

Joe John Mac an Iomaire, Griogair Labhruidh agus Síle Denvir, Danny O'Mahony & Patsy Broderick, Caoimhín Ó Raghallaigh, Allan MacDonald agus Liz & Yvonne Kane. Ar an Domhnach tabharfar cuairt ar uaigh Joe Éinniú le comórtas amhránaíochta sean-nós na n-óg á reáchtáil ag 3.30i.n. Beidh neart imeachtaí eile ar siúl i gCarna le haghaidh sean agus óg le linn deireadh seachtaine saoire bainc na Bealtaine.

Scéalta Mhaigh Eo

Gaelscoil nua do Chathair na Mart

Le Piaras Ó Raghallaigh

BEIDH tógáilithe ag obair ar scoil nua do Ghaelscoil na Cruaiche i gCathair na Mart roimh dheireadh na míosa seo chugainn, sin a dúirt príomhoide na scoile sin Mairéad Ní Ruáin an tseachtain seo.

"Is dea-scéala amach is amach é seo do na daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí. Tá muid ag fanacht ar scoil nua le fada an lá agus tá ríméad ar gach éinne anois go bhfuil an obair ag tosú go luath," a dúirt Ní Ruáin. Beidh an scoil nua, deich seomra lonnaithe ar bhóthar an ghailfchúrsa ar imeall an bhaile agus beidh neart spáis ann don 200 scoláire atá ag freastal ar an scoil faoi láthair. Beidh oifigí nua, halla spóirt, seomra ríomhairí agus leabharlann ann chomh maith. Dúirt an Teachta Dála Beverley Flynn go raibh an t-uafás oibre den scoth déanta ag an scoil le blianta beaga anuas. "Tá sé iontach go bhfuil an obair seo ag tosú agus an t-ir i lagtrá eacnamaíochta faoi láthair. Beidh obair ar fáil do dhaoine áitiúla agus is rud iontach é seo," a dúirt sí.

Chuir naoi gcomhlacht isteach ar an tairiscint don obair thógála agus tugadh le fios an tseachtain seo go bhfuil litir ghlachta curtha amach chuig JJ Rhattigan chun an obair a dhéanamh. Dúirt an Teachta Dála i gCathair na Mart Michael Ring gur ardaigh sé ceist na scoile seo go mion minic sa Dáil. "Tá Gaelscoil na Cruaiche ag fanacht rófhada leis an scoil nua seo," a dúirt sé. "Tá súil agam anois go ndéanfar an obair go tapaidh agus go mbeidh scoil bhuan cheart ag na scoláirí agus na múinteoirí sa deireadh thiar thall."

Ceol den scoth i gCluain Cearbhán

BEIDH cuid de na ceoltóirí is fearr sa

tír in iarthair Mhaigh Eo an deireadh seachtaine seo d'Fhéile Chois Cuain i gCluain Cearbhán. Seo an séú huair déag don fhéile ar an mbaile agus beidh neart ceoil, amhrán agus rince ann.

Beidh ranganna agus ceardlanna ar siúl gach lá do dhaoine óga agus gach oíche beidh ceolchoirmeacha agus seisiúin ann. I measc na n-aíonna speisialta agus teagascóirí i mbliana tá Róisín White, Éamon Ó Donnchadha, Charlie Harris, Marie Walsh, Mick O'Connor, Méabh Ní Lochlainn agus Cian Ó Ciaráin.

Le cúig bliana déag anuas mheall an fhéile scoth na gceoltóirí agus na n-amhránaithe ó gach cearn den tír chun na háite. De bharr na n-aíonna agus na gcuairteoirí sin, tá cáil i bhfad i gcéin ar Fhéile Chois Cuain i measc lucht leanúna na n-ealaíona traidisiúnta.

“Tá lúcháir orainn go mbeidh an fhéile ar bun arís i mbliana agus go mbeidh baile beag Chluain Cearbhán lán de cheol, de chraic agus de chuideachta ar feadh an deireadh seachtaine,” a deir Michéal Ó Gráda.

“Tá clú agus cáil ar Fhéile Chois Cuain de bharr na seisiún bríomhar neamhfhoirmiúil a bhíonn le cloisteáil ar na sráideanna agus sna tithe leanna - bí linn má tá amhrán le rá agat, port le casadh nó damhsa sna cosa agat, sin, nó bí inár gcuideachta le cuid den saibheas cultúir sin a bhlaiseadh,” a deir sé. Tuilleadh eolais ag www.feilechoiscuain.com

Tá scéal le hinsint ag gach peann luaidhe

TÁ píosa ealaíne poiblí nua coimisiúnaithe d'Áras Inis Gluaire i mBéal an Mhuirthead leis an ealaíontóir James Hayes. Roghnaíodh James ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo agus ag Áras Inis Gluaire mar gur shíl siad go raibh a thogra leithleach agus go dtabharfadh sé líon mór daoine isteach sa phróiseas ealaíonta.

Tá James ag iarraidh deontas do do chuid pinn luaidhe agus ina leith seo beidh sé ag tabhairt cuairte ar scoileanna áitiúla agus ag úsáid phinn luaidhe na bpáistí sa phíosa ealaíne deiridh. Beidh teilgean á dhéanamh aige d'ós cionn 200 peann luaidhe i gcré-umha a bheidh mar chuid den ealaín phoiblí. Iarrtar ar dhaoine a bpinn luaidhe a rheinntaigh chuige chomh maith le roinnt eolas cúla (100 focal ar a mhéid) ag insint cén fáth a bhfuil an peann luaidhe áirithe tábhachtach agus cén fáth ar cheart é a chur san áireamh sa phíosa ealaíne poiblí. Tá cuireadh tugtha ag James chomh maith do scríbhneoirí, ealaíontóirí, filí agus ailtirí timpeall na tíre a bpinn luaidhe féin a sheoladh chuige. Má tá suim agaibh do pheann luaidhe a bheith mar pháirt den ealaíon poiblí seo, nó má tá suim agat deontas airgid a dhéanamh dó, is féidir an t-eolas uile a bheidh ag teastáil uait a fháil ón suíomh idirlíon www.may-ococo.ie.

LAIGHEAN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

An Gael sa Pháil Seoladh Leabhair

Le Kate Fennell

AR a sé a chlog anocht, seolfaidh an tOllamh Nicholas J A Williams an leabhar is déanaí leis an scoláire agus scríbhneoir ildánach Helen Ó Murchú i Halla Foras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean. An Chríostaíocht le Sinsearach an teideal ar a leabhar nua agus is iad Foilseacháin Ábhair Spioradálta na foilsitheoirí. Tá fáilte roimh chách chuig an seoladh. Tuilleadh eolais ó fionnuala.macaodha@gmail.com

SoGo - Féile Ealaíne Bhaile Átha Cliath

CUIRFEAR tús le Féile úr nua Ealaíne Bhaile Átha Cliath inniu, SoGo, i mBÁC 2. Beidh na sráideanna go léir idir Sráid an Dáma agus Sráid Chaisleán an Mhargaidh lán le meascán d'imeachtaí, ina measc ceol Gaelach, geamaireacht do pháistí agus ealaín de chuile chineál. Beidh an Fhéile ar siúl ón Aoine go dtí an Domhnach.

Tá lá iomlán ceoil Ghaelaigh agus Bluegrass eagraithe ag Sweeney Mongrel - Le Cirk ar Lána an Dáma ar an Domhnach, 2 Bealtaine agus tá gach imeacht saor in aisce nó saor go leor. Tuilleadh eolais ó www.sogo.ie

Siúlóid sna Sléibhte

MÁ tá fonn siúlóide ort an Domhnach beag seo i gcomhlúadar Gaeilgeoirí eile bí ag Oifigí BSL ar Shráid Mhic Liam ag 10.30r.n. chun bualadh le cuid de na Cnocadóirí eile a bheas ag dul ar gnáth-shiúlóid 4 nó 5 huairé an chloig ar fhad i gCloch na gCon, An Gleann Dubh.



Cultúr Bharra an Teampall. Meastar go dtugann breis is 60,000 duine cuairt ar Bharra an Teampall gach lá agus gur fiú €676m sa bhliain é sin d'eacnamaíocht na hÉireann. Seo Maeve Curran (5) as Rath Gearr ag fáisceadh srón Molly an Bhean Ghrinn, lena deirfiúr Aoife (3). Bhí siad i láthair ag seoladh *The REAL GUIDE TO TEMPLE BAR*. GRIANGHRAF:

LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND.

Nó is féidir casadh leo ag tús na siúlóide féin ag Carrchlós Bhaile Mhic Thorcaill ag 11.45r.n. Is siúlóid 14km atá i gceist agus tá sé á thuar go mbeidh an aimsir go maith. Gach eolas ó www.cnocadóirí.com

An Béal Binn i mBré

AR an Déardaoin seo chugainn, agus gach Déardaoin go dtí deireadh mhí Iúil, cuirtear fáilte roimh amhránaithe, filí, drámadóirí agus scéalaith de gach saghas ag an Ionad Seoltóireachta, trasna ón Harbour Bar i mBré. Bíonn ceardlann ar an sean-nós ar siúl óna 8-9 i.n. agus ansin Scléip an Chlub óna 9.30 - 11.i.n. Is é an tUasal Pádraig Ó Fearghaíl atá i bhfeighil ar an gclub seo, an Béal Binn, agus is é atá mar aidhm aige ná na healaíona béil a chur chun tosaigh i mBré. Buail síos agus caith amach amhrán nó inis scéal! Gach eolas ag anbealbinn@gmail.com

Triúr fós ar iarraidh i mBaile Átha Cliath

Le hAudrey Ní Dhonechadha

TÁ triúr ó Fhionnghlas fós ar iarraidh agus tá a dteaghlaigh na ag éirí níos buartha mar gheall ar an easpa eolais fúthu. Ní bhfuair gaolta nó cairde David O'Reilly (43) trácht nó tuairisc uaidh le mí anuas nuair a bhí sé ag tabhairt cuairt ar chara i nGaillimh. Níl sé ag freagairt a ghutháin nó ag baint úsáide as a leathanach Facebook, dar lena deirfiúr Barbara.

Is é Daniel McAnaspie (17) an duine is óige as an triúr atá ar iarraidh. Chon-



'Cailín'. Egle Butkute (14)ó Choláiste Pobail Baile Choimín, Co. Chill Mhantáin, a fuair an chéad áit san aois grúpa 12-15 don chomórtas grianghrafadóireachta 'Bord Gais Energy Capture the Power Schools', lena pictiúr dar teideal, 'Cailín'.

GRIANGHRAF:LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND.



Picnicí do Barretstown. Leonie Hackett (7) agus an réalt teilifíse Amy Huberman ag seoladh an dara Picnic Mhór Avonmore ar mhaithe le hairgead a bhailiú do Barretstown. Tá siad ag iarraidh ar dhaoine ar fud na tíre picnic a eagrú an Samhradh seo le tacú le páistí atá ag fulaingt le hailse.

GRIANGHRAF:JAMES HORAN/PHOTOCALL IRELAND.

acthas é don uair dheireanach ar an 26ú Feabhra i mBaile Bhlainséir.

Tá dóchas ag laghdú maidir le Bernie Gavan (59), bean le dúlagar dépholach atá ar lár ó shamhradh 2007. Dar lena hathair Frank, tá an clann fós

dóchasach go mbeadh scéal ann óna iníon. Moltar aon duine le heolas ar dhuine den triúr dul i dteagmháil le Staisiún na nGardaí i bhFionnghlas ag 01-6667500 nó ar líne rúnda na nGardaí ag 1800-666111.

MUMHAN
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

An Clár
Clampar faoi
Ché Dúlainn

Le Sophie Gahan

TÁ mothúcháin éagsúla i measc muintir Dúlainn de bharr tógáil na céibhe nua ansin i mbliana. “Scríos-faidh an tógáil seo an cheantair. Tá an cé ceart go leor an chaoi a bhfuil sé,” a deir Bn. Uí Shionna ó Doolin Ferries.

“Dhein m’athair agus iascáirí eile na háite an ché seo breis is 100 bhliain ó shin agus is do na curacha amháin a bhí sé”.

Bhí a mhalairt de thuairim ag Patrick Sexton, bainisteoir an tí tábhairne áitiúil O’Connors. Síleann seisean go mbeadh 99% den phobal sásta faoin bhforbairt. “Tá meon andearfach ag muintir Dúlainn mar gheall ar an tógáil seo. Níl i gceist ach síneadh. Déanfaidh sé neartú ar ghnó an cheantair. Uaireanta nuair a bhíonn droch aimsir ann i rith an tsamhraidh, ní féidir ach le curacha teacht isteach chuig an gcé. Anois,

beidh na báid mhóra in ann teacht isteach ag cur seirbhíse breise ar fáil”.

Is i cé Dúlainn an príomh bhealach do thaistealaithe idir an Clár agus Oileáin Árainn. Úsáideann iascáirí na n-oileán agus an Chláir í toisc go bhfuil sí lonnaithe in aice na monarchan phróiseála éisc áitiúil. Is éard atá i gceist leis an bhforbairt ná dreidireacht farraige a dhéanamh sa chuan, chomh maith le cé nua 60 méadar ar fhad agus bóthar rochtana a thógáil. Tá breis is 6 mhiliúin euro geallta ag an rialtas don obair seo.

Dúirt Martin Conway, comhairleoir áitiúil le Fine Gael, go bhfuil muintir na háite ag cur brú ar an rialtas don tógáil seo le 13 bliain. “Tá cáil ar Dhúlainn go hidirnáisiúnta agus níl an ceantar ag fáil an aird cheart. Is mór an trua gur ag céim phleanála atá sé fós.”

Ba é an Aoine seo cáite an spriocdát ag Comhairle Chontae an Chláir don phróiseas tairisceana do thógáil cé Dhúlainne. Tá na hiarratais tógála á mheas faoi láthair, ach deir Conway nach bhfuil baint ag an chomhairle ag leibhéal údarás áitiúla, leis an bpróiseas roghnúcháin seo.

Aontaíonn Sexton leis an chomhairleoir Conway go raibh gá an tógáil seo a chur ar bhun níos luaithe. “Bhí 32 milliún infheistithe in Aillte an Mhothair cúpla bliain ó shin. Níor chreid aon duine go raibh an méid sin le caitheamh ag an rialtas agus gan scéim séarachas ceart sa cheantar seo”.

Beidh deiseanna fostaíochta faoin scéim tógála seo agus deirtear go gcruthófar jabanna tar éis tógáil na céibhe chomh maith. “Jabanna cosúil le máistir cuain”, a deir Conway. Ach measann Bn. Uí Shionna go bhféadfadh neart fadhbanna eascairt ón bpróiseas dreidireachta seo. “Tá siad chun fáil réidh leis an tonnchosc atá ann. Tá seans freisin go mbeidh tuillte ann tar éis an méid sin tochailt.”

De réir Mark Dunphy, stiúrthóir caidreamh poiblí Comhairle Chontae an Chláir, go mbeidh tús curtha le réamhoibriúcháin don dearadh ag tús

an tsamhraidh agus tá súil tús a chur leis an tógáil féin roimh dheireadh na bliana. Tá sé mar aidhm ag an Chomhairle an próiseas tógála a chríochnú roimh dheireadh 2011.

Corca Dhuibhne
Féile na
Bealtaine

Le Gráinne McElwain

BEIDH neart ealaíne, ceoil, drámaíochta agus siamsaíochta sa Daingean an deireadh seachtaine seo agus Féile na Bealtaine ar siúl. Is iad aidhmeanna Fhéile na Bealtaine ná an oidhreacht a chur chun cinn agus fáilte a chur roimh ealaín agus ealaíontóirí ó áiteanna éagsúla in Éirinn agus ar fud an domhain go hIarthar Dhuibhneach.

I mbliana tá an Fhéile ag comóradh 16 bliain ar an fhód. Tá breis agus fiche duine ar an choiste eagrúcháin agus iad go léir ag obair go deonach. Tá siad ag súil go mór leis an Fhéile.

“Tá an-obair déanta againn agus tá muid ag súil le slua mór ar an deireadh seachtaine” a deir Trish Hendrick, Comh-Leas Fheidhmeannach na Féile.

Tá Trish í féin ag súil go mór leis an dráma sráide a bheidh ar siúl san oíche Dé Domhnaigh in ómós do Naomh Bréanainn a mbeidh cuid mhór de pháistí scoile an cheantair ag glacadh páirte ann.

Beidh ceol, amhránaíocht agus filíocht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta ann agus tráthnóna speisialta do na páistí ar an Satharn chomh maith. Ina measc na n-aíon-na móra beidh Cara O’Sullivan, Louis de Paor, Seamus Begley agus ar ndóigh an réalta mhór teilifíse a bhíodh ar an mbosca roinnt blianta ó shin, Bosco!

Tuilleadh eolais ar www.feilenabealtaine.ie.

Múscraí

Pobalbhreith
le rogha Baile
Bhúirne nó
Baile Mhúirne

le Seán Ó Loingsigh

TÁ pobalbhreith á reachtáil ag craobh áitiúil de Chonradh na Gaeilge maidir le logainm na háite Baile Bhúirne nó Baile Mhúirne.

Cé acu is fearr leis na daoine, sin í an cheist atá á cur an tseachtain seo le bileoga leis an dá rogha iontu agus boscaí le bheith ar fáil sna siopaí áitiúla ar feadh roinnt laethanta.

Baineann an phobalbhreith le dhá chomhartha fáilte de chuid an Chonartha atá le n-athchóiriú ar an dtaobh thoir agus ar an dtaobh thiar den cheantar.

‘Fáilte go Baile Bhúirne’ atá ar na seanchomharthaí atá i ndrochchaoi, agus iad suite in aice chomharthaí na mBailte Slachtmhara leis an leagan céanna den logainm orthu.

Tá Baile Bhúirne agus Baile Mhúirne le feiscint ar chomharthaí bóthair sa cheantar, agus casadh eile ná go bhfuil Baile Bhuirne gan ú mar logainm oifigiúil ar an áit.

Tá Baile Mhúirne ar chomhartha ar an mbóthar ó Chúil Aodha, ag an gcroisaire mar a bhfuil an baile fearainn An Muirneach Beag.

Níl buirne, búirne ná múirne i bhfoclóir Uí Dhónaill, ach tá boirne



agus muirne ann, agus Baile Bhoirne féin luaite le Ballyvourney i bhfoclóir Dineen.

Cuireann an B agus an M brí éagsúil leis an logainm - is é boirne an tuiséal ginideach de ‘boireann’, talamh clochach, agus baineann muir (tuiséal ainmneach) le grá agus scléip.

Chualathas á rá ag oíche bhéaloideasa i Leabharlann Bhaile Bhúirne tráth go mbaineann Baile Mhúirne leis an ndeabhóid dhíograiseach atá do Naomh Gobnait sa cheantar.

Baineadh an leagan Béarla Ballyvourney de chomharthaí bóthair dhá bhliain tar éis don Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) a shínigh an tAire Éamon Ó Cuív teacht i bhfeidhm ar Luan Cásca 2005. Ba é a athair, Brian Ó Cuív, a chóirigh an leabhar Cnósach Focal ó Bhaile Bhúirne a foilsíodh in 1947.

‘Eastáit Thionscail Bhaile Bhúirne’ atá ag Údarás na Gaeltachta sa cheantar agus is Baile Mhúirne atá scríte ar fhalla tosaigh na bunscoile, Scoil Abán Naofa. Glactar leis gurb é an Bh an litríú is sine, ach tá Mh á úsáid go coitianta ag muintir na háite le fada an lá.



Scríobh Leabhar. Daltaí ó SN Naomh Caitríona, An Baile Nua, Mala le James Mulcahy, Stiúrthóir Ionad Oideachais Chorcaí, Kerry Mulligan, Ionad Oideachais Chorcaí, Máire Uí Fhaogháin, Foras na Gaeilge agus Declan Wolfe ó RTE 2 ag searmanas na ngradam Scríobh Leabhar i gCorcaigh. Spreagadh os cionn 9,000 dalta bunscoile ar fud oileán na hÉireann i mbliana le leas a bhaint as a gcuid cruthaitheachta chun leabhar Gaeilge dá gcuid féin a cheapadh, a leagan amach agus a fhoilsiú mar chuid den tionscnamh Scríobh Leabhar a eagraíonn Foras na Gaeilge. Grianghraf: Miki Barlok



Féile na Bealtaine
2010



Ceolchoirm: The Brendan Voyage leis an gcumadóir Shaun Davey & 50 ball ó cheolfhoireann RTÉ, le Liam óg ó Floinn, agus Rita Connolly roimh ré le Granuaile.

Séipéal Naomh Muire sa Daingean
8-10pm dé domhnaigh 2 ú Bealtaine 2010.
Ticéidí le ceannach ón oifig ROIMH na ceolchoirme ag 066 9151082
oifig na féile.
www.feilenabealtaine.ie

Tuigtear go mbeidh na páipéir phobalbhreithe á gcomhaireamh nuair a bhaileofar iad i gceann 10 lá, agus go n-athrófar an logainm ar chomharthaí fáilte an Chonartha má léiríonn tromlach go bhfuil siad i bhfábhar Baile Mhúirne.

Tionscadal Green Shoots ag tabhairt tacaíochta do lucht tosnaíthe gnó

le Seán Ó Loingsigh

THUG an Teachta Dála áitiúil Batt O’Keeffe a chéad chuairt oifigiúil ar Mhaigh Chromtha an tseachtain seo mar Aire Fiontar, Trádála agus Nuáil chun tionscadal tosnaíthe gnó ‘Green Shoots’ a sheoladh.

Tá an tionscadal nua ag cur áiseanna oifige agus traenála ar fáil saor in aisce ar feadh naoi mí i lári-onad gnó ‘Macroom E’ ar an mbaile.

Beidh deich iarrthóirí ó cheantar Mhúscraí á roghnú an mhí seo chugainn don chlár píolóta, agus beidh siad siúd a n-éireoidh leo ag dul i mbun gnó i mí Mheithimh.

Tá Green Shoots á reáchtáil ag Macroom E, agus an t-airgead á chur ar fáil ag Bord Fiontair Dheisceart Chorcaí agus ag an gComhairle Chontae. Tá an clár ag ofráil tacaíocht ar leith dóibh siúd atá dífhostaithe ach an díograis a bheith iontu tabhairt faoin obair.

Ag labhairt dó ag an seoladh in Óstán an Chaisleáin, dúirt Maor an Chontae Derry Canty go raibh sé féin gan obair tráth tar éis dó a bheith scaoilte chun bealaigh ó chomhlacht tar éis 21 bliain a chaitheamh leo, agus gur thug sé faoina ghnó féin a thosnú ar deireadh.

Léirigh an slua an tsuim ba mhó sa mhéid a bhí le rá ag an aoichainteoir, an Dragon Bobby Kerr (a bhí i Maigh Chromtha cheana i 1977 ag féile an Mountain Dew). Thug sé le fios nach raibh aon chabhair airgid ón stáit aige féin nuair a chuaigh sé i mbun gnó, agus chuir sé béim ar an tábhacht a bhaineann leis an ngnó beag, agus ar an bhfionnadh le haghaidh easpórtála.

Reáchtáladh taispeántas eolais gnó mar chuid den lá fiontraíochta ag an ócáid cheanna san óstán, agus bhí ionadaithe ó Údarás na Gaeltachta i láthair, chomh maith le seastáin ann le Fás agus Fiontraíocht Éireann.

Bhí an Comhairleoir Aindrias Ó Muimhneacháin ó Chúil Aodha i láthair, chomh maith leis an Teachta Dála Michael Creed, agus roinnt de lucht gnó ó Ghaeltacht Mhúscraí.

Tá go dtí an 21 Bealtaine ag daoine iarratas le haghaidh Green Shoots a chur chuig Macroom E agus is féidir tuilleadh eolais d’fháil ag www.greenshootscork.ie.



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Máire Ní Bhraonáin, Paul Brady agus Mundy i dTábhairne Leo

le hEoin Mac Garvey

Beidh ceol go leor le cloisteáil i dTábhairne Leo i Mín na Leice, Tír Chonaill an deireadh seachtaine seo nuair a bheas ceolchoirm le leithéidí Moya Brennan, Paul Brady agus Mundy ar an stáitse.

Is é seo an chéad cheann de shraith ceolchoirmeacha a bheas á reáchtáil le hairgead a bhailiú don ghrúpa ATP (Alternative to Pylons) atá ag cur in éadan phlean Bhord Soláthair an Leictreachais agus Eir-grid píolóin agus cuaillí móra leictreachais a thógáil fríd Ghaeltacht Thír Chonaill mar pháirt den phlean do líne 110kv ó na Gleantaí go Leitir Ceanainn.

Tá cead tugtha ag an mBord Pleanála d’Eirgrid agus don BSL dul ar aghaidh leis an bplean in ain-neoin an méid trup atá á thógáil faoi.

Beidh na línte cumhachta seo á dtabhairt fríd 102km d’áiteanna SCENIC i nGaeltacht an Chontae ar phiolóin trí scór troigh ar airde agus beidh roinnt fostáisiún le tógáil chomh maith in áiteanna faoi leith. De réir choiste an ATP beidh an líne agus na píolóin ag dul fríd áiteanna a thagann faoin scéim SAC (Special Area Conservation) agus measann siad go gcuirfidh seo isteach ar an timpeallacht.

Meastar go mbeidh an BSL anois ag iarraidh talamh a cheannacht leis an phlean a bhogadh chun tosaigh.

‘Sí Máire Ní Bhraonáin a bheas ag cur na ceolchoirme i láthair ar an Luan seo 3ú Bealtaine ag a mbeidh leithéidí Paul Brady, Glen Hansard, Mundy agus Sarah Siskind i gcuideachta go leor ceoltóirí eile. Meastar go mbeidh baill de Clannad ann ar an oíche chomh maith ach



Buaiteoirí Siansa. An grúpa ‘Ioscaid’ ó Iúr Cinn Trá in éineacht le Edle Ní Chuireáin, Ceannaire, RTÉ Raidió na Gaeltachta, Antoine Ó Coileáin, Príomhfheidhmeannach Gael Linn agus Robert Heuston, Irish Music Magazine. Bhain ‘Ioscaid’ Craobh Siansa Gael Linn ar an Domhnach seo caite sa Cheoláras Náisiúnta. Arna eagrú ag Gael Linn, le tacaíocht ó RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Irish Music Magazine, tá Siansa anois ar cheann de phríomhchomórtais cheoil/amhránaíochta na tíre.

tuigtear nach mbeidh an ceoltóir Enya ag glacadh páirte. Ar ndóigh is é Tábhairne Leo baile Enya, Mháire Ní Bhraonáin agus baill den ghrúpa Clannad. €25 a bhí ar na ticéid ach ar an drochuair níl aon cheann le fáil ar ór ná ar airgead.

Muineachán

Féile Oirghiall

THOSAIGH Féile Oirghiall na bliana seo san oíche aréir agus beidh sé ag leanúint leis go ceolmhar go dtí oíche Dé Domhnaigh. Seo an 41ú ceann de na féilte seo a bhíonn ar siúl i mBaile Mhuineacháin is atá eagraithe ag coiste áitiúil.

Beidh na céadta ealaíontóirí is ceoltóirí i láthair ag an Fhéile agus beidh na ceoltóirí in iomaíocht le chéile sna comórtais ‘Fidléir Oirghialla’.

Dar le Damhnait McKenna a oibríonn sa Market House i mBaile Mhuineacháin, ina n-eagraítear an fhéile, táthar ag súil le 4,000 cuairteoir, rud a chuirfidh go mór leis an gheilleagar áitiúil seo ar an teorainn.

Chomh maith leis an cheol, beidh neart ar siúl don Ghaeilgeoir chomh maith. Beidh Caifé le Gaeilge nó "Coffee agus cúpla focal" mar a thugtar air in Master Deery's Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh idir 12.00-15.00.

Beidh Club Glí le Conchubhar Mag Lochlainn ann, “is oíche nua de chómhra, ceol 's craic gach aon choicís ins an 'Lost And Found', Baile Muineacháin” é an club agus beidh sé mar chuid den Chaifé le Gaeilge an babhta seo. Beidh an scannán “Is fada an Bealach É” le taispeáint ann chomh maith.

Mar chuid den Fhéile fosta beidh An Caberet Craiceáilte, á chur i láthair ag Rónán Mac Aodha Bhuí ó Raidió na Gaeltachta, ar siúl Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh idir 20.00 - 23.00 in Tír na nÓg.

Ag an Chabaret beidh 'Bréag'-sárghrúpa reggae as Béal Feirste, Henrietta Game, Doimínic Mac Giolla Bhrighde (buaiteoir Chorn Uí Riada), Willy Beag Mac Giolla Bhrighde, Bríd Ní hÍcí agus Niall Hackett.

Bruscar i nGaoth Dobhair

le Judy Ní Ógáin

TÁ fadhb mhór le bruscar á dhumpáil go midhleathach i gceantar phortaigh gar don Charraig, Doirí Beaga i nGaoth Dobhair.

Chroch Comhairle Chontae Dhún na nGall fógra tamall siar, ag impí ar an phobal gan a gcuid bruscair a fhágáil ann, ach ar an drochuair níor tugadh aird ar an fhógra agus tá daoine fós ag leanúint ar aghaidh ag caitheamh a gcuid bruscair ar an láthair dhrhamhaíola mhídhleathach seo. Tá gach saghas bruscar á dhumpáil ar thaobh an bhóthair ann, rudaí ar nós doirtíl chistine agus cathaoireacha seomra suí. Fágadh clúidíní salach ann chomh maith agus tá sé seo ag cruthú imní i measc an phobail anois ar eagla go mbeidh an láthair inmhíolaithe le francaigh. Tuigtear go ndéanfaidh oighinn mhicreathonnacha agus earraí leictreacha dochar ollmhór don timpeallacht.

Damhsóirí Gaelacha chun 'Riverdance' a dhéanamh i nDoire

TÁ an Foras Ríoga Náisiúnta Bád Tarrthála, Loch Suilí agus damhsóirí Gaelacha as Contae Dhún na nGall chun páirt a ghlacadh in iarracht an churiarracht dhomhanda a bhriseadh leis an líne is faide ‘Riverdance’.

Tá an ócáid, a bheas ar siúl i nDoire ar an 9 Bealtaine, á heagrú chun airgead a bhailiú don Foras Ríoga Náisiúnta Bád Tarrthála agus

chun aird a tharraingt ar an obair thábhachtach tarrthála a dhéanann criúanna deonacha na mbád tarrthála go rialta. Feidhmíonn an charthanacht in Éirinn agus sa Bhreatain.

Seasann an churiarracht reatha ag 317 damhsóirí, a baineadh amach i Nua-Eabhrac i mí Iúil 2007. Tá an Foras ag súil go mbeidh dúbailt an méid sin damhsóirí i láthair i nDoire ar an lá. Beidh damhsóirí ó Chontae Dhún na nGall, Mhaigh Eo, An Chabháin, Chill Dara, Bhaile Átha Cliath, Aontroma, An Dúin agus Dhoire ag tógáil páirte san iarracht. Rinneadh teagmháil leis na mór-scoileanna Damhsa Gaelach le fáil amach an raibh suim acu a bheith páirteach san ócáid agus bhí an fhreagairt dochreidte.

Caithfidh gach damhsóir atá chun páirt a thógáil san imeacht, urraíocht £20/€20 a bhailiú chun a n-áit sa líne a chinntiú. Rachaidh gach pingin agus cent a bhailítear chun beatha duine ar farraige a shábháil.

Beidh ar na damhsóirí líne shingil fhada a dhéanamh ar bhrúach Abhainn an Fheabhail, ag tosú taobh amuigh d'oifigí Chomhairle Chathair Dhoire ag 11.00r.n. ar an 9 Bealtaine agus damhsa seite Lá 'le Pádraig a dhamhsa ar feadh cúig nóiméad gan stopadh. Is iad an seóghrúpa damhsóirí cáiliúla ‘Riverdance’ a tharraing clú agus cáil ar an damhsa seo an chéad lá riamh. Is é an láithreoir teilifíse Julian Simmons ó UTV a bheas mar fhear an tí ar an lá. Tosóidh an iarracht oifigiúil ag meán lae. Iarrfar ar aon damhsóir nach bhfuil ábalta damhsa go leanúnach ar feadh cúig nóiméad, seasamh siar amach as an líne, chun go mbeidh an iarracht ábalta leanúint ar aghaidh.

Déanfar taifead oifigiúil ar na damhsóirí a bheidh fágtha agus tá an Foras Ríoga Náisiúnta Bád Tarrthála ag súil go mbeidh an churiarracht reatha de 317 briste. Táthar ag súil go dtarraingeoidh timpeall 2,000 duine ar Ché na Banríona i nDoire ar an lá.

Ná caill an t-imeacht mór seo, is cinnte gur lá maith a bheas ann do theaghlaigh.

3 TUAIRIMÍ

An SDLP

Le Doiminic Ó Brolcháin, urlabhraí Gaeilge an SDLP, Iarrthóir an SDLP in Ard Mhacha Theas

IS cloch mhór ar phaidrín an SDLP í an Ghaeilge, sin mar a bhíodh nuair a bhí John Hume ina cheannaire ar an pháirtí agus sin mar atá sa lá atá inniu ann agus Margaret Ritchie ina ceannaire. Táimse féin bródúil as a bheith mar urlabhraí ag an pháirtí ar chúrsaí Gaeilge.

Is é an aidhm atá againn sochaí dhátheangach a chruthú ar an oileán seo, thuaidh agus theas. Tá an-chuid oibre ar siúl ar an talamh cheana ag an iliomad eagraíochtaí Gaeilge chun an aidhm sin a bhaint amach, eagraíochtaí mar Chonradh na Gaeilge, Glór na Gael, eagraíochtaí gaelscolaíochta, an Cumann Scoildrámaíochta, an Comhlachas Náisiúnta Drámaíochtaí, Gael-Linn, gan ach beagán díobh a lua, le cois na scátheagraíochtaí uilig a thugann tacaíocht dóibh ina gcuid oibre.

Ba mhaith linn go mbeadh seans ag gach Éireannach - is cuma cén cúlra polaitiúil atá aige - an Ghaeilge a fhoghlaim. Ní bhíonn an seans sin ag a lán daltaí scoile sa Tuaisceart. Creideann muid gur chóir iarracht a dhéanamh mar a rinneadh cheana féin scéimeanna a chur ar bun le go mbeadh daltaí ó gach cineál scoile in inmhe bunchúrsa Gaeilge a ghlacadh.

Tá ár mbaill ag obair ar son na n-eagraíochtaí seo go deonach agus tá an páirtí thar a bheith sásta gach tacaíocht pholaitiúil agus is féidir a thabhairt dóibh lena a gcuid a éascú. An tseachtain seo féin beidh ár mbaill i gComhairle an Iúir agus Mhonn ag tacú le Conradh na Gaeilge ar an Iúr deontas £100,000 a fháil le lárionad nua don Ghaeilge a fhorbairt sa chathair sin. Níl

anseo ach sampla amháin den tacaíocht a thugann an Páirtí don teanga.

Mar urlabhraí Gaeilge agus oideachais don SDLP bíim ar mo dhícheall i dtólamh cothrom na Féinne a fháil don Ghaeilge agus don Ghaelscolaíocht ón Roinn Oideachais sa Tuaisceart agus ó ranna eile rialtais. Bíonn seans agam an ghné seo den obair a chur chun cinn ag Coiste Oideachais an Tionóil nó ar urlár an Tionóil féin. Is minic mé i gcomhairle leis na heagraíochtaí gaelscolaíochta le cinnte a dhéanamh de de go bhfuil an Roinn ag déanamh gach ar féidir leis ar son na gaelscolaíochta.

Creideann an SDLP go bhfuil gá le reachtaíocht Ghaeilge sa Tuaisceart le cearta Gaeilgeoirí a chinntiú. Theip ar an fheidhmeannas ó thuaidh reachtaíocht teangan a achtú go dtí seo agus tá bille á chur chun tosaigh againne - ‘Bille na dTeangacha Oifigiúla’ a thabharfaidh cearta do lucht na tenagan i réimse leathan suíomhanna a bhaineann leis an saol poiblí - ina measc, an rialtas áitiúil, na cúirteanna, agus an Tionól féin ag Stormont. Tuigeann muid go maith nach mbeidh sé furasta tacaíocht a fháil don bhillle ach creideann muid gur fiú an iarracht a dhéanamh - arís agus arís eile go dtí go dtabharfar na cearta cuí do Ghaeilgeoirí.

Mura ndéantar an reachtaíocht a achtú faoin Tionól beidh orainn an cheist a ardú ag Westminster. Mar fheisire pairliminte don Iúr agus Ard Mhacha beidh mise i lár an aonaigh ag cur brú ar Rialtas na Breataine reachtaíocht teanga a achtú.

Ardán



An bhfuil rud le rá agat? An bhfuil smaoineamh agat? Tá Gaelscéal ag iarraidh ar dhaoine dul suas ar an Ardán i dtólamh : nuacht@gaelsceal.ie

Sinn Féin

le Niall Ó Donnghaile, Iarrthóir Shinn Féin i mBéal Feirste Thoir

TÁ Sinn Féin tiomanta go hiomlán d’úsáid agus do chur chun cinn na Gaeilge. Táimid tar éis troid, siúl, idirbheartaíocht a dhéanamh agus éileamh go ndéanfar cearta na mílte de lucht labhartha na Gaeilge a urramú go hiomlán - go háirithe ag rialtas na Breataine.

Ar bhonn laethúil ar chomhairlí, sa tionól, i dTeach Laighean agus i bParlaimint na hEorpa, táimid páirteach agus gníomhach sa troid ar son na teanga.

Iad siúd a roghnaíonn úsáid a bhaint as an Ghaeilge caithfidh siad bheith saor chun é sin a dhéanamh. Beidh Sinn Féin, ag gníomhú in éineacht le Gaeilgeoirí agus gníomhaithe Gaeilge eile, ag cinntiú go bhfaighidh muid Acht na Gaeilge. Ní mór cearta na gcainteoirí Gaeilge a bheith fréamhaithe go domhain i reachtaíocht.

Inár bpáirtí féin, tá muid tar éis comhordaitheoir Gaeilge a cheapadh chun treoir a thabhairt ar an obair a bhfuil gníomhaithe ag dul di, idir chomhaltaí Bhoird Fhoras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta agus comhaltaí tofa ó thuaidh agus ó dheas. Tá baill an pháirtí gnóthach agus gníomhach i réimse ábhar a bhaineann leis an Ghaeilge.

Eagraíonn muid ranganna i Stormont do na baill agus d’oifigigh eile. Cuireann muid roinnt polasaithe i bhfeidhm sa Tionól chun an Ghaeilge a chur chun cinn go gníomhach sna ranna atá againn agus bíonn muid ag obair go leanúnach le feabhsú agus snas a chur ar an teanga ar fud Stormont. Tá muid ag iarraidh go mbeidh

an Ghaeilge sofheicthe agus go ndéanfar gnáthnós di de réir a chéile san áit oibre. Ó thaobh Gaeloideachais de, táimid tar éis fás na hearnála Gaeilge a éascú agus anois tá 23 scoil agus 12 aonad ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge agus pleananna forbartha le go bunófar níos mó ná sin le linn na 18 mí seo chugainn.

Rinne an tAire Caitríona Ruane: £15 milliún de thogra caipitil a chur ar fáil do Choláiste Feirste, £2 milliún a chur ar fáil d’fhorbairt ábhar curaclaim trí mheán na Gaeilge, meitheal oibre thuaidh-theas a cheapadh chun acmhainní a fhorbairt trí mheán na Gaeilge, teastas iarchéime trí mheán na Gaeilge a mhéadú chun ocht múinteoir nua d’earnáil na gaelscolaíochta a chur ar fáil gach bliain, comhaontú a dhaingniú chun oibreacha caipitil ollmhóir 4 bhunscoil Ghaeilge a fhorbairt, trí Ghaelscoil nua a fhaomhadh, náiscoilleana nua a fhaomhadh, teangacha Príomha a thosú chun Gaeilge, chomh maith le Spáinnis, a thabhairt isteach i roinnt bunscoilleana.

I ranna eile, tá Sinn Féin ag cur i bhfeidhm na Cairte Eorpaí agus tá siad ag soláthar seirbhísí Gaeilge sna hearnálacha poiblí. Mar thoradh air seo, tá comharthaíocht dhátheangach, straitéisí Gaeilge do na ranna, agus ranganna Gaeilge do státseirbhísigh á maoiniú ag an roinn.

Chuir Sinn Féin béim ar chur chun cinn na Gaeilge ag Caisleán Hillsborough le déanaí. In idirbheartaíocht le Príomh-Aire na Breataine, fuair muid £12 mhilliún de mhaoiniú breise le haghaidh Chiste Craoltóireachta na Gaeilge agus £8 milliún do Chiste Caipitil nua Bonneagair.

AR NA BLAGANNA

An mbíonn tú féin ag treabhadh leat i ngort na blagadóireachta? An bhfuil tú ag iarraidh do bhlag a phoiblí? Abair le Gaelscéal faoi ag nuacht@gaelsceal.ie.

Grá faoi ghruaim:

Dar le BeLonG To youth bíonn a fhios ag daoine agus iad 12 cé a chuireann iad faoi gheasa. Aontaím ach ní thagann formhór na daoine amach in Éirinn go dtí go bhfuil siad ar a laghad 19. Ciallaíonn sé sin go bhfuil formhór na daoine aeracha i bhfolach ar scoil. Sin a thuig mise ar aon nós!
<http://nuaaois.blogspot.com/>

Trí Scáthán Go Doiléir:

Léigh mé an t-alt seo sa Mail Online a deir go ndeachaigh siad amú i dúnadh an aerspáis.

Iontas na n-iontas! Measaim gurb ’eo géarchéim bhréagach eile atá iarmhairtí diúltacha aici do dhaoine agus do ghnóthaí. Cén uair atá siad freagrach sna cineálacha seo de rudai? <http://agfoghlaim.blogspot.com>

Dialann Scott:

Suíim síos i gcaifé i Stáisiún Heuston; caife dubh agus croissant os mo chomhair, chomh maith le leabhar-nóta bán beag agus mo ghuthán. Tá’n turas tosnaithe Fiú anseo, ní féidir éalú ó chultúr na gcaifé ina bhfuil gach cathair Eorpach - Baile Átha Cliath ina measc - saite. Tá pub amháin, Supermacs agus dhá chaifé beag san fhoirgneamh. Cosúil le hÍomhá ó Londain nó ó Pháras, tá bean ag caitheamh aráin do cholmán atá caillte sa stáisiún. Déanaim dearmad ar m’americano

agus téim i dtreo mo thraenach.
<http://dialannscott.blogspot.com/>

Gaeltacht21:

Tá Conradh na Gaeilge ag cur an dá áras i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh de chuid na heagraíochta ar fáil do phobal na Gaeilge... Tá cúrsaí teagaisc Gaeilge ... á reáchtáil in árais Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh araon, agus is féidir le heagrais Ghaeilge nó daoine aonair eile seomraí a ghlaacadh ar cíós ón gConradh.
<http://gaeltacht21.blogspot.com/>

Mise Áine:

Léigh mé ar maidin go bhfuil Mae Sexton ag fágáil slán ag na PD’s agus ag crochadh a cóta anois ar chrochán Pháirtí an Lucht Oibre..... Is

é an smaoineamh a rith liom ar maidin, agus focail Mae Sexton á léamh agam, gurb é an trua é nach ndéanann gach polaiteoir sa tír seo an rud ceannann céanna, beagán ‘re-thinking’ of ‘what they believe in’ a dhéanamh, ar mhaithe leis an tír, seachas bheith de shíor ag mantráil go mantach ar mhaithe le páirtí.
<http://miseaine.blogspot.com/>

Cumann Scríbhneoirí Ura na Gaeilge:

Comhghairdeas le Proinsias Mac a’ Bhaird, ball den chumann s’againne, a bhuaigh Comórtas Uí Néill 2010 lena dhán “Bróga.” ...Scríobh Proinsias an dán seo tamall ó shin, nuair a maraíodh fear óg ar Árainn Mhór... Tá súil againn uilig go bhfeicimid “Bróga” i gcló go luath.
<http://scribhneoirioga.blogspot.com/>

Ar cheart don Chomhphobal Eorpach cosc a chur ar phionós corpartha?



Le Bernie Ní Fhlatharta

TÁ díospóireacht arís faoi chead bheith ag tuismitheoirí smacht fisiciúil a chur ar a gcuid gasúr, mar tá an Comhphobal Eorpach ag iarraidh cosc a chur ar phionós corpartha sa tír seo. Tá sé mídhleathach cheana féin sa tír seo ag múinteoir scoile iad a bhualadh ach níl an cosc céanna ar thu-

smitheoirí. Níl mise ar son gasúir a ionsaí go rialta ach níl a fhios agam céard atá mícheart le cúpla smitín a thabhairt mas gá. Is cinnte go bhfuil géarghá le gasúir a chosaint agus go minic in aghaidh a dtuismitheoirí. Tá ar a laghad dhá chúis in Iarthar na hÉireann faoi láthair ina bhfuil tuismitheoirí gafa mar gheall ar ionsaí fisiciúil agus gnéis a dhéanamh ar a gcuid páistí, chomh maith le heaspa aire cheart a thabhairt dóibh. Ach b'olc an rud é dá mbeadh riail ann, constaic, ag díriú ar cén chaoi le do chlann féin a thógáil. An é go mbeadh spiadóirí ann a chuirfeadh glaoch ar uimhir speisialta dá bhfeic-

fidís máthair nó athair ag tabhairt smitín beag do pháiste? An mbeadh cuireadh tugtha do ghasúir tuairisc a dhéanamh ar a dtuismitheoirí féin tar éis smitín? Cén teachtaireacht atá anseo? Fuair glúin s'againne neart bosanna, sa mbaile agus ar scoil, agus thug mé féin corrbhos nuair a cheap mé go raibh gá leis agus go minic ba é an t-aon bhealach é a d'oibrigh le smacht a chur ar mo chuid gasúr féin. Ba é an 'flip flop' an uirlis ab fhearr liom féin agus is iomaí tagairt a dhéantar dhó i dteach s'againne fós - mar chúis gáire anois. Ní dóigh liom go mbeidh aon teiripe ag teastáil uathu amach anseo. Bhí iontas orm nuair a chuala mé go bhfuil sé de chead fós ag tuismitheoirí

Níl mise ar son gasúir a ionsaí go rialta ach níl a fhios agam céard atá mícheart le cúpla smitín a thabhairt mas gá.

in California smacht fisiciúil a chur ar a gcuid gasúr ach go bhfuil coinníolacha leagtha síos. Níl cead bos a thabhairt ach amháin nuair a cheapann an tuismitheoir go raibh sí tuillte agus go raibh údar lena tabhairt. Níl mise ag caint ar phionós chrua a bhrisfeadh lámh nó a dhéanadh gortú mór ar dhuine, ach creidim go bhfuil gasúir an lae inniu imithe i ndiaidh diabhair agus nach bhfuil meas ar bith acu ar na hudaí agus ina dhiadh sin féin is iad is lú a buaileadh. Dar ndóigh, tá bealaí eile ann le smacht a chur ar ghasúir agus b'fhéidir gur cheart don Chomhphobal Eorpach airgead a chaitheamh ar oideachas mar sin in áit rialacha mar seo a thabhairt isteach.

Adolf Hitler agus an bóthar go Gaillimh



Le Conall Ó Móráin

BHÍ teoiric ann tráth gur thóg Adolf Hitler autobahn na Gearmáine chun a chuid saighdiúirí a bhogadh thart ó theorainn go teorainn go tapa. Níl an méid sin fíor de réir stair oifigiúil na autobahnen agus, chomh maith leis sin, níor fhéad Hitler a chuid tancanna a rith orthu ach an oiread mar go scriosfadh siad an stroighin. Is fíor, áfach, gur úsáideadh na autobahnen ar ócáidí chun ligean d'eitleáin an Luftwaffe tuirling, rud a bheadh spéisiúil le feiceáil ar an M50 againne! Togra cultúrtha níos mó ná togra cogaíochta a bhí i gceist leis na autobahnen mar bhí sprioc ag rialtas na Gearmáine go gcuirfeadh muintir na tíre aithne ar a chéile, rud a bheadh i bhfad níos simplí dá mbeadh siad in ann taisteal go mear ó bhun barr na tíre. Theastaigh ón rialtas an Ghearmáin a dhaingniú le chéile - tuiscint níos iomláine bheith acu gur Ghearmánaigh ar fad iad. Aidhm eile a bhí lena dtógáil ná poist a chruthú. Ag an uasphointe bhí 100,000 duine gafa le tógáil na mbóithre. Seo ag am go raibh lagtrá eacnamaíochta uafásach sa Ghearmáin, agus trasna na hEorpa - an lagtrá a chabhraigh le Hitler cumhacht a ghlacadh. Ag an am, seo cúig bliana is seachtó ó shin, ní raibh mórán eolaíocht ná tuiscint domhain ar chúrsaí eacnamaíochta. Tuairimí agus teoiricí laissez faire a bhí in

uachtar ag an am. Ba é an tuiscint ag an am ná go socródh an margadh gach ní dá scaoilfí leis. Dá mbeadh an iomarca oibrithe ar fáil agus dá bharr sin go mbeadh an dí-fhostaíocht ard, thitfeadh na rátaí pá go dtí pointe go mbeadh fonn ar fhostóirí breis post a chur ar fáil arís. 'Ghlanadh' soláthar agus éileamh an margadh am i ndiaidh a chéile. Bhí an teoiric seo go breá do na fostóirí agus dóibh siúd a bhí saibhir mar ba chuma leo siúd cén pointe ag a 'nglanadh' an margadh. Má bhí fear ag tuilleamh punt sa lá agus má bhí an-chuid fir eile díomhaoín go teoiriciúil agus go praiticiúil mar a tharla, d'fhéadfadh pá an fhir sin titim ina leath go deich scillinge (nó thart ar chaoga cent mar a d'fhéachfadh muid inniu air). Gan dabht bhí sé an-bhreá d'úinéirí monarchana go mbeidís in ann rátaí pá a ghearradh 50% ach bí cinnte nach mar sin a bhreathnaigh na hoibrithe ar an scéal. Cuimhnigh freisin go mbíodh na mílte fear ag obair ins na monarchana seo, tráth nach raibh an teicneolaíocht ach i dtús fáis agus daoine a rinne formhór obair gharbh na linne. Ré an-spéisiúil a bhí ins na tríochaidí. Bhí réabhlóideachas go forleathan. Bhí na cumannaigh agus na faisistí ag craobhscaoileadh a gcuid polaisithe nua polaitíochta. Bhí teoiricí nua eacnamaíochta ag teacht chun cinn freisin agus duine dos na réabhlóidithe ba mhó ag an am ná John Maynard Keynes, an Tiarna Keynes mar ab fhearr aithne air. Bhí coincheap ag Keynes nár chóir ligean don mhargadh a chuid a dhéanamh agus ligean don ghnáth-duine fulaingt. Chreid Keynes gur chóir don rialtas bheith sáite díreach i gcruthú éilimh ar earraí agus seirbhísí trí phoist a chruthú. Dá mbeadh




post ag duine bheadh ioncam aige. Dá mbeadh ioncam aige cheannódh sé earraí. Dá gceannódh sé earraí bheadh ar dhuine eile na hearraí sin a tháirgeadh agus chruthódh sé sin a thuilleadh post. Ba chuma le Keynes dá mbeadh daoine ag tochailt poill agus á líonadh arís, fad is a bhí post acu. Sin ceann dos na laigí lena theoiric, ach sin scéal eile. Ghlac comhairleoirí Hitler le teoiricí an Tiarna Keynes agus chuir sé muintir na Gearmáine thar n-ais ag obair. Tógadh na bóithre breátha agus tá siad fós acu in ainneoin an slad a deineadh sa dara cogadh domhanda. Tá roinnt de na autobahnen ochtó bliain d'aois. Ceithre scór bliain níos deireanaí tá muidne in Éirinn tar éis, faoi dheireadh, bóithre cearta d'fháil. Is maith liom a mheabhúr dár bpolaiteoirí go bhfuil muid trí ghlúin taobh thiar don Eoraip maidir le hinfreastúir.

Ré an-spéisiúil a bhí ins na tríochaidí. Bhí réabhlóideachas go forleathan. Bhí na cumannaigh agus na faisistí ag craobhscaoileadh a gcuid polaisithe nua polaitíochta. Bhí teoiricí nua eacnamaíochta ag teacht chun cinn freisin agus duine dos na réabhlóidithe ba mhó ag an am ná John Maynard Keynes, an Tiarna Keynes mar ab fhearr aithne air.

Thaistil mé an lá faoi dheireadh ó Bhaile Átha Cliath go cathair na Gaillimhe in dhá uair an chloig. Díreach mar ba cheart. An lá dár gcionn labhair mé le cara gur theastaigh uaidh cuairt a thabhairt ar Ghaillimh le cara leis. Ní raibh sé tar éis an bóthar go Gaillimh a thaisteal le bliain. Níor chreid sé mé nuair a dúirt mé leis nach dtógfadh an turas ach an dá uair an chloig. Bhí sé lándáiríre agus é ag rá liom gur cheap sé gur turas deireadh seachtaine a bheadh ann mar go mbeadh sé ró-fhada mar thuras lae. Seo ceann do na dea-scéalta atá fanta linn ón Tiogar Ceilteach. Chuir muid an-chuid airgid amú ach in ainneoin na n-iarrachtaí ba mheasa a rinne muid, d'éirigh linn cúpla rud maith a dhéanamh lenár gcuid airgid. Tá bóithre breátha againn anois ag ceangal bhailte móra na tíre agus gan ach dhá nó trí huair an chloig i gceist chun taisteal ó thaobh taobh na tíre. Faoi dheireadh, is féidir leis an IDA bheith dáiríre agus iad ag mealladh gnó eachtrannach go dtí an tír seo nuair a deir siad leo gur féidir taisteal go tapa go dtí aerfoirt idirnáisiúnta, bunriachtanas ag gach gnó idirnáisiúnta. Ó bunaíodh an Stát tá i bhfad an iomarca gnóthaí tar éis lonnú thart ar an bpríomhchathair. Dá bharr gur ansin a bhí agus atá formhór phoist na tíre is thart ar an gcathair a bhíonn fonn ar dhaoine maireachtáil. Ach drochrud don tír ina hiomláine an méid sin mar go gcuireann sé glan i gcoinne forbairt réigiúnda, rud a thugann seans do dhaoine fás, fanacht agus bheith fostaíthe lasmuigh den Pháil. B'fhéidir, ach b'fhéidir, as seo amach nach gceapadh Baile Átha Cliath agus a mhuintir gurb iad féin agus gurb i a gcathair ceartlár na cruinne.

Eagarfhocal



Sinn Féin, SDLP agus an Ghaeilge

CUIREANN muid fáilte roimh an díograis is an dílseacht don teanga atá léirithe ag an dá pháirtí náisiúnacha ó thuaidh agus ag lucht na Gaeilge iontu. Is maith an rud é go bhfuil comórtas ann eatarthu leis an díograis seo a chothú agus is féidir le gníomhairí teanga an comórtas sin a úsáid chun brú a chur orthu beirt i gcónaí ó thaobh na teanga de, ach is straitéis ghearrthréimhseach sin.

Ní neart go cur le chéile, b'fhearr i bhfad don Ghaeilge agus do lucht labhartha na Gaeilge dá mbeadh siad beirt ar aon fhocal fá chúrsaí Gaeilge agus go labhródh siad d'aonghuth ar an ábhar seo.

Tá na páirtithe Aontachtacha ag troid le chéile chun a chruthú gurb iad féin an páirtí is naimhdí don Ghaeilge is don chultúr gaelach ó thuaidh ach, go bunúsach, tá siad aontaithe ar an cheist, fiú más bunaithe ar aineolas agus ar éadulaingt an t-aontas céanna.

Ba cheart go mbeadh polasaí amháin láidir ar son na Gaeilge ag an dá pháirtí agus ba cheart go mbeadh comhoibriú eatarthu ar an cheist, is ró-furasta do namhaid na Gaeilge neamhaird a dhéanamh ar chearta teanga a fhad is nach bhfuil an dá pháirtí ag seasamh le chéile.

Deireadh leis an Stair?

NUAIR a scríobh an fealsamh Francis Fukuyama a leabhar The End of History in 1992 b'fhurasta a théis a chreidiúint, go raibh deireadh le stair pholaitíochta an chine dhaonna le 'bua' an daonlathais liobráligh ar an sóisialachas ollsmachtach.

Le teacht chun cinn an Ioslamachais bhunchreidmhigh, rinneadh dochar do chreidiúint na teoirice sin.

Duine ar bith a bhfuil na 'díospóireachtaí ceannaireachta' ó olltoghchán na Breataine feicthe acu áfach, b'fhurasta dóibh smaoineamh go raibh an ceart ag Fukuyama i ndeireadh na dála.

Is beag difear atá idir na páirtithe, na Liobráligh, na Lábaraich is na Tóraithe i ndáiríre.

Tá David Camerson ag caint fá cho-saint na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte mar a bheadh daonlathach sóisialach ann, tá Gordon Brown ag caint fán gheilleagar mar chaipitlíoch déanta agus i gcead do Nick Clegg, is liobráligh iad ar fad.

Níl mórán difir eatarthu ar chor ar bith seachas a gcuid pearsantachtaí.

Is tábhachtach na pearsantachtaí seo ar an ábhar go bhfuil córas parlaiminte na Breataine, i ndáiríre, ina chóras uachtaránachta anois. Ní maith an rud é seo don daonlathas.

Táthar ag súil go gcoinneoidh lucht vótála na Breataine i gcuimhne nach 'reality tv show' é an toghchán seo ach go bhfuil siad ag roghnú an duine a bheidh ag riar gheilleagar s'acu ag am iontach tábhachtach.

LITREACHA chuig an Eagarthóir



Cuirtear litreacha chuig litreacha@gaelisceal.ie. Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

"Mo chlann féin do dhíol a máthair"

Eagarthóir, a chara,
Re. "Comórtas Peile na Gaeltachta gan Slua?", Eagrán Aibreán 16 2010
Is léir nach ndearna mé soiléir dod' thuairisceoir ceard a bhí i gceist agam le "nach gcuireann sé ionadh ar bith orm go bhfuil Shell ag déanamh na h-urraíochta seo", i.e. ar Chomórtas Peile na Gaeltachta i mBéal an Mhuirthead Co. Mhaigh Eo.

Tá bac ar Shell go h-idirnáisiúnta breabanna a thúirt, de réir a bhall-raíocht san Extractive Industries Transparency Initiative agus tríd is tríd choinnigh an comhlucht leis an chosc sinn go dtí 2006 nuair a mhol Peter Cassells dhó, thar ceann an Rialtais, breabadh a fhéachaint nuair nach raibh ag éirí leis an mbagairt. Tá brat pingineacha dá scaipeadh ó shoin ach tuigim nach bhfuil aon bhriseadh dlí i gceist ó tharla ceadúnas an Rialtais ag Shell.

An t-ionadh nach raibh orm ná gur ghlac Comórtas Peile na Gaeltachta leis an urraíocht. Tá aithne againn ar bhaill an Choiste atá áitiúil do Bhéal an Mhuirthead - tá siad bocht , na créatúirí! I rith na seachtaine ar an raidio áitiúil MWR, dúirt na baill seo nach mbeadh an CLG i nan an comórtas a rith i mBéal an Mhuirthead gan airgead Shell. Nach aisteach gur éirigh le Chlub Chill tSeíne, Bangor in Iorras, an

comórtas a airgeadú go seoighe beagán de bhlianta ó shoin glan amach ón gcúnamh deighilteach seo. Ach, dar ndóigh, níltear bocht i mBangor.

"Mo chlann féin do dhíol a máthair": ní inné ná inniu a thosaigh sé - ní amárach a thiocfas sé chun deiridh.

Micheál Ó Seighin, Ceathrú Thaidhg, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.

Freagra 'an aosa óig'

A Eagarthóir, a chara,
Is trua gur de bharr chúis náire atá mé ag cur mo chéad litir ag Gaelscéal. Tagraím don Eagarfhocal - Uachtarán Chonradh na Gaeilge ón Aoine 23ú Aibreán 2010.

Mo náire as thú as ucht an méid a scríobhadh i dtaobh na daoine óga a d'imigh ón halla tar éis toradh an toghcháin. Ní féidir liom labhairt ach faoi mo chás féin, ach nach dtuigeann "na daoine níos sine" mar a ghlaoigh tú féin orthu, gur mór an taisteal agus an costas a bhain le freastal ar an Ard-Fheis, agus scrúdaithe ar bun ag mic léinn. Thaistil mé féin agus mo chomhghleacaithe ar feadh 8 uair a chloig agus d'íocamar as lóistín, le freastal ar an Ard Fheis, AGUS muid i lár scrúdaithe. An bhfuil sé do cheart agat na daoine óga a chrá agus a rá nach féidir "daoine óga a thrust" de bharr nach bhfuil an deireadh seachtaine

ar fad agamsa le bheith ag suí thart? Ba chuma cén toradh a bhí ar an toghchán, ach bhí turas fada eile le dul ag cuid mhaith againn.

Mar a luaigh Mac Fhearghusa féin san alt faoin toghchán, níor cheistíodh duine ar bith a d'imigh amach, agus ní mór duit do chuid sonraí a chinntiú sular gcuirtear i gcló iad. Tá tú ag cruthú scoilte, nach bhfuil ann idir "an t-aos óg" agus na "daoine níos sine" agus ní chabhraíonn a leithéid do thuairimí leis an "scoil" seo a scríosadh.

Má tá slua do dhaoine óga de dhíth ort, ní gá ach cuairt a thabhairt ar oíche na mac léinn, i 6 Sráid Fhearchair Baile Átha Cliath 2 nó ag oíche na mac léinn in aon chraobh don Chonradh sa tír seo. Nár cheart duit a bheith ag ceistiú cén fáth a chuirtear an Ard-Fheis ar siúl ag am atá feiliúnach ach do "na daoine níos sine" amháin?

*Le meas
Ainm leis an eagarthóir*

Paidrín an Léitheora

A Eagarthóir, a chara
Tagraím go litir Ghabriel Rosenstock (23ú Aibreán).

Tuigim go bhfuil dúshlán romhaibh freastal ar ilghnéitheacht pobal na Gaeilge laistigh de 32 leathanach. Sílim áfach má tá pobal le cothú ag nuachtán, gur pobal léitheoirí atá le cothú! Is mó seans gur léitheoirí a léifidh Gaelscéal. Agus tá an litríocht ar na clocha is

mó ar phaidrín an léitheora.

Creidim freisin go bhfuil branar iriseoireachta ar fiú treabhadh anseo díbh. Caitear airgead Stát ar litríocht na Gaeilge. An bhfuil muid ag fáil luach ár gcuid airgid? An bhfuil ár n-ollscoileanna ag cíoradh agus ag saothrú na litríochta agus an chritic go héifeachtach? An fíor gur mó scríbhneoir ná léitheoir Ghaeilge ann? Tuigean an bhfuil sé deacair teacht ar leabhair i nGaeilge? Cad is "leabhar mór ráchairt" i nGaeilge ann?

Sílim gur fúibh atá sé ardán a thabhairt, agus cuireadh gníomhach, do aos pinn agus léinn na Gaeilge, do léirmheastóirí, foilsitheoirí agus scríbhneoirí. Agus a bhfuil le rá acu a chíoradh agus a iniúchadh chomh maith!

is mise, i mo léitheoir dóchasach,
*Aonghus Ó hAlmhain
89 Páirc na Seilbhe
Baile an Chinnéidigh
Co Chill Mhantáin*

Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge

A eagarthóir, a chara,
Is le hiontas a léigh mé do thuairisc agus d'eagarfhocal ar Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge. I dtosach báire ba mhaith liom roinnt rudaí a shoiléiriú. Díreach ina dhiaidh toradh na hUachtaránachta bhí ceardlann ar fhorbairt craobhacha

áitiúla ar siúl.

Ní haon masla nó gníomh mothaithe a ba chúis lenár bhfágáil na halla. Sna hollscoileanna bímid ag idirghníomhú le daonra neamhchónaitheach agus ní hionann ár obair agus an obair iontach atá ar siúl ag go leor de na craobhacha eile go háitiúil. Freastalaíonn Conradh na Gaeilge ar ár sainriachtanais i ndeireadh seachtaine traenála a eagraíonn Ardoifig na heagraíochta chuile bhliain dírithe go príomha ar na Cumann Gaelaigh go léir ag tús na bliana acadúla.

Níor fhreastal mé ar aon Ard-Fheis roimh ceann na bliana seo ach i mbliana chinn dosaen ó Chumann Gaelach OCBÁC araon le grúpaí ó institiúid tríú leibhéal eile freastal ar an Ard-Fheis agus guth a bheith againn ag leibhéal náisiúnta na heagraíochta. Fuair muid neart aiseolas dearfach ónár láithreachta, an líon is mó den aos óg a bhí ann le fada an lá. Ní hé go raibh rannpháirtíocht na gcoláistí le feiceáil ina iomláine ach tá súil againn go fásfaidh rannpháirtíocht gníomhach baill an Chonartha sna Coláistí de réir a chéile. Ag deireadh na dála tagann tromlach de bhall-raíocht an Chonartha óna Cumann Gaelaigh. Mar ghrúpa óg tá muid airdeallach agus an-bhuíoch don obair a rinne na glúin romhainn ar son na Gaeilge agus baill reatha an Chonartha ag saothrú i gcrabhacha go deonach ar son na Gaeilge.

*Le dea ghruí
David Butler
Cathaoirleach An Cumann Gaelach ÓCBAC*

“Fear na bó féin fán a heireaball!”



Le Páidí Ó Lionáird

TÁ faobhar á chur ar na sceana. Sea, bígí cinnte de go bhfuil Ard-Rúnaithe, Rúnaithe Cúnta, Céad Oifigigh agus a bhfeidhmeannaigh siúd sna Ranna rialtais éagsúla ag cuimilt a lámh faoi láthair agus iad ag réiteach birt de réir bhriathra réamhtheachtaithe a nAiri nua a chur i gcrích ar deireadh thiar thall.

Agus is deimhin go bhfuil scata beart faoi réir ag cuid de na boic shóisearacha atá ag lorg ainm a dhéanamh dóibh féin. Tá dian-chíoradh ar bun acu faoi láthair ar cad a bhí geallta, cad a bhí ráite agus beifear á gcur ar an meá i dteannta a gcomh-mholtaí i dtuairisc an Bhoird Snip Nua.

Ó, cheap sibh go raibh an tuairisc sin caite i leataobh an ea? Go raibh pé moltaí úsáideacha a bhí ann curtha i gcrích is sna trí cinn de bhuiséid éigeandála an bhliain seo caite agus gur sin sin an ea? Bhuel mo léan lom, níl siad ach ag tosú agus níl Tuairisc Mhic Cárthaigh imithe in aon áit, geallaim daoibh!

Féachaimis ar chorr-ábhar as barr mo chinn a d’fheadfadh an tAire Pat Carey a phiocadh as an liosta “le

déanamh” laistigh den Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (GPT&G). Ar ndóigh dúirt Mac Cárthaigh gur cóir doras na Roinne seo a dhúnadh ar fad agus an dea-obair a bhí déanta a ligean le sruth.

Limistéir Ghaeltachta. Ó seo ceann ceart go leor. Cinnte tá toradh ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (teideal fíor-chuimsitheach cinnte) ach táim cinnte nach iad na torthaí a cheap údair an Staidéir a bheadh ann. Dá mba iad, seans go mbeadh go leor ceantair Ghaeltachta tógtha as an áireamh, mo cheantar dúchais féin ina measc.

Ní chuirfeadh sé seo as don Aire úd ar ndóigh ach chuirfeadh sé as don iar-Aire dá mbeadh an toradh céanna ar an scéal i gCorr na Móna nó san Fhairchí, a cheantar baile féin. Ar an láimh eile, níl aon nasc ná ceangal ná cúis ar leith go mbeadh an drogall céanna ag déanamh tinnis don Aire nua Pat Carey. Foras na Gaeilge. Seo ceann eile. Anois tá sé seo níos casta i bhfad ná cás na limistéra Gaeltachta, óir tá limistéir eile ar fad i gceist le seo. An tuaisceart nó de facto an Bhreatain.

Ní dócha gur mó ná sásta atá an tIar-Aire GPT&G go bhfuil freagracht agus cumhacht ag Aontachtóirí an tuaiscirt i ndul chun cinn na Gaeilge ó thuaidh agus ó dheas. Tá agus beidh de réir reachtaíochta.

Údarás na Gaeltachta. Cad is féidir a rá faoin Údarás nach bhfuil ráite agus pléite cheana féin? Is léir go

Cinnte tá toradh ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (teideal fíor-chuimsitheach cinnte) ach táim cinnte nach iad na torthaí a cheap údair an Staidéir a bheadh ann. Dá mba iad, seans go mbeadh go leor ceantair Ghaeltachta tógtha as an áireamh, mo cheantar dhúchais féin ina measc.



Pat Carey

raibh na saigheada nó diúracáin dírithe ag Mac Cárthaigh ar an Údarás agus é ag lorg gach bior dá chuid a mhaolú. Léiríonn scéal an chomhlachta Cambus sa Spidéal cé chomh teoranta is atá cumhachtaí cur chuige an Údaráis. Más mar sin atá anois, ní mór don Aire faobhar a chur ar bharr na mbiora céanna má tá breis cumhachtaí le bronnadh ar an Údarás chun an Straitéis Ghaeilge (Plean 2028) a chur i bhfeidhm. Fad is nach mbronntar an dualgas sin ar an Roinn Oideachais, déanfar dul chun cinn éigin.

Dúirt duine éigin i mo chomhluadar an oíche faoi eile go raibh an tAire O Cuív thar barr i mbun micrea-bhainistíochta – .i. ag tabhairt aire don uile ní gar dá mhuintir féin. Nach é sin an ghairm úd? Is ea, ar shlí. Tá siad ann áfach a déarfadh go bhfuil céibh nua i ngach baile fearainn cois fharraige agus is cinnte go bhfuil go leor acu ann ceart go leor.

Nach é an trua é nach bhfuil iascairí nó báid phléisiúir ann chun freastal orthu? Nár dheas dá mbeadh calafort Ros a’ Mhíl forbartha chun crua-las-tas na cathrach a thógaint ar láimh agus deis anála a thabhairt do dhuganna na Gaillimhe? Chonaiceamar na buntáistí ar fad a bhí leis an sos a tugadh dó anuraidh nuair a bhí Rás Aigéin Volvo ar cuairt. Fuair Gaillimh a scamhóga ar ais ar feadh seala. Tá a fhios againn, dá bharr, cén buntáiste a bheidh le filleadh an ráis chéanna ar Ghaillimh in 2012 ach an t-am seo, go mbeidh Gaillimh mar chríoch-chalafort agus níos mó fiúntais agus breisluach san ócáid don chathair, don iarthar agus don tír ar fad!

Nach mór an trua é mar sin nach bhfuil aon áis cheart sa Ghaillimh inar féidir gnó na luamh saoire náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhealadh agus a cheangal i dtír? Áis a bheadh ann a mhaireadh i bhfad i ndiaidh na hócáide sin.

Oidhreacht a mbeadh aon pho-laiteoir in ann seasamh os a comhair agus a rá, bhuel dheineas é sin agus ní timpeallán ar imeall an bhaile ná céibh i ngan fhios a atá ann.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Abhrán 25, 1931

An lucht Oibre Chuige

DUBHAIRT sé go mbadh mhaith an rud é an dream éigin do theacht chun tosaigh le linn an chéad toghacháin eile agus a chur rompu an Ghaedhilg a bhaint de chlár na scoileanna, agus gur mo bhóta a gheóbhaidís ná faighfidís ar aon tslighe eile, agus molann sé do pháirtidhe an lucht oibre tabhairt fé.

Tá anamheas againn ar an lucht oibre, i bhfad níos mó ná mar atá againn ar na Professional Gentlemen, acht ní dóigh linn go raibh aon pháirtidhe aca i n-aon áit fós ar fuaid an domhain nár thug cúl láimhe leó an tuisce is a bhíodar féin i n-uachtar.

Tá páirtidhe an lucht oibre scáinte go maith fé láthair agus má thriaileann siad é is mó an dochar ná an mhaithreas a dhéanfaidh sé

dhóibh, agus beidh an scéal céadna aca is a bhí ag aitheoir na seanaim-sire tráth bhuail an mhiúil speech air ná raibh fanta dhe ar deire acht an cleite bhí ar a hata. Muna bhfuil Thompson agus an Professional Man sásta leis an saoghal do mhol-faimís dóibh dul ag triall ar an gCoimisiún um Cheapacháin Áiteamhla agus badh cheart go bhfuighfidís post air, mar de réir an saghas íntinne loighic agus meóin atá aca do bheidís oireamhnach go maith dhó.

Mussolíní agus Cluithchí Gallda

DE réir gach tuairisce níl Mussolíní ró-bháidheamhail ar fad le na lán de na cluithchí gallda agus do thoirmeasc sé ar na macaibh léighinn go bhfuil baint aca leis an bhfascismo cuid mhaith aca a thaithighe is a chleachtadh.

Dar leis féin ní dailtíní a theastuigh uaidh san Íodáil act fir óga go mbeadh éirim agus teacht aniar ionnta, agus ar an adhbhar san nár mhaith leis go gcleachtfaidís cluithchí iasachta gan dealramh go mbeadh ainmneacha áiféiseacha ortha, gur áil leis go mbeadh fear-amhlacht éigin ag gabháil leis na h-Íodálaigh agus nár theastaigh uaidh go mbeidís ’na moncaidhthe ag déanamh aithris ar “airc luachra an snobbery is na seómraí sámháin.”

Cultúr

DO mhol H. Franklin, Sligeach, an obair a bhí á dhéanamh ag an gConradh, ag na scoileanna is ag cumainn eile maidir leis an nGaedhilg is an ceól Gaedhealach agus dubhairt sé go bhfuil borradh mór mór ag teacht i gcúrsaí rínnci, píobaireachta agus drámaidheachta. Dubhairt sé gur againne atá an ceól tuaithe is fearr ar domhan agus go mbadh cheart gur mór an chabhair é le scoil náisiúnta ceóil a chur ar bun.

An Snob Náisiúnta

BÍONN páipéar “náisiúnta” na tíre ag síorchur síos ar cheart na ndaoine agus go mbadh chóir gur ortha a bheadh stiúiriughadh agus riaradh na tíre, agus san am gcéad-na bíonn sé i gcómhnaidhe a d’iarraidh na tuairimí is na cluithchí a bhíonn ag roinnt bheag eile ghaigíní sa tír seo a chur i bhfeidhm ar na Gaedhil.

Is maith linn, ámhthach, ná fuil céird na scríbhneoireachta rómhaith i n-aonchor ag na daoine atá i mbun an pháipéir sin agus ar an adhbhar san ná fuil an ghaigín-teacht a bhíonn á fógairt aca dulta i bhfeidhm ar na Gaedhil de réir méid na fógraidheachta. Le déanaighe do chuaidh toscaireacht ó Chumann na Lúithcleas na nGaedhealach ag triall ar Choisde Otharlann na nGealt i dtaoibh páirce a bhí á lórg aca féin is ag lucht cluithchí nGallda i gcóir

cluithchí peile.

Dubhairt P. Mac Gabhann a bhí i gceannas na toscaireachtra nár mhaith leis aon mhaingínteacht ná aon bhaint a bheith aca le lucht na gcluithchí n-iasachta, mar ná raibh ins na cluithchí sin acht saghas ceangail chun seóiníní na tíre seo a thabhairt is a tháthughadh le céile.

Muinntir Innis Caoí

TIMPEALL le trí bliadhna ó thoin do bádhadh naonbhar de na h-iascairí a chómhnaidheann ar oileáin Inis Caoí agus mar gheall ar an saoghal annródhach a bhíonn aca ann d’iarr muinntir na h-áite ar Riaghaltas an tSaorstáit iad d’aistriúghadh go dtí an mhórthír agus gabháiltisí talmhan a chur i n-áirithe dóibh ann. Tugadh isteach go dtí an mhórthír le déanaighe iad. Tá na feirmeacha le fagháil aca agus tógfaidh Coimisiún na Talmhaidheachta tighthe dóibh.

4 CÚRSAÍ SAOIL

Sinéad Ní Neachtain, Eagarthóir Galway Now



Le Treasa Bhreathanch

I Sas Cor na Rón, Indreabhán, Co. na Gaillimhe í Sinéad Ní Neachtáin, an t-aon chailín as clann de chúigear, atá anois ag obair mar eagarthóir grúpa ar na hirisleabhair Galway Now, Weddings Now agus Limerick Now. Deir Sinéad go raibh sí i gcónaí ag iarraidh a bheith ag obair sna meáin chumarsáide, cuimhníonn sí a bheith ar an mbunscoil ag imirt cluichí lena cairde agus ag déanamh aithrise ar léitheoirí nuachta an ama, Anne Doyle agus Richard Crowley.

Is ag déanamh céime sa mhargaíocht agus tSeapáinis a thosaigh Sinéad amach i gColáiste DCU, ach níor thaitin sé sin léi agus is le céim san iriseoireacht a chríochnaigh sí. Don taithí oibre a bhain leis an gcúrsa ní raibh aon áit go raibh Sinéad ag iarraidh dul ach go RTÉ. Rinne sí iarratas dóibh, ach ní bhfuair sí aon fhreagra ar a litir iarratais. Sheol sí an dara litir go Micheal Goode, eagarthóir Nuachta RTÉ ag tabhairt amach dó nach raibh RTÉ ag tabhairt seans d'iriseoirí óga. Cé nach raibh a fhios aici ag an am bhí sí roghnaithe ag RTÉ do thaithí oibre agus ní dhearna Micheal Goode dear-mad uirthi riamh mar gheall ar a litir. Tar éis cúpla bliain di a bheith ag obair do RTÉ, dúirt sé léi go raibh sé sásta fiú gur sheol sí an litir seo mar gheall gur thaispeáin sé gur bhean threallúsach í. Léigh sí an nuacht ar 2fm, Morning Ireland, an Nuacht ag a hAon agus an nuacht ar RTÉ 2, an duine ab óige sa tír ag an am a bhí a dhéanamh. Tar éis roinnt blianta in RTÉ bhí cumha uirthi i ndiaidh an bhaile, agus fuair sí post ag iriseoireacht le TG4.

Is nuair a bhí Sinéad ag obair do Galway Bay FM a chas sí lena fear céile Jimmy Norman, agus go gairid tar éis an ama seo chomh maith a tháinig Patricia McCrossan chomh fada léi ag iarraidh í a fhostú mar eagarthóir ar Galway Now. B'iarratas é seo a raibh ar Shinead smaoineamh air ar feadh tamaill mar gheall nár oibrigh sí le hirise cheánna, ach anois tá sí tar éis a bheith mar eagarthóir ar an ngrúpa Galway Now ar feadh 5 bliana.

Phós Sinéad Jimmy Norman i mí Bealtaine 2006 agus, cosúil le roinnt



mhaith lánúineacha óga rinne siad an cinneadh gur mhaith leo clann a thosú. Bliain tar éis do Shinéad agus Jimmy pósadh fuair sí amach go raibh sí ag súil ach ní bóthar éasca a bhí amach rompu. Chaill siad a bpáiste, “am uafásach i mo shaol” a deir Sinéad. Ba í an cineál duine í ar thaitin léi a bheith

ullmhaithe agus a cheannaigh agus léigh na leabhra uilig nuair a fuair sí amach go raibh sí ag súil. Níor léigh sí na leathnaigh mar gheall ar bhreith anabái mar nár cheap sí riamh go dtarlódh a leithéid di. D'fhág an eachtra thubaisteach seo Sinéad agus Jimmy in ísle brí.

Tar éis roinnt míonna fuair sí amach go raibh sí ag súil arís ach ní raibh gach rud mar ba cheart an babhta seo ach an oiread. Ba thoircheas eachtópach a bhí aici, agus chaill siad an dara páiste dá bharr seo. Ins dhiaidh seo ní raibh Sinéad cinnte a mbeadh sí in ann páistí a bheith aici ar chor ar bith. Ag an am, bhí sí ag cur Miriam O' Callaghan faoi agallamh, bean a bhfuil ochtar paistí aici féin. Thosaigh an bheirt ag caint faoi thrioblóidí Shinéid agus chuir Miriam comhairle uirthi gan dóchas a chailleadh agus muna mbeadh sí in ann gasúr a bheith aici dul faoi chóir leighis torthúlachta, rud a rinne sí féin.




Is anuraidh a tharla, “an rud is fearr a tharla dom i mo shaol” nuair a rugadh

B'í an cineáil duine í ar thaitin léi a bheith ullmhaithe agus a cheannaigh agus léigh na leabhra uilig nuair a fuair sí amach go raibh sí ag súil. Níor léigh sí na leathnaigh mar gheall ar bhreith anabái mar nár cheap sí riamh go dtarlódh a leithéid di.

a mac Eric go nádúrtha. Deir sí go bhfuil a phearsantacht féin aige cheana féin, nuair nach bhfaigheann sé a bhealach féin cailleann sé an bloc ach taobh leis sin bíonn sé ag gairí an t-am uilig. Is leasmháthair Sinéad do Khatie (13) agus Sarah(7) atá an-mhór le hEric chomh maith. Is i gCorcaigh atá siad ina gcónaí go lánaimseartha agus aon uair atá siad thuas le haghaidh deireadh seachtaine deir Sinéad nach bhfeiceann sí Eric ó mhaidin go hoíche.

Tá brú faoi leith ar Shinéad mar eagarthóir ar Galway Now, ag eagrú na dtaifead faisin, na scéalta, deichniúr foirne agus ag iarraidh an t-airgead fógraíochta a thabhairt isteach. Ag an deireadh seachtaine ní bhíonn uaithi ach dul abhaile agus dul a chodladh ach le gasúr óg aici anois ní féidir léi é seo a dhéanamh, rud nach gcuireann isteach uirthi beag ná mór.

Bíonn Galway Now/Limerick Now sna siopaí an chéad seachtain de gach uile mhí le Weddings Now á fhoilsiú faoi dhó sa mbliain.



Le Treasa Bhreathnach

BÍONN brú agus strus ollmhór ar mhná agus ar fhir ár linne agus iad ag iarraidh a saol pearsanta, a saol oibre agus uaireanta má bhíonn páistí acu, a saol tuismithe a nascadh le chéile agus smacht de chineál éigin a choinneáil air. Ní amháin go gcuireann do chuid strus isteach ar a saol féin ach cuireann sé isteach ar gach uile dhuine atá timpeall ort. Ar ndóigh, tá roinnt roghanna éagsúla agat má tá tú ag iarraidh déileáil le strus den chineál seo, is féidir leat dul ar mire agus dul ar chamchuart timpeall do bhaile féin le AK47 (rud nach bhfuil á mholadh againn), nó gach uile ribe gruaige a tharraingt amach as do chloigeann, nó dul ar thuras domhanda chun tú féin ‘a aimsiú,’ nó d’fhéadfá iarracht a dhéanamh beagán suaimhnis a thabhairt isteach i do shaol trí dhul amach

agus é a chuardach. Cén fáth nach ambeadhbeagán peataireacht tuillte agat, mar a deirinn L’Oréal, ‘de bhrí gur fiú tú!’

Spá Monart, Contae Loch Garman
Is spá é seo a bhuaigh an duais don spá is fearr thar lear de chuid na ngradam clúiteach Condé Nast i mbliana. Tá spá teirmeach acu atá mar chroílár a gcuid cóireála agus is féidir leat do rogha a dhéanamh idir clár detox, teiripe Hamam, cóireáil éadain agus suathaireacht i measc cóireála éagsúla eile d’fhir chomh maith. Tá rogha de chóireáil speisialta acu chomh maith, cosúil le suathaireacht dóibh siúd a bhfuil ailse orthu nó atá ag téarnamh ó ailse. Leis an méid cóireála a chuirtear ar fáil tá costais éagsúla orthu ar fad, ó€15 go €120, ach b’fhearr duit dul chuig an suíomh idirlín, an bróisiúr a fheiceáil agus do rogha féin a dhéanamh. www.monart.ie

Voya Seaweed Baths, Contae Shligigh
Is é an folcadh feamainne an t-aon chóireáil áilleachta atá againn atá nádúrtha d’Éirinn agus tá na Voya Seaweed Baths i gContae Shligigh atá ar cheann de na hionaid seanbhunaithe do na folcthaí sin in Éirinn. Ní hiad na hÉireannaigh amháin a shíl go raibh

leigheas le fáil ón fharraige, mar shampla bhí an fharraige in úsáid sa Ghréig don tsláinte na mílte bliain ó shin agus sa Fhrainc sa 19ú haois déag.

Ag tús an 20ú haois meastar go raibh suas le 300 teach folctha timpeall ar chóstaí na hÉireann. Is féidir leat do rogha de mheascán ollmhór chóireála a fháil ag na Voya Seaweed Baths, folcadh feamainne ar chostas ó €25 go €50 nó suathaireachtaí éagsúla ó €40 go €120 agus tá siopa acu le táirgí éagsúla áilleachta sa gcaoi gur féidir leat an fheamainn a thabhairt abhaile leat. www.voya.ie

Spá Sámas, sa Park Hotel, An Neidín, Co Chiarraí
Tá ós cionn 150 cóireáil sa spá seo agus meascán mór duaiseanna Éireannacha agus idirnáisiúnta buaite acu, ina measc seo deich spá is fearr san Eoraip, san Áis agus sa Rúis ó Travel & Leisure, agus duais an Condé Nast don 100 spá is fearr ar domhan i 2008.

Mar aon le spánna eile tá meascán ollmhór cóireála ar fáil duit ach mura féidir leat cinneadh a dhéanamh is féidir an t-eispéireas Sámas a bheith agat ar chostas €145 a thabharfidh deis duit 3 huairé an chloig a chaitheamh ag fáil cóireála de do rogha féin, agus am a chaitheamh i suite teirmeach, agus

Má tá tú ag iarraidh déileáil le strus, is féidir leat dul ar mire agus dul ar chamchuart timpeall do bhaile féin le AK47 (rud nach bhfuil á mholadh againn), nó gach uile ribe gruaige a tharraingt amach as do chloigeann, nó dul ar thuras domhanda chun tú féin ‘a aimsiú’

fior scíth a ligean. www.parkkenmare.com

Margarita Beauty Salon, Baile Átha Cliath

Tá roinnt fáthanna éagsúla leis an riocht soiríaise ach is é strus ceann de na fáthanna gur féidir le soiríais a theacht ort. Cé nach bhfuil aon leigheas iomlán ar shoiríais, tá roinnt leigheasanna is féidir cabhrú leat agus is é ceann acu sin ná folcadh na Garra Rufa.

Is éisc bheaga iad na Garra Rufa ón Mheánoirthear a itheann an craiceann marbh atá ar do chorp agus mar sin tá sé ráite gur féidir leis na héisc seo agus an chóireáil seo cabhrú leo siúd atá ag fulaingt le soiríais.

Muna bhfuil soiríais ort ach más mian leat triail a bhaint as na héisc bheaga seo go fóill is féidir iad a úsáid chun cosmhaisiú a dhéanamh mar atá á dhéanamh sa Margarita Beauty Salon i mBaile Átha Cliath.

Deirtear go mbíonn na héisc bheaga seo agus iad ag ithe do chraicinn ag déanamh aithrise ar mhothúcháin na suathaireachta - caithfidh mé a rá gurbh fhearr liom féin fear breá Sualannach ag tabhairt suathaireachta dom!

www.margaritabeautysalon.com

5 TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

Cá bhfuil an t-airgead?

Tugann Diarmuid Ó Muirgheasa léargas ar eacnamaíocht an idirlín

BA léir do mhórán tráchtairí go raibh rud iontach seafóideach á dhéanamh ag AOL nuair a rinne siad tairiscint \$850 milliún do Bebo, beagán os cionn dhá bhliain ó shin. Anois go bhfuil an suíomh sin á dhúnadh síos acu, tá siad ar deireadh ag admháil go mb'fhéidir gur íoc siad cúpla dollar os cionn an fhíorluacha...!

Bhí cúpla fadhb ag Bebo, idir easpa innealtóirí ag obair air agus easpa airgid ag teacht ó AOL. An fhadhb is mó a bhí acu, áfach, ná, cé go raibh timpeall is 40 milliún duine ag baint úsáide as an tseirbhís ... ní rabhadar ábalta aon airgead a dhéanamh. Deir Facebook go bhfuil siad i ndiaidh an fhadhb áirithe seo a sháru, agus go bhfuil siad anois ag tuilleadh níos mó airgid (ó fhógraíocht, den chuid is mó) ná mar atá siad ag caitheamh. Fiú más fíor sin, is mór idir sreabhadh airgid dearfach agus cruthú nach seafóid iomlán atá sa luach \$11.5 billiún a cuireadh orthu le déanaí.

An fhadhb chéanna atá ag Facebook agus Bebo, tá sé ag beagnach gach comhlacht idirlín eile a fheidhmíonn ar líne amháin - tá daoine i ndiaidh dul i dtaithe ar rudaí a fháil saor in aisce ar líne. Ar chúis éigin, ceapann tromlach lucht úsáidte an idirlín gur féidir an gréasán iomlán a choimeád ag feidhmiú ar phlean ghnó nach bhfuil de bhunús aige ach fógraíocht agus díol t-léinte. Leis an saghas meon seo chomh coitianta, tá sé iontach deacair d'aon duine praghas a ghearradh ar aon rud ar líne, cuma cén “luach” atá air i ndáiríre.

Níos aistí ná sin, áfach, ná go bhfuil ag éirí go han-mhaith le han-chuid comhlachtaí gan ach an dá fhoinsé ioncaim sin. Google agus Yahoo an dá shampla is deise, le luach \$200 billiún eatarthu, ach tá neart comhlachtaí eile a mhaireann go han-sásta ar fhógraíocht agus na t-léinte úd. Faoi láthair, in ainneoin go bhfuil fadhbanna móra ann, is cosúil go bhfuil rudaí ag obair. Ach an mairfidh an status quo seo?

Le déanaí, tá athruithe beaga le sonrú, anseo is ansiúd. Tá iTunes ann le fada, ach tá sé ag éirí níos deise de réir a chéile, agus tá siopaí eile dá leithéid ag teacht ar an bhfód chomh maith, ag méadú na rogha dóibh siúd



nach raibh sásta an dlí a sháru ach a bhí fágtha le drochsheirbhísí amach is amach ar feadh na mblianta. Tá siopaí dá leithéid ann do chluichí ríomhaireachta chomh maith - is é “Steam” an ceann is mó le rá, ach tá leath-dhosean eile ar a laghad tagtha ar an bhfód le cúpla bliain anuas. Tá na rudaí seo i ndiaidh teacht as an nua, áfach, agus níl mórán airde á thabhairt orthu ag na daoine sin nach maith leo íoc as rudaí (tá a fhios agaibh cé sibh féin...). Tabharfaidh an domhan mór faoi deara, áfach, nuair a chuirfidh Rupert Murdoch an Times agus an Sunday Times in bhfolach taobh thiar do “paywall” i gceann cúpla seachtain. Is láidir an argóint a deir nach bhfuil sa chinneadh seo ach beart cearrbhachais gan fasach, ach ar shlí thuigfeá don Uasal Murdoch é sin - deir tuairiscí go bhfuil an dá pháipéar anois ag cail-

leadh £240,000 in aghaidh an lae. Le poll dubh mar sin ag oscailt os a chomhair, mhaithfeá an cearrbhachas dó, agus tá argóint ann go mbeidh neart daoine sásta íoc as nuacht atá ar “ardchaighdeán” ionas go n-éireoidh leis an tseirbhís. Feicfead...

Fiú má chuireann an t-idirlíon deireadh le ré na n-ollnuachtán, tá sé i ndiaidh an chéad ré eile a thaispeáint dúinn cheana féin, i bhfoirm an “blagsféar”, Twitter, Facebook agus mar sin de. Cheana féin is minic a thagann nuacht chugainn ar dtús ó na foinsí seo - dhera, is minic a thagann an nuacht chuig na comhlachtaí nuachta ar dtús ó na foinsí sin! Ach ní féidir leis an mblagsféar áit na nuachtán a thógáil go hiomlán (nó an poll a fhágfaidh siad a líonadh). Tá sé iontach éifeachtach mar fhoinsé nuachta, ach ní fheicfead scéalta cosúil le Watergate ag teacht ón

mblagsféar - níl na hacmhainní ag scríbhneoirí sa mheán nua seo dul i mbun na bhfiosrúcháin sin, agus gan struchtúr an chórais nuachtáin ní tharlóidh na fiosrúcháin sin agus ní chloisfead na scéalta. Arís, níl mar phlean gnó ag na blagadóirí ach fógraíocht agus b'fhéidir cúpla t-léine a dhíol. Is minic fiú nach mbíonn na rudaí sin acu, agus go mbíonn na blagadóirí ag cur a gcuid scríbhneoireachta ar fáil don saol mór saor in aisce.

Má éiríonn le News Corporation lena n-iarracht praghas iontrála a ghearradh dá nuacht, is soiléir cén todhchaí a bheidh ann don idirlíon - rachaidh na ballaí úd suas timpeall gach suimh le hábhar le haon luach, agus beidh deireadh leis an ré saor-eolais atá ann le 20 bliain anuas. Agus muna n-éiríonn? N'fheadar éinne cad atá i ndán dúinn.

An fhadhb chéanna atá ag Facebook agus Bebo, tá sé ag beagnach gach comhlacht idirlín eile a fheidhmíonn ar líne amháin - tá daoine i ndiaidh dul i dtaithe ar rudaí a fháil saor in aisce ar líne. Ar chúis éigin, ceapann tromlach lucht úsáidte an idirlín gur féidir an gréasán iomlán a choimeád ag feidhmiú ar phlean ghnó nach bhfuil de bhunús aige ach fógraíocht agus díol t-léinte.

Ar fhág tú rud éigin i do dhiaidh a shaoi?

Le Treasa Bhreathnach

MAR a dhéanann gach duine, chuaigh Gray Powell le haghaidh cúpla deoch chun ceiliúradh a dhéanamh ar a bhreithlá agus d’fhág sé a fhón taobh thiar de sa bpub. Tarlaíonn sé seo uair amháin ina saol do beagnach gach duine, ach an fáth go bhfuil sé spéisiúil an babhta seo ná gur innealtóir bogearraí é Gray Powell le Apple agus an fón a d’fhág sé ina dhiaidh ná an 4ú giniúint de chuid an iPhone.

Phioc duine éigin sa bpub suas é, chas sé an fón ar siúl fada go leor chun teachtaireacht Facebook a sheol Gray a fheiceáil, ag rá go raibh an bheoir go deas, agus bhí ainm an té ar leis an fón aige.

An mhaidin dár gcionn bhí díchu-masú cianda déanta ar an bhfón, rud a d’fhág nach raibh Apple in ann GPS a úsáid chun an fón a aimsiú.

Tar éis roinnt seachtainí thug an duine seo faoi deara nach gnáth-iPhone a bhí ann, cé go raibh sé ceilte chun cosúlacht an tríú giniúint den iPhone a bheith air, agus rinne sé iarracht é a thabhairt ar ais do Apple. Mar gheall ar an bpolasaí rúndachta atá ag Apple agus aon táirge nua, níor chreid ran-nóg na seirbhísí custaiméirí gur fíor-iPhone dá gcuid féin a bhí ann agus níor ghlac siad leis.

Mar sin céard a bhí le déanamh ag an bhfear áirithe seo ach iarracht a dhéanamh an fón a dhíol, agus sin mar a rinne sé sa deireadh thiar thall ar an suíomh idirlín teicneolaíochta Gizmodo ar phraghas €5,000. Tar éis do Gizmodo pictiúir a chur ar a suíomh, bhí an t-uafás plé á dhéanamh acu an fíor-iPhone de chuid Apple a bhí ann, ach tá Apple anois tar éis litir a sheoladh chuig Gizmodo ag iarraidh orthu a bhfón a



thabhairt ar ais. Dar le Gizmodo is iad na gnéithe nua a bhaineann leis an gceathrú giniúint den iPhone ná ceamara ar aghaidh an fhóin chun comhrá fise a bheith agat, ceamara níos fearr ar chúl an fhóin,

micreachárta SIM, scáileán níos fearr, agus ceallra atá 16% níos mó. Níl aon dáta seolta cinntithe ag Apple don iPhone nua ach tá súil go mbeidh an seoladh á dhéanamh go luath.

Teachtaireacht láidir ó Chomhlacht Éadaí

TÁ comhlacht éadaí Éireannach ag úsáid lipéad i nGaeilge amháin. Dar le húinéir an chomhlachta, Derek Young, tá na lipéid ar a bhfuil na teoracha níos áine do na héadaí i nGaeilge “ar an ábhar gur comhlacht Éireannach atá ann.” “Cuireann sé in iúl do dhaoine go nglacann muid ár n-inspioráid ó stair na hÉireann” ar seisean.

Bunaíodh McCul Clothing, a dhéanann éadaí do pháistí, ceithre bliana ó shin ar líne agus tá na hearraí á ndíol i gceithre shiopa dhéag ar fud na tíre.

Baineann cuid mhaith de na téamaí atá le sonrú ar na héadaí le míotas agus le seanchas na hÉire-

ann.

Tá go leor Gaeilgeoirí ag cur fáilte roimh an ghníomh bheag seo.

“Mar dhuine a tógadh le Gaeilge sa Ghalltacht, agus atá ag tógáil clainne le Gaeilge, is ardú croí dom aon bhlúirín Gaeilge a fheicim. Go háirithe nuair is grá agus speis don teanga a spreag an blúirín sin seachas reachtaíocht nó deontas. Mar sin, bhí áthas orm an lipéad cúraim ar éadaí m’iníne a fheiceáil. Agus tá an t-éadach fóna freisin. Bí cinnte go mbeidh súil in airde agam d’earraí McCul as seo amach!” arsa Aonghus Ó hAlmhain.

Seirbhísí fíis-chumarsáide thuas seal

IS olc an bolcán nach séideann maith éigin. Agus cé gur mór an chailliúint do gheilleagair na hEorpa an cosc a cuireadh ar eitiltí de bharr an néil luaithrigh ón Íoslainn, bhí deiseanna ann do ghnólachtaí áirithe. Bhí seachtain bhrúidiúil ag na seirbhísí iompair a chloíonn le talamh agus le toinn. Agus bhí leas ann chomh maith dóibh sin a chuireann seirbhísí fíis-chumarsáide ar fáil. Tá an comhlacht Online Meeting Rooms i nDún Laoghaire ag trádáil ó 2003. Ach dúirt a cheannasaí Joe Garde nach bhfaca sé riamh oiread suime agus a léiríodh ina gcuid seirbhísí an tseachtain seo. Ní amháin go raibh éileamh ar sheirbhísí fíis-chumarsáide le

haghaidh cruinnithe, ach bhí imeachtaí poiblí ag brath ar an teicneolaíocht chomh maith céanna. Dé hAoine seo caite fuair Joe glaoch ó lucht eagraithe comhdhála a bhí le tionól sa Cheoláras Náisiúnta an lá dár gcionn.

Ní raibh na príomhchainteoirí in ann a bheith i láthair de bharr an choisc ar eitiltí. Chuidigh sé leo ceangal físchomhdhála a dhéanamh idir na cainteoirí ina dtithe féin thar lear agus an lucht féachana san amharclann.

Tuairiscíonn an comhlacht idirnáisiúnta Citrix go raibh dubailt an éilimh ar a gcuid seirbhísí físchomhdhála le linn na seachtaine.

Blúiríní Gnó agus Teicneolaíochta

Deireadh leis an diosca flapach

TÁ sé fógartha ag an chomhlacht Seapánach Sony go bhfuil siad chun deireadh a chur lena bheith ag díol dioscaí flapacha i mí an Mhárta 2011 sa tSeapáin, áit a bhfuil siad á n-úsáid go fóill cé nach mbaintear mórán úsáide astu níos mó sa chuid eile den domhan. Tuigtear go forleathan gurb ionann seo is deireadh a chur leis an diosca flapach a chaill a áit sa mhargadh mar gheall ar úsáid méaróga cuimhne USB. Tá na dioscaí 3.5 orlach a ndéanamh ag Sony le beagnach 30 bliain.

Scaireanna Críostaíochta

CHUIR an soláthróir innéacsan-na STOXX LTD. tús le treoiruimhir úr ‘Críostaíochta’ don Eoraip an tseachtain seo.

Déanfaidh an t-innéacs úr, ‘STOXX Europe Christian Index,’ measúnú ar fheidhmíocht comhlachtaí de réir luachanna agus prionsabail na Críostaíochta.

Dar le Stoxx, tá líon na ndaoine atá ag feidhmiú sa mhargadh de réir a gcreideamh Críostaíochta ag dul i méid agus go bhfuil “an t-innéacs úr ag soláthar réimse leathan de chomhlachtaí Eorpacha a fheidhmíonn ar bhonn freagrach ar leibhéal eiticiúil, timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta” agus, dá bhrí sin, tá siad “in aontas le prionsabail Chríostaíochta.”

\$2.1 billiún saothraithe ag Ford

SHAOTHRAIGH an déantóir carranna Ford \$2.1 billiún sa chead cheathrú i mbliana agus tá sé ráite acu go bhfuil siad ag súil go ndéanfaidh siad ‘brabúis daingne’ i mbliana.

Chaill Ford \$1.4 billiún sa cheathrú chéanna anuraidh agus caithfear cuimhneamh gur mhó na a gcuid fiacha ná an t-airgead tirim a bhfuil acu. Dar le saíneolaithe sa mhargadh gluaisteán, chuir deacrachtaí Toyota ní ba luaithe i mbliana go mór leis an mhéid carranna atá díolta ag Ford.

Tá brabús san ola

TÁ brabús Royal Dutch Shell tar éis léim suas 50% sa chéad cheathrú i mbliana agus tá brabús BP tar éis léim suas 135% i gcomparáid leis an am seo anuraidh. Is toradh ar ard-phraghsanna ola i láthair na huairé é an brabús seo, bhí \$76 ar bhairille ola sa chéad cheathrú i mbliana i gcomparáid le \$41 an bairille ag an am seo an bhliain seo chuaigh thart.

Níos lú daoine ag dul trasna na teorann

Le hEoin Mac Garvey

TÁ titim tagtha ar an méid daoine atá ag trasnú na teorann le siopadóireacht a dhéanamh de réir suirbhé atá déanta ag an chomhlacht Kantar Worldpanel.

Ní raibh carrchlós Asda ar an tSráth Bán lán le carranna as Tír Chonaill le tamall anois agus is amhlaidh atá an scéal freisin ag na siopaí móra i nDoire agus sna bailte móra eile cois teorann. Bhí gach duine ag teitheadh trasna na teorann de bharr an luach maith a bhí ar an

Euro in éadan Sterling agus ansin luach maith ar earraí sna Sé Chontae.

Bhí cúrsaí chomh hola sin gur chas go leor de lucht gnó bhaile Leitir Ceanainn le Teachtaí Dála agus polaiteoirí an chontae le gairid leis an chás a phlé. Bhí brú iontach ag teacht ar lucht gnó sa chontae de bharr nach raibh siad in ann an titim ghnó a sheasamh.

De réir siopaí i dTír Chonaill tá an bhearna idir luach earraí ar dhá thaobh na teorann laghdaithe go mór le bliain. Bhí suas le 36% de

dhifear anuraidh ach de réir úinéirí gnó amháin níl ach 9% de dhifear anois ar chuid mhór rudaí.

Deirtear go bhfuil an t-ardú atá tagtha ar luach an pheitiril agus an díosail le tamall ag cur as do dhaoine bheith ag taisteal go dtí na sé contae agus go bhfuil an mhórchuid anois ag siopadóireacht sa bhaile arís.

Tá an titim ar líon na gcaranna de bhunadh Thír Chonaill go mór le sonrú sna siopaí móra ar an tSráth Bán go háirithe. Roinnt míonna ó shin ba charranna as Tír Chonaill ba

mhó a bhíodh i gcarchlós leithéidí Asda ar an tSráth Bán, rud nach bhfuil amhlaidh anois.

Thug úinéirí siopa peataí i nDoire le fios dúinn chomh maith nach bhfuil an oiread céanna gnó trasteorann acu anois is a bhí fiú roimh an Nollaig.

“Bhíodh go leor Euro á gcaitheamh anseo i gcónaí ach le tamall níl sin ag tarlú. Tá custaiméirí rialta againn as Tír Chonaill ach bhí go leor eile againn chomh maith nach bhfuil ag teacht anois,” a dúirt sé.

6 COMHSHAOL

An slán sábháilte an t-uisce faoi thalamh?

Le Conn Ó Muineacháin

FEIRMEOIR óg díograiseach is ea Páidí, a bhfuil cónaí air i gContae an Chláir. Maireann sé sa teach céanna, ar an bhfeirm chéanna ar ar tógadh é féin, a dheartháireacha agus a dheirfiúracha, feirm a athar agus a sheanathar. Síleann Páidí go bhfuil dualgas sa dúchas agus tá súil aige féin agus ag a bhean Síle go nglacfaidh duine dá gclann óg le cúram na feirme i gceann na haimsire.

Ach má tá siad dílis do thobar an dúchais, ní hamhlaidh don tobar eile: foinse thraidisiúnta uisce na feirme a chothaigh glúin i ndiaidh glúine ar a dtalamh féin.

Nuair a bhí Páidí óg, ceanglaíodh an fheirm le seirbhís na comhairle con-tae. Agus cé gur shíl a mhuintir go raibh an tseirbhís sin maith a dhóthain do na beithigh agus don níos chách, níor thaitin blas an chlóirín leo. B'fhearr leo i gcónaí uisce a dtobair féin a ól. Bhí blas breá air agus níor bhreog sé aon duine riamh. Níor bhreog, go dtí gur tháinig Síle chun cónaí ann.

Is cuimhin léi fós an tinneas. Is cuimhin le Páidí an náire. Thuig an dochtúir ar an bpointe cad a bhí tar éis titim amach. D'fhóirigh an tsaotharlann é. Bhí E. coli sa tobar. Bhí seanchleachtadh ag muintir Pháidí ar an uisce agus bhí imdhíonacht acu in aghaidh an ghalair. Ach ní raibh aon chosaint ag Síle.

Tá go leor scéalta mar seo ar fud na tíre. D'fhéadfaí an bás a chur, go bhfuil



cuid mhaith foinsí ar nós thobar Pháidí, nach raibh "folláin," ach nár dhein aon dochar do na daoine a bhain úsáid astu ar feadh na mblianta. Anois agus níos mó béime ar chaighdeán uisce agus ar thástáil, tá scéal eile á nochtadh.

Ach, ar an taobh eile de, cé nach raibh an bhéim chéanna ar thástáil sna seanlaethanta, tá go leor fianaise ann go bhfuil aibhneacha agus locha na tíre i bhfad níos truaillithe anois ná mar a bhí. Agus más amhlaidh dos na

Is cuimhin léi fós an tinneas. Is cuimhin le Páidí an náire. Thuig an dochtúir ar an bpointe cad a bhí tar éis titim amach. D'fhóirigh an tsaotharlann é. Bhí E. coli sa tobar. Bhí seanchleachtadh ag muintir Pháidí ar an uisce agus bhí imdhíonacht acu in aghaidh an ghalair. Ach ní raibh aon chosaint ag Síle.

haibhneacha, ní haon iontas é go mbeadh truailliú chomh maith sa mhaoschlár in áiteanna áirithe, agus sna toibreacha dá bharr.

Dar ndóigh, níl a leithéid de rud ann agus uisce íonghlan, taobh amuigh den ngal a éiríonn ón gciteal, b'fhéidir. Bíonn ábhair éagsúla tuaslagtha san uisce a ólaimid, ina

measc clóirín agus fluairíd a chuirtear ann d'aon ghnó, chomh maith le mianraí agus miotail atá ann go nádúrtha.

Ag tiúchan áirithe, déanann cuid mhaith de na mianraí seo maithreas dúinn. Fiú na baictéir agus na seadáin ar nós cripteaspoiridiam, tá ár gcórais imdhíonachta in ann iad a láimhseáil ag leibhéal íseal.

Tá caighdeán Eorpach ann d'uisce ólacháin, atá curtha i bhfeidhm sa tír seo in ionstraim reachtúil S.I. 278 na bliana 2007. Tá cur síos ann ar dhá shaghas tástála: monatóireacht iniúchta agus monatóireacht seiceála. Tá cúinsí éagsúla sna rialacha ag baint leis an dá shaghas monatóireachta, ach tá an mhonatóireacht seiceála oiriúnach go maith do dhaoine príobháideacha atá fiosrach faoina gcuid uisce féin. Tá tástálacha ann do mhiannraí agus do cheimiceáin éagsúla, agus do na microrgánaigh ar nós E. coli agus cripteaspoiridiam.

Deir Miriam Byrne, bainisteoir City Analysts, saotharlann a dhéanann tástáil chomhshaoil, gurb iad na húdaráis phoiblí agus na comhlachtaí tromlach a gcuid custaiméirí go hiondúil. Ach tá méadú feicthe acu ar an líon fiosruithe a fhaigheann siad ón bpobal.

Déanann na hoifigí sláinte comhshaoil leis an HSE tástáil ar scéimeanna poiblí agus grúpa ar fud na tíre. Ach má tá do thobar féin agat, is fútsa atá sé an tástáil a iarraidh. Bíodh is go bhfuil tú féin ag maireachtáil go folláin ar an uisce céanna, b'fhéidir nár mhiste é?

Caoineadh na Simpeansaithe

LÉIRÍONN taighde eolaíochta a foilsíodh ar na mallaibh go bhfuil cuma ar an scéal go mbíonn brón ar shimpheansaithe nuair a fhaigheann simpheansaí muinteartha dóibh bás. Léirítear fosta gur féidir go bhfuil gnásanna acu chun plé leis an bhás.

I staidéar amháin, léiríodh go leanann simpheansaithe áirithe dá gcuid óga a iompar tar éis dóibh bás a fháil agus i staidéar eile chonacthas go mbíonn nósanna acu nuair a fhaigheann sean-simpheansaí bás, cuir i gcás an corp a ghlanadh.

Fotháirge bó ag tiomáint traenach

TÁ an chéad traein bhithdhíosail sna Stáit Aontaithe faoi tiomáint ag beithíoch. Tá Amtrak tar éis triail bhliana a thosú lena chéad traein bhithdhíosail darb ainm The Heartland Flyer a thaistealóidh ó Chathair Oklahoma agus Fort Worth agus is fotháirge bó atá in úsáid acu don bhithdhíosail.

Beidh Amtrak ag bailiú eolais faoi na hastuithe agus éifeacht an bhithdhíosail seo ar innealra na traenach ar díosal 80% de agus bithdhíosail an 20% eile.

An tSeachtain Oidhreacht Náisiúnta

TÁ an tseachtain oidhreacht náisiúnta ón 21ú go 29ú Lúnasa i bhfad uainn go fóill, ach ní chiallaíonn sé sin go bhfuil mórán ama agaibh chun bhuir n-imeachtaí a chlárú don tseachtain sin. Is é aidhm na seachtaine ná eolas a chur ar fáil faoinár n-oidhreacht nádúrtha agus tógtha. Má tá imeachtaí agaibh gur mhaith libh a bheith mar chuid den tseachtain is fiú clárú roimh an 31ú Bealtaine ar www.heritageweek.ie

Feachtas frith-bhruscair don samhradh

SHEOL Irish Business against Litter feachtas ag glaoch ar an Udarás um Bóithre Náisiúnta bealaí turasóireachta a ghlanadh, aerfoirt agus calaí ina measc. Is fadhb ollmhór é guma coganta, dar leo, le 700 milliún píosa de á ndíol gach bliain agus 20% de caite mar bhruscar ar shráideanna na hÉireann. Deir siad nach ndéantar dianscaoileadh ar ghuma coganta ar feadh 25 bliain agus gur cheart don rialtas cinneadh a dhéanamh gan ach guma coganta in-bhithmhíllte a dhíol sa tír.

Cáin Carbóin Ghlais ar Dhíosail Feirmeoireachta

TÁ cáin carbóin ghlais ar dhíosail feirmeoireachta chun teacht i bhfeidhm sa tír seo amárach agus tá sé ráite ag uachtarán Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann go laghdóidh sé seo ioncam na bhfeirmeoirí 2%. Tiocfaidh ardtó 8.75% ar phraghas dhíosail feirmeoireachta agus deir uachtarán an IFA John Bryan, "cosnóidh an cháin ghlas níos mó ar an rialtas ná an méid airgid a chruinneofar mar gheall air agus beidh poist caillte dá bharr."

Séasúr na dTinte Portaigh

Le Treasa Bhreathnach

TAR éis míosa de thinte portaigh agus aithinn deir an Roinn Timpeallachta nach bhfuil dóthain daonchumhachta acu chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo, cé go bhfuil siad aird-eallach dó.

I gCill Airne deir oifigeach an stáisiúin dóiteáin, Mark Brady, go bhfuair siad 40 glaoch maidir le tinte aithinn agus portaigh as 47 glaoch ina iomlán taobh istigh de thréimhse choicise i mí Aibreáin, agus suas le 90 glaoch do na tinte seo ó thús 2010. “Nuair a bhíonn glaoch faoi thine aithinn ann, cé go gcaithfidh muid dul chuici chun í a mhúchadh,” a deir Mark, “caithfidh muid a bheith cinnte go bhfuil fir dóiteáin fágtha chun déileáil le glaoch eile.”

Tá an Seanadóir áitiúil Paul Coghlan ag impí go gcaithfidh na pobail agus na húdaráis áitiúla obair as lámha a chéile. Tá sé tar éis scríobh chuig an Aire Gormley ag iarraidh air tóitbhearnaí a chruthú i bPáirc Náisiúnta Chill Airne, mar a bhí nuair a bhí an pháirc faoi chúram Coillte, go dtí seo níl aon fhreagra faighte aige afach.

Is é 2010 ceann de na blianta is measa do Coillte ó thaobh na dtinte seo de, in 2009 níor dódh ach “30-40 heicteár, ach go dtí seo i mbliana tá 480 heicteár de chuid thalamh Coillte dóite le 300 heicteár as an mhéid seo ina thalamh portaigh.” Deir Coillte go mbeidh “costas de idir €2-2.5 milliún orthu i mbliana chun fad-

hbanna na dtinte seo a réiteach agus tá €100,000 caite acu go dtí seo agus muid ag iarraidh a bheith ag troid i gcoinne na dtinte.” Deir siad chomh maith “beidh trí bliana ann go dtí go mbeidh na heicteáir dhóite seo mar a bhí arís.”

Tá sé mídhleathach ag úinéirí talún fásra a dhó ón 1ú Márta go dtí an 31ú Lúnasa ach deir an Sáirsint Shane Cummins i stáisiún na nGardaí i nGaillimh, más buan a chuimhne nár “ciontaíodh aon duine faoin acht seo riamh i gceantar na Gaillimhe, cé go raibh roinnt fiosrúchán maidir le tinte áirithe.”

Níor ciontaíodh aon duine i gceantar Dún na nGall ach an oiread dar le príomhoifigeach dóiteáin Dhún na nGall, Bobby McMenamin. Bíonn luas freagartha seirbhíse dóiteáin Dhún na nGall laghdaithe go mór dá bharr. “Bíonn am freagartha 5 nóiméad ag seirbhíse dóiteáin Dhún na nGall de ghnáth, ach nuair a fhaigheann muid glaoch faoi thine aithinn caith-fear criúnna eile a shlogadh agus laghdófar luas freagartha seirbhíse go timpeall 15 nóiméad.”

Ar Shliabh Dónáirt i gContae an Dúin an tseachtain seo caite bhí 50 fear dóite ag teastáil chun dul i ngleic le tine mhór agus deir na póilíní i gCaisleán Nua go bhfuil fiosrúchán á dhéanamh acu maidir leis an tine seo.

Ón chéad lá d'Aibreán go dtí an 27ú d'fhreagair Seirbhís Dóiteáin Thuaisceart Éireann 1,582 glaoch maidir le tinte

aitinn ar fud an Tuaiscirt. Mar aon le hAcht Fíabheatha na hÉireann 1976 tá Acht an Ghéim Leasaithe i dTuaisceart Éireann a deir nach bhfuil cead é a dhéanamh ón 15ú Aibreán go dtí an 31ú Lúnasa.

Tá Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann ag impí ar an Aire Talmhaíochta John Gormley breis ama a chur leis an Acht Fíabheatha sa chaoi is go mbeadh siad in ann fásra agus aiteann a dhó faoi smacht suas go dtí an 15ú Aibreán cosúil leis an Tuaisceart. Deir siad go mbíonn an talamh mothrach agus go mbíonn baol ann i gcónaí go ndeanfar damáiste don timpeallacht trí thinte aithinn mar gheall ar rialacháin an Achta seo. Déantar damáiste thar cuimse déanta do ghnáthóg fíabheatha na bportach agus na gcoillte gach bliain de bharr na dtinte seo.

Tá sé mídhleathach ag úinéirí talún fásra a dhó ón 1ú Márta go dtí an 31ú Lúnasa ach deir an Sáirsint Shane Cummins i stáisiún na nGardaí i nGaillimh, más buan a chuimhne nár “ciontaíodh aon duine faoin acht seo riamh i gceantar na Gaillimhe, cé go raibh roinnt fiosrúchán maidir le tinte áirithe.”



Triúr Conallach ag dul na bhaile i ndiaidh dóibh lá fada a chaitheamh ag troid i gcoinne tine phortaigh. (PIC: EÓIN MC GARVEY)

Faigh do bhille i nGaeilge

ESB Customer Supply

Seo d'Uimhir Chuntais: 900123456

An dáta eisiúna: 24 MEI 08

Uimhir an tsónraisc: 1201900123

Teagmhálacha úsáideacha

D'fhiosraigh Cúntaí/Ginearaí: 1850 372 372

Maidir le hÉigseandáil/Cur ar ais: 1850 372 999

Seo d'Uimhir MPRN: M 10 002 0

Do bhille leictreachais

Léimh mhéadair	Cainníocht agus praghas	Tuairisc na muirear	Méid €
Faoi láthair	Róimhe seo		CR = Creidmheas
TARAIF: BAILE -	225 X €0.1415	ACHAID LAE	31.84
29677M	29452	ACHAID OICHE	25.90
90698M	20328	57 LA € €0.3460/LA TAILLE SHEASTA	19.72
		TAILLE SEIRBHIS POIBLI EIGEANTA AIB, BLT	0.00
		CBL € 13.5% AR 77.46	0.00

DOCHAR DÍREACH AR 22/07/08 GO RAIBH MAITH AGAT

An Cineál Léimh
C = Custaiméir
M = Measta
P = Athrú Praghas

An tréimhse billi: 17 AIB 08 - 12 MEI 08

Íoc faoi: DOCHAR DÍREACH

An méid iomlán dlite anois: €87.92

ESB Customer Supply

93-20-86
Dáta/Branda Bainc

9001 900123456 00000087654 798765

AISTRÚ CREIDMHEASA GIORÓ BAINC

Banc-Aontas Éireann cpl
7112 Sraid an Dámsa, Baile Átha Cliath 2
Uimhir Gioró 81900087

900123456

PADRAIG O MURCHU

798765

900123456 9 76543

900123456

Nótaí/Boinn

Airgead Tirim Iomlán

Seiceanna srl

IOMLÁN € 87

Má theastaíonn uait do bhille a fháil i nGaeilge, cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig eolas@esb.ie nó glaoigh ar **1850 372 372** le do thoil, agus beimid sásta an socrú sin a dhéanamh duit.

ESB Customer Supply

7 BEATHA

Cleachtas Chulaith don Chúlú

Comhrá le Claire O' Connor, Dearthóir Feistis



Le Gráinne McElwain

IS as Baile Átha Cliath í Claire O'Connor a rinne staidéar ar fhaisean i Grafton Academy sa chathair. Bhí suim ag Claire i gcúrsaí faisin ó bhí sí ina cailín óg mar gheall ar an fhuáil a bhíodh a máthar ag déanamh agus an tsuim a bhí ag a hathair i gcúrsaí ealaíona. Tar éis coláiste, chaith sí am ag obair le roinnt dearthóirí mór le rá sa tír seo ar nós Jen Kelly, Pauric Sweeney agus Marc O'Neill.

“Bhain mé an taitneamh as a bheith ag obair leo agus d'fhoghlaim mé go leor uathu.” Bhunaigh sí a comhlacht féin i 2004 agus díolann sí a cuid éadaí do mhná faoina lipéad féin ‘Lil’c Couture’. Tá a héadaí le fáil i mBaile Átha Cliath, sa Charraig Dhubh, i gCluain Tarbh agus ins an Design Centre ina ndéanann sí gúnaí ócaíde agus speisialta faoina hainm féin, Claire O'Connor.

Tá sí ag obair ina stiúideo féin i gCluain Sceach i mBaile Átha Cliath. Ní amháin go mbíonn sí ag dearadh éadach agus gúnaí bainise ach bíonn sí ag múineadh ranganna fuála ina alma mater Grafton Academy. D'fhreastail sí ar Choláiste Íosagáin i Stigh Lorgan agus ainmníodh ar an ghearrliosta í le déanaí don ‘Kerry Designer of the Year’.

Tá an dúil ag Claire sa chultúr Hip Hop agus feictear rian de seo ina cuid éadaí. “Is aoibhinn liom Hip Hop agus faighim go leor spreagadh as. Fir is mó a chaitheann an stíl seo ach is maith liom an stíl a dhéanamh níos mealltaí agus níos gnéasaí do mhná”. Chaith sí

coicís thall i Nua Eabhrac ag obair ar go leor siúteanna grianghraf d'irisí éagsúla a bhaineann le Lil’C Couture. Agus cén comhairle a chuirfeadh sí ar dhaoine óga atá ag iarraidh obair sa ghnó seo?

“Bí cinnte go dtaitníonn faisean leat. Bíonn tú ag obair an-chrua agus caithfidh tú laethanta fada a chur isteach chun dul chun cinn a dhéanamh. Tógann sé am. Tá mise ag plé le cúrsaí faisin le níos mó ná cúig bliana agus anois tá rudaí ag teacht le chéile domsa. Má chaitheann tú an t-am leis agus an obair chrua, gheobhaidh tú luach do shaothair”.

5 Leid chun do sean-éadaí a dhéanamh nua arís!

1. Dathaigh do chuid éadaí. Beidh cuma nua láithreach ar d'éadaí.
2. Téigh ag siopaí dara láimhe - seoda saor agus giuirléidí is féidir a úsáid le fáil ann.
3. Athraigh gúna geimhridh don samhradh. Is féidir muinchillí nó fad an ghúna a ghearradh.
4. Oiriúintí a cheannach. Go leor le fáil sna siopaí gan mórán costas.
5. Ceannaigh lása, ribíní, cnaipí agus bain triail as iad a fhuáil ar an éadach.

“Bí cinnte go dtaitníonn faisean leat. Bíonn tú ag obair an-chrua agus caithfidh tú laethanta fada a chur isteach chun dul chun cinn a dhéanamh.”



NUACHT Litríochta

Le Sophie Gahan



Séimí le Doló - Doló le Séimí

Aodh Ó Domhnaill, Coiscéim, €7.50
Is iad M'sieur Doló agus Francach darb ainm Séimí príomhcharachtair an leabhair seo. Casadh éagsúil ar an scéal seo, tá an bheirt acu ag scríobh faoina chéile!



Scéal scríofa i nGaeilge bhreá sholéite ag tabhairt léargais ar shaol na beirte. Scéal oiriúnach don aos óg ó 9 mbliana d'aois ar aghaidh.

Tá na caibidlí leagtha amach faoi na teidil Séimí/Doló ag caint, nó Séimí/Doló ag scríobh. Éagsúlacht thaitneamhach faoin leabhar seo ná go tosaíonn an dá scéal ag bualadh le chéile.

Tá béim an leabhair seo dírithe ar an scéal seachas ar phictiúir, rud a chuirfeadh samhlaíocht an aosa óig ag feidhmiú trína n-aird a dhíriú ar léitheoireacht.

Roberto agus Draoi na gCat

Caitríona Ní Mhurchú, Cló Mhaigh Eo, €8.00
SCÉAL don aoisghrúpa idir 10-13 a bhfuil Gaeilge líofa acu é seo. Bheadh sé



áisiúil dóibh siúd atá ag iarraidh snas a chur ar a gcaighdeán Gaeilge, idir léamh agus labhairt. Is é Roberto príomhcharachtar an leabhair seo, agus é ag cruinniú le cait eile a cheantair. Cait a bhfuil léamh agus caint acu. Scéal eachtraíochta é seo le sceitsí scanrúla tríd. Níl na sceitsí seo daite, rud a léiríonn téama na hoíche. Leabhar spreagúil é seo agus eachtraí chait fhiáine na sráideanna ag titim amach.

Meig agus Cóilín: An Lá Breithe

Frieda van Raevens agus Dirk Nielandt, Futa Fata, €9.95
LEABHAR ón Bheilg í Meig agus Cóilín a d'aistrigh Tadhg Mac Dhonnagáin go Gaeilge

Leabhar ildaite, gealgháireach é seo, don aoisghrúpa 3-5. Léirítear an scéal seo trí na pictiúir mhóra shoiléire agus abairtí gonta simplí na gcomhráite.



Tá an cat beag seo Meig ag iarraidh brontanas oiriúnach a aimsiú do bhreithlá a charad Cóilín. Bainfidh páistí agus a dtuismitheoirí sult as bheith ag breathnú ar na pictiúir dhaite seo.

Gairdín an Nádúir

Martyn Cox, Futa Fata, €10.95
LEABHAR eile aistrithe ag Tadhg Mac Dhonnagáin. Is iad na grianghraif ón ghairdín an rud a thugann beocht


IN ORD IS IN EAGAR

Antain Mac Lochlainn

Cois Life, €20.
Is leabhar tagartha é seo “d’ábhair eagarthóra, d’iriseoirí agus d’aistritheoirí, a chaithfidh slacht a chur ar a gcuid scríbhinní Gaeilge féin.” Déarfainn gurbh fhéidir

gairmeacha eile a chur ar an liosta sin, mic léinn, múinteoirí, scríbhneoirí, daoine ag obair in earnáil na Gaeilge - duine ar bith a scríobhann an Ghaeilge, go bunúsach.

Is as Doire ó dhúchas é Antain Mac Lochlainn agus i measc na leabhar atá scríofa aige tá Cuir Gaeilge Air (2000). Tá taithí na



mblianta aige ar chúrsaí eagarthóireachta is aistriúcháin.

Leabhar cuimsitheach is ea é agus is léir ón chéad spléachadh go bhfuil na ‘príomh-bhotúin’ a fheictear i dtólamh le fáil ann. Ní leabhar gramadaí é seo ach tá go leor pointí gramadaí á ndéanamh ann; déantar iad ar bhonn praiticiúil áfach, rud atá iontach

úsáideach. Tá sé soléite, suimiúil agus cuireann sé an-bhéim mar is cuí ar cheann de na fadhbanna is mó atá againn maidir le scríobh na Gaeilge, is é sin, go bhfuiltear ag aistriú ó Bhéarla cuid mhaith den am. Ba léamh riachtanach é seo dom féin agus do gach duine atá ag treabhadh i ngort na meán clóite Gaeilge.

AN ROGHA 10

10 leabhair mór-éileamh ón siopa leabhair Scéal Eile i mBáile na hInse, Co. An Chláir. Díoltar leabhair ar scéaleilebooks.com ar an idirlín chomh maith ar abebooks.com

1. Rí-Rá : Eagrán 2. Aidan Courtney, Muireann Lalor, Gabriel Rosenstock, Malachai Mac Amhlaoibh, Coimicgael
2. Buntús Cainte 1. Leabhar agus Dlúthdiosca, Tomás Ó Domhnaill, An Gúm
3. Sceoin sa Bhoireann, Ré Ó Laighléis, Moinín
4. Gaschaint, Úna Lawlor, An Gúm
5. Bran ag an Sorcas, Eric Hill, An Gúm
6. Rí-Rá : Eagrán 1. Aidan Courtney, Muireann Lalor, Gabriel Rosenstock, Malachai Mac Amhlaoibh
7. Foclóir Póca, Béarla-Gaeilge, An Gúm
8. An Foclóir Beag Gaeilge-Gaeilge, An Gúm
9. Na Clocha Síneacha, Esther Göbl Uí Nualláin,
10. Scríbhneoirí faoi Chaibidil, ag Alan Titley, Cois Life



nádúrtha don leabhar. Tá na grianghraif seo measctha le cartúin éagsúla, rud a thugann dathanna sa bhreis. Faightear treoir ar nós ‘Cuir ag fás é’, ‘Déan é’, ‘Bi ag faire’ nó ‘Molaimid’ ar bharr gach leathanaigh. Tá os cionn 30 plean ann chun an nádúr a spreagadh sa ghairdín. Foghlaimítear faoi bhitheolaíocht an ainmhí agus conas trealamh a úsáid chomh maith. Foilsíodh an leabhar seo den chéad uair sa Bhreatain.

Buíon Ceoil na Seachtaine : Fidil

Le Joanne Ni Riain

Cá bhfuil sibh faoi láthair agus céard atá ar siúl agaibh?
Tá muid sa bhaile in Éirinn faoi láthair agus tá muid tar éis coirmeacha ceoil a dhéanamh sa Button Factory i mBÁC, Queens i mBéal Feirste, ag Féile Oirghialla i Muineachán agus dar ndóigh ag an Cabaret Craiceáilte Tí Hiúdaí anseo i nGleanntáin Ghlas' Ghaoth Dobhair. **Inis dúinn faoin inspioráid a bhí taobh thiar den albam deireanach a bhí agaibh, fidil 3.**
Tagann an inspioráid uile ó fhidléireacht Thír Chonaill - na tiúineanna, an áit, na daoine! Is pribhléid é deis a fháil an ceol seo a sheinm ar stáitsí timpeall an domhain. **Cén sórt aiseolas a fuair sibh faoi?**
Ní thioctadh linn a bheith níos sásta

leis an dóigh ar glacadh leis. Fuair sé 5 réalt san Irish Times - an chéad CD traidisiúnta a fuair sin riamh - agus d'úsáid Domhnall & Brendan Gleeson cúpla uair é ins an Gearscanán úr a rinne siad 'Noreen', rud atá muid iontach bródúil as. **Cén tionchar a bhí ag Damien ar an albam, agus ar an gceol i gcoitinne, nuair a tháinig sé ar bord anuraidh?**
Tugann Damien sórt dearcadh 3D don cheol a bhí Aidan agus mé féin ag seinm roimhe seo. Tá ábaltachtaí agus meon difriúil ag Damien don cheol agus cuireann sé go mór leis an rud atá idir lámha againn. **Ó thaobh ceoil de, agus ceol traidisiúnta go háirithe, ar cheart dúinn a bheith ag breathnú chun tosaigh níos mó meas tú?**
Sílim go bhfuil an ceol Gaelach ag amharc chun tosaigh i gcónaí. Tá



rútaí daingean láidir aige, agus má tá an meas cóir ag na ceoltóirí do na rútaí sin, ní bheidh siad ag cur an ceol seo isteach san iarsmalann ar feadh i bhfad eile. **Bhuaigh Aidan an TG4 Gradam**

Ceoil ‘Ceoltóir Óg na Bliana 2010’ le déanaí. Cén éifeacht a bhíonn ag gradam mar sin oraibh mar ghrúpa?
Tá muid iontach bródúil as Aidan agus an gradam a thuil sé. Ní comórtas a bhí ann ach roghnaigh cóiste

moltóireachta é rud a dhéanann níos speisialta arís é. Tá Aidan mar dhuine de na ceoltóirí óga is fearr sa tír le tamall de bhlianta anuas agus tá sé iontach deas go bhfuair sé aitheantas uaidh TG4 mar gheall ar sin. **Beidh sibh ag seinm ag Féile Oirghialla ag an deireadh seachtaine. An bhfuil tú ag tnúth leis?**
Tá cinnte. Ceann de na chéad gigeanna a rinne Fidil nó i dTeach a'Mhargaidh i Muineachán, so tá muid ag súil go mór dhul ar ais ann. Tá lucht leanúna dílis ceoil ann agus cuid mhór cairde againn ann atá muid ag súil le casadh leo. **An féidir leat achoimre ar cheol agus stíl Fidil a dhéanamh i gcúig fhocal dúinn?**
Fidléireacht dhúchasach Conallach i 3D.

ROGHA RAIDIÓ na Seachtaine

Raidió na Gaeltachta:
Ar an gCoigríoch

AGALLAMH le ceann de na fíodóirí is cáiliúla in Éirinn, Lisbeth Mulcahy. Ón Danmhairg ó dhúchas í, tá Lisbeth ina chónaí i gCorca Dhuibhne ó 1975 i leith agus tá sí pósta leis an bpotaire Louis Mulcahy, tá ceard-shiopa fíodóireachta aici sa Daingean.

Tá an clár seo mar chuid de shraith le Tomás Mac Con Iomaire faoi eachtrannaigh atá cónaí orthu sa tír seo agus a bhfuil baint acu leis an chultúr agus leis an Ghaeilge. Dé Sathairn 10.00 r.n.

Raidió 1: Scéala Éireann

DÍREOIDH an clár seo ag díriú ar Dhiarmaid Mac Murchadha agus ar theacht na Normannaigh. Tá sé mar chuid de shraith stáire as Gaeilge ar Raidió 1. Dé Sathairn 7.00 i.n.

Midlands 103:
Bosca Ceoil

CLÁR ceoil traidisiúnta trí Ghaeilge le

Frank Kelly. D'fhéachadh éist leis an clár go beo ar www.midlandsradio.fm nó ar 103.5 más éisteoir ó lár na tíre thú.

Dé hAoine 7-8 i.n.

Moghrey Jedoonee
(Móra Dé Domhnaigh)

BÍONN Bob Harrison agus Brian Stowell i mbun comhrá ar gach rud a bhaineann le Gaeilge Mhanainn agus ar nósanna is cultúr Oileán Mhanainn. Is féidir éisteacht leis an chlár ar www.manxradio.com.

Dé Domhnaigh 10.00 - 12.00 r.n.

Highland Radio:
Sounds Traditional
as Gaeilge

CLÁR Gaeilge le Rosemary Herraghty le ceol traidisiúnta, bailéid agus amhránaí cáiliúla agus bíonn cúrsaí reatha á phlé trí Ghaeilge chomh maith. Is féidir éist leis an chlár go beo ar www.highlandradio.com.

Déardaoin 8.00-9.00 i.n.

ROGHA TEILIFÍS na Seachtaine

TG4: Ros na Rún

TÁ Mack faoi bhrú ag iarraidh déileáil lena naíonán agus tá a lóistéir nua ag brú ar na fir atá in aontíos leis freisin. Ní saineolaí ar thógáil linbh iad John Joe ná Jason ach is olc an ghaoth mar gur léir go meallann an páiste na mná le theacht ar cuairt chucu!

Ní i bhfeabhas atá cúrsaí gnó ag dul do Pheadar agus do Mháire. Deir Peadar gur fearr dóibh an siopa a dhíol le Bríd agus a bheith réidh leis agus glacadh go bog leis an saol ach níl Máire sásta. Go deimhin, measann sí go bhfuil Bríd ag iarraidh buntáiste a bhreith orthu in am an ghátair. Bagraíonn Máire ar Pheadar gur gearr go mbeidh air a rogha a dhéanamh - an siopa a dhíol nó a phósadh a tharrtháil. Dé Máirt 8.30 i.n.

BBC ALBA:
Taghadh bho na Trads

CLÁR ceoil is ea é seo, curtha i láthair Kathleen Nic Aonghais. An tséachtain seo, beidh buaiteoirí na duaiseanna ceoil traidisiúnta MG ALBA SCOTS 2009, na Trads, ar an gclár. Dé Sathairn 10.00 i.n.

TG4: Banríon an Cheoil

IS clár faisnéise agus ceoil é Banríon an Cheoil ina leantar iarrachtaí an chlárseora Nollaig Brolly cláirseach den seandéanamh a aimsiú agus a sheinm, mar chomórach ar Thionól na gCláirseoirí i mBéal Feirste i 1792.

Ba é an Tionól sin, faoi stiúir Edward Bunting, a chinntigh gur bailíodh an taisce iontach cheoil a bhí ag an nglúin dheireanach cruitirí. Is iomaí dúshlán agus amhras a thagann i mbealach Nol-

laig agus i ar an turas iontach seo ar thóir na hoidhreacht. Dé Luain 8.15

BBC ALBA:
Breab - clár réaltachta an déagóra

Ó BHEATHA na tuaithe go beatha an bhaile mhóir. Ba chóir go mbeadh na déagóirí Breab go maith cumasach ar chóras feidhmithe teilifíse anois ach conas a mhothaíonn siad nuair a chaithfidh

siad clár a phitseáil do trí fheidhmeannaigh na meán.

An éireoidh leo nó an mbeadh siad i dtrioblóid?

Dé Sathairn 6.00 i.n.

TG4: Turas Feasa

AN chéad chlár i sraith nua taistil agus staire ina bhfuil an sléibhteoir agus údar Dermot Somers ag tabhairt faoi aistir cháiliúil ó stair agus ó fhinscéalaíocht liteartha na hÉireann. Tá an domhan siúlta ag Dermot ach seo anois é ar thóir na dtaibhsí staire ar fhód a dhúchais féin. Dé Domhnaigh 9.30

TG4: Ó Pheann an Phiarsaigh

SCANNÁN nua ón duais-stiúirthóir Alan Gilsenan é 'Ó Pheann an Phiarsaigh,' aiste fhíse a fhéachann le meon agus aisling Phádraig Mhic Phiarais mar a chuir seisean in iúl iad ina chuid scríbhinní a chur i láthair le cabhair na samhlaíochta scannáin. Féachann an scannán chun léargas fileata a thabhairt ar scríbhinní Mhic Phiarais.

Pearsa casta ab ea an Piarasach agus tá an dá thuairim ann i gcónaí faoina fhealsúnacht agus faoina oidhreacht.

Dar le daoine áirithe is laoch ildánach é agus réalt eolais d'Athbheochan na Gaeilge. Tá dímheas ag daoine eile air a mheasann gur fear ar strae a bhí ann a bhí faoi dhraíocht ag an bhás. Dé Céadaoin 9.30 i.n.



Alan Gilsenan, stiúirthóir agus Bob Collins, Cathaoirleach Údarás Craolacháin na hÉireann ag an seoladh 'Ó Pheann an Phiarsaigh', aiste fhíse nua ón stiúirthóir Alan Gilsenan do TG4 le léargas fileata ar scríbhinní Phádraig Mhic Phiarais ag Teaghlaigh Pearse i mBaile Átha Cliath. GRI-ANGHRAF: MARC O'SULLIVAN

Raidió Uirbeach Gaeilge
106.4FM
RAIDIÓ NA LIFE
Cuisle na Cathrach
do Bhaile Átha Cliath!

Stáisiún Gaeilge Átha Cliath

Sceideal, Podchraoltaí & Beoshruth ar

www.raidionalife.ie

Stúideo DEARG Studio

Taifeadadh & Léiriú Fuaim
Tel: 01-6616333

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

near90.3fm

“AR MUIN NA MUICE”
Clár Gaeilge de chuid Near 90fm

Ag craoladh ag 5.30 gach lá i rith na seachtaine
A athchraoladh ag 9:00 ar maidin

A bhair: polaitíocht, cúrsaí reatha, spóirt, taisteal, na healaíona
Agallaimh le daoine aitiúla ó Bhaile Átha Cliath
Thoir-Thuaidh agus ó thimpeall na tíre

Podchraoladh: www.nearfm.ie/podcast
fón: 01 8671190 r-phost: gaeilge@nearfm.ie

OIDEACHAS 8

Gaelscoil Ráth Tó

Le Gráinne McElwain

OSCLÓFAR Gaelscoil nua i Ráth Tó, Co. na Mí ar an 1ú Meán Fomhair i mbliana ach faoi láthair tá siad go fóill gan foirgneamh agus gan aitheantas ón Roinn Oideachais agus Scileanna. “I dtreo dheireadh na bliana 2009, d’fhógair an Roinn Oideachais go raibh gá le bunscoil nua i Ráth Tó ach timpeall mhí Feabhra i mbliana, chuaigh siad siar ar a gcinneadh, ag rá nach bhfuil gá le bunscoil nua mar go bhfuil go leor spásanna sna scoileanna atá ann cheana féin” a deir Seán Ó Buachalla, Oifigeach Caidreamh Poiblí Ghaelscoil Ráth Tó. Ba bhaile beag é Ráth Tó deich mbliana ó shin ach anois tá borradh faoi leith ar an mhéid daoine atá ina gcónaí sa cheantar. Níl ach dhá scoil Bhéarla ann a deir Seán Ó Buachalla agus tá an-éileamh ann do Ghaelscoil sa cheantar. Thosaigh sé feachtas chun Gaelscoil a bhunú san áit nuair a

thug sé faoi deara gurbh é Ráth Tó an t-aon áit i nDeisceart na Mí nach raibh Gaelscoil ann. “Is as ceantar gar don áit seo mé féin agus tá an-dúil agam sa Ghaeilge. Bhí cruinniú poiblí againn i Lúnasa 2008 agus, ina dhi-aidh sin, bunaíodh coiste chun Gaelscoil Ráth Tó a chur chun cinn. D’éirigh linn 30 leanbh a chlárú do 2010 agus tá 130 leanbh cláraithe againn go 2013”. Níl a fhios ag Seán cad chuige ar dhiúltaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna aitheantas a bhronnadh ar an scoil agus tá sé sin ag cur feirge ar an Choiste. Mar nach bhfuair aitheantas, tharraing tuismitheoirí a gcuid páistí amach as an scoil ach tá Seán agus an triúr eile ar an Choiste muiníneach go mbeidh Gaelscoil Ráth Tó ag oscailt le deich-niúr páiste agus múinteoir amháin ag deireadh an tsamhraidh. “Tá go leor cuidiú faighte againn go háirithe ón Fhoras Pátrúnachta a mhol dúinn an scoil a bhunú. Ní hé seo an chéad uair atá Gaelscoil ag oscailt gan aitheantas ón Roinn.

Níor osclaíodh Gaelscoil nua ó 2008 agus tá an chuma ar an scéal nach bhfuil an Roinn sásta an Ghaeilge a aithint mar chuid den mheasúnú ar sholáthar oideachais” : Lorcán Mac Gabhann ó Ghlór na nGael

Tharla an rud céanna do Ghaelscoil i Maigh Nuad agus fuair siad aitheantas an bhliain dár gcionn.” Le déanaí, d’fhógair cúig eagraíocht Ghaeilge go bhfuil siad ag teacht le chéile i gcomhfhiontar chun tacú leis an Ghaelscoil nuabhunaithe. Deir Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, Comhluadar, An Foras Pátrúnachta agus Gaelscoileanna go bhfuil siad aontaithe ar thacaíocht a sholáthar do Choiste Bunaithe Ghaelscoil Ráth Tó. Beidh an feachtas nua seo, “Aitheantas,” ag obair le cinntiú go n-aithneofar Gaelscoil Ráth Tó agus go n-úsáidfídh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta soláthar an Ghaeloideachais mar chritéar agus iad ag roghnú áiteanna do scoileanna nua. “Is ceist náisiúnta agus áitiúil an diúltú seo” a dúirt Lorcán Mac Gabhann ó Ghlór na nGael. Níor osclaíodh Gaelscoil nua ó 2008 agus tá an chuma ar an scéal nach bhfuil an Roinn sásta an Ghaeilge a aithint mar chuid den mheasúnú ar

sholáthar oideachais”. Idir seo agus tús an téarma nua, beidh suíomh don scoil le cinntiú ag Gaelscoil Ráth Tó agus airgead le bailiú. “Beidh €70,000 ag teastáil don chéad bhliain agus tá breis is €20,000 againn faoi láthair. Bhí agus beidh ócáidí bailiúcháin airgid againn. Tá sé ar intinn againn fosta feachtas náisiúnta a fhógairt sna meáin chumarsáide ar fad.” Cuireadh ceist ar an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi Ghaelscoil Ráth Tó agus tugadh an ráiteas seo: “Tar éis anailís chuimsitheach ar na méid páistí a bheadh sa cheantar i mí Mheán Fómhair agus ar an acmhainn spáis a bheadh ag teastáil, socraíodh nach raibh gá le scoil nua a bhunú sa cheantar. Tá an Roinn sásta go bhféadfadh na scoileanna atá ansin faoi láthair freastal ar an éileamh i mí Mheán Fómhair 2010 agus déanfaimid athbhreithniú air seo arís do Mheán Fómhair 2011 i gcomhar leis na pátrúin scoileanna.”

Aitheantas do mhic léinn na meán cumarsáide

Le hAudrey Ní Dhonnchadha

BRONNADH na Gradaim Náisiúnta Meán Cumarsáide na Mac Léinn i searmanas i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath ar an gCéadaoin seo caite. Cé go nglacann beagnach gach coláiste sa tír páirt sna gradaim, ba í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) an buaiteoir ba mhó ar an oíche, ag buachaint gradam amháin i ngach ceann de na trí chatagóir. Bhuaigh mac léinn iriseoireachta Samuel Hamilton an duais aonair ba mhó, an ceann sa chatagóir Iriseoir na Bliana. Bhuaigh Samuel Iris na Bliana chomh maith le Flux, iris ealaíne a foilsíodh i nuachtán na hollscoile in DCU, The College View. Dúirt Hamilton, atá ina bhliain dheireanach sa chúrsa iriseoireachta in DCU, go raibh “áthas agus ionadh an domhain” air nuair a bhuaigh sé. D’ainmníodh Catriona Laverty ó Shrath an Urláir, Dún na nGall mar Eagarthóir na Bliana dá cuid oibre le nuachtán UCD, The University

Observer. Bhuaigh ceann de nuachtáin Choláiste na Tríonóide, The University Times, an duais ghrúpa ba mhó - Nuachtán na Bliana. Ó thaobh na Gaeilge de, bhuaigh Danny Mac Eachmharaigh agus roinnt mic léinn eile ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge an duais teilifíse lena léiriúchán ‘Beans’. Bhí an t-ádh ar Ghaeilge UCD ar an oíche le bua dubailte sa dá chatagóir Ghaeilge eile - bhuaigh Maria Ní Shíthigh an duais scríofa agus Jack Ó Leocháin agus Eoin Ó Murchú an duais raidió. Is é seo an chéad bhliain ina bhfuair DCU an lámh in uachtar sna gradaim seo, cé go bhfuil aitheantas tugtha don choláiste mar phríomhollscoil na meán cumarsáide sa tír. Bhuaigh mic léinn DCU Iriseoir na Bliana (Preas Náisiúnta), Grianghrafadóir na Bliana, Scríbhneoir Spóirt na Bliana, Blag na Bliana, DJ Raidió na Bliana, Clár Raidió na Bliana, Scríbhneoir Gné-Alt na Bliana (Ealaíona) agus Scríbhneoir Gné-Alt na Bliana (Nuacht agus

Polaitíocht). Dar le Colman Byrne ón suíomh idirlín mac léinn oxygen.ie a eagraíonn an ócáid, bhí an searmanas i mbliana níos mó agus níos fearr ná aon cheann eile roimhe. “Sa chúlú eacnamaíochta tá sé níos deacra ná aon am eile slí bheatha sna meáin chumarsáide a bhaint amach. “Is bealach iontach é na gradaim seo chun idirdhealú a tharraingt idir an buaiteoir agus na céadta mic léinn iriseoireachta eile.” Chuir Eoin MacVey, Eagarthóir Bainistíochta The Irish Times, béim ar an ardchaighdeán obair chraolta agus chlóite a bhí ar fáil in ollscoileanna agus i gcoláistí timpeall na tíre i mbliana. “Cuireann fostóirí an-tábhacht ar na gradaim seo. Is áit oiliúna iontach é an domhan iriseoireacht ollscoile dóibh siúd atá ag iarraidh briseadh isteach sa tionscadal proifisiúnta,” a deir sé. D’fhreastail níos mó ná 600 mac léinn ar an searmanas; is iad na pearsantachtaí teilifíse Daithí Ó Sé agus Kathryn Thomas a chuir an ócáid i láthair.



NUI Galway
OÉ Gaillimh

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar an bpost seo a leanas:

Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

- Léachtóir (faoi bhun an bhaic) le Leigheas - Leigheas Athghiniúnach

Spriocdháta: Déardaoín, 3 Meitheamh 2010.

Tuarastal: Léachtóir (faoi bhun an bhaic): €40,256 - €56,782 in aghaidh na bliana.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus iarratas a dhéanamh ach cuairt a thabhairt ar www.publicjobs.ie

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.



www.nuigalway.ie





An tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa lena fear céile An Dochtúir Máirtín Mac Giolla Íosa agus bunaitheoirí Bhunscoil Phobail Feirste, an chéad bhunscoil Gaeilge sa Tuaisceart, Aire Oideachais an Tuaiscirt, Caitríona Ruane agus feisire parlaiminte an cheantair, Gerry Adams chomh maith le haíonna speisialta eile agus na céadta dalta as gach Gaelscoil ar fud na sé chontae ag ceiliúradh 40 bliain den Scolaíocht trí Ghaeilge sa Tuaisceart ag oscailt oifigiúil Ionad Taca Foghlama Choláiste Feirste i mBéal Feirste. GRIANGHRAF - SIMON GRAHAM/HARRISON PHOTOGRAPHY

Gael Linn

Coláiste Bhaile Bhúirne Co. Chorcaí

Cúrsaí samhraidh do dhaoine óga (aois 11-18)

Cúrsaí samhraidh i nGaeltacht Chorcaí

- A. 27 Meith. go dtí 18 Iúil
- B. 19 Meith. go dtí 3 Lúnasa
- C. 3 go dtí 18 Lúnasa (Cúrsa spóirt)

1890-675-675 (ar chostas glao áitiúil)
Gael Linn, 35 Sráid an Dáma, BÁC 2

www.gael-linn.ie

Caighdeán múinteoireachta lochtach i nGaelscoil na Daróige i nDoire?



Le Treasa Bhreathnach

FOILSÍODH tuairisc mar gheall ar an gcaighdeán múinteoireachta agus ceannaireachta i nGaelscoil na Daróige i nDoire a deir go bhfuil an caighdeán lochtach. Tá sé ráite sa tuairisc go raibh cur chuige na scoile i dtaobh measúnachta “neamhréireach agus nach raibh an nasc idir measúnacht, pleanáil na múinteoirí agus cleachtais seomra ranga láidir go leor.”

Deirtear chomh maith gur bhronn an tAire Oideachais Caitríona Ruane


maoiniú ar an nGaelscoil seo faoi dhó in aghaidh chomhairle oifigigh a Roinne féin. Ach deir Gaelscoil na Daróige “Tá an tuairisc seo as dáta agus foilsíodh í os cionn bliain ó shin.” Is Gaelscoil í Gaelscoil na Daróige a bunaíodh in 2005 cé nach raibh maoiniú na Roinne faighte acu go dtí 2009 agus go dtí an pointe sin bhí orthu brath ar oibrithe deonacha agus foinsí deonacha maoinithe. Dar le Comhairle na Gaelscolaíochta ní raibh an Ghaelscoil ag fáil an mhaoinithe ón Roinn ach ar feadh roinnt seachtainí roimh an chigireacht agus nach raibh aon iontas ann go mbeadh an scoil fós ag déileáil leis na fadhbanna a cruthaíodh le linn na gcúig bliana neamhmaoinithe.

Is dóigh leo féin nach bhfuil sa tuairisc seo ach iarracht arionsaí a dhéanamh ar an Aire Ruane agus í ag stocaireacht don

fheachtas toghchánaíochta. Faoin tuairisc seo tá sé ráite go ndúradh leis an Aire go mbeadh a tacaíocht do Ghaelscoil na Daróige ag cur isteach ar Ghaelscoileanna eile sa gceantar. Deir Déaglán Ó Mochain, cathaoirleach Bhord Ghaelscoil Éadain Mhóir i nDoire, “níl aon chomórtas idir Ghaelscoileanna an cheantair agus níl tacaíocht an Aire do Ghaelscoil na Daróige ag cur isteach ar Ghaelscoileanna eile.”

Is éard a deir Comhairle na Gaelscolaíochta ná go bhfuil na trí Ghaelscoil atá lonnaithe i gCathair Dhoire suite i bhfad ó chéile agus nach bhfuil mórán baoil ann go mbeadh siad ag teacht salach ar a chéile. Deir siad chomh maith go bhfuil pleanáil ar bun faoi láthair chun iarbunscoil a fhorbairt sa gCathair agus suil go gcuirfead tús leis seo i mí Mheán Fómhar 2011.

Crosfhocal 30.04.2010




- TRASNA**
- 1 Roinn, deighil (4)
 - 5 Grúpa, slua (5)
 - 7 Lomtar é ó dhroim caoirigh (5)
 - 8 Fuaim an phréacháin (4)
 - 9 Ord ina bhfuil cruinniú leagtha amach (4)
 - 10 Singil. gan chomhlúadar (8)
 - 14 Bealach, dóigh (3)
 - 16 Pléisiúr, taitneamh (4)
 - 17 Modh taistil ag an Rómánaigh fadó (7)
 - 21 Rí na nÉan (5)
 - 23 Ábhar a dhíoltar i siopa (5)
 - 25 Mac do dheirféar (3)
 - 26 Tagann sé ó thine nó radaitheoir (4)
 - 27 Grá, dúil (4)
 - 29 Feachtas do chearta Gaeilge ó thuaidh? (4)
 - 33 Sraith theilifíse do pháistí ar TG4, ___ 4 (4)
 - 34 Ábhar grinn déanta as scéal dáiríre (3)
 - 35 Críocha, náisiún (3)
 - 36 Scornach (5)
 - 37 Planda a thabharfaidh cealg duit (7)

- SÍOS**
- 2 Aire, freagracht (5)
 - 3 Píoc, togha (5)
 - 4 Toradh crua crann áirithe mar choill, darach srl (3)
 - 5 Cadás, d'fhuáil (5)
 - 6 Costas iontrála, nó costas úsáide bóithre (6)
 - 9 Áisíneacht Fianaise Lárnach, Meiriceá? (3)
 - 11 Dumhach faoi uisce (5)
 - 12 Leibhéal daoine sa tsochaí? Lucht oibre, meán-, ard- srl (5)
 - 13 Áit a chónaíonn cearca (3)
 - 15 Ábhar don tine (4)
 - 18 Olcas nó mí-ámharai (7)
 - 19 Foinse airgid (5)
 - 20 Oibrí (8)
 - 22 Daoine, pobal (3)
 - 24 Madra mara (3)
 - 27 Suíonn sé seo ar bharr do mhuiníl (5)
 - 28 Déantar peitreal as, nó úsáidtear é do chócaireacht (3)
 - 30 Fís a thiománann daoine chun cinn sa saol (4)
 - 31 Clóca, fallaing (4)
 - 32 Cóngarach dó (3)

Crosfhocal
23.04.2010

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Gearóid Ó Mocháin,
Tír an Fhia, Leitir Mór,
Co. na Gaillimhe



Duais na seachtaine

Bronnfar hudaí de chuid rogha Spailpín ar bhuaiteoir na seachtaine. Ní mhór do chuid iarratas a bheith ar ais roimh 28 Aibreán, 2010 chuig: Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm

Seoladh

Uimhir Fón.....



Drochíomhá Scoláirí, an bhfuil sé cothrom?

Le Sophie Gahan

TÁ meon forleathan sa phobal nach ndéanann scoláirí ollscoile mórán seachas bheith ag codladh agus ag ól. Ach, léiríonn staitisticí atá foilsithe ag educationireland.ie nach bhfuil an tuairim seo cruinn feasta. Is minic a chuirtear i leith mic léinn go gcaitheann siad a gcuid deontas ar fad ar alcól, nach ndéanann siad faic san ollscoil seachas ól agus nach bhfuil a n-aird dírithe ar chúrsaí acadúla ar chor ar bith acu.

Ach, tá cuid mhaith scoláirí nach dtagann leis an meon seo ar chor ar bith. Scoláirí atá buíoch as na deiseanna atá acu. Scoláirí a oibríonn go dian chun a gcuid céimeanna a bhaint amach. Agus ní mionlach atá iontu.

“Cloisim na scéalta steiréitíopa sna meáin i gcónaí faoi mhic léinn agus iad ag scriosadh gach rud, ach ní raibh an taithí sin agam féin riamh,” a deir Elva Carri, céimí ón gColáiste Ealaíne is Deartha i Luimneach. Tá Elva mar chuid den phobal creidimh Bahá’í agus ní ólann siad ar chor ar bith.

“Níor bhuail mé féin le haon mhac léinn cósuil leis sin. Gach uair a chloisim na ráitis sin, sílim gur in ollscoil eile atá siad agus ceapaim go ndéarfadh a lán daoine eile an rud céanna.”

Chuaigh Elva amach le linn tréimhse a hollscolaíochta le daoine a bhí ag ól, ach níor chuir sé isteach uirthi riamh. “Ní raibh aon bhrú ann. In ionad drochthionchar a bheith acusan ormsa, bhí dea-thionchar agam orthusan,” deir sí. Aontaíonn Elva go mbíonn scoláirí ag ól, ach síleann sí gur cuid den chultúr Éireannach atá ansin, seachas cultúr na

mac léinn féin.

Scoláire eile a bhí ag ól le linn di a bheith san ollscoil ná Siobhán Ní Ghabhráin. Airíonn sise gur fhulaing sí ó phiarbhrú a cuid comhscoláirí. Theip ar Shiobhán i roinnt scrúduithe céad bhliana Teiripe Shaothair in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Chuir Siobhán cosc ar oícheanta amach di féin i mbliana agus tá ag éirí i bhfad níos fearr léi i gcúrsaí acadúla. “Tá buntáiste agam i mo chuid oibre anois, ach cuireann sé isteach ar roinnt de mo chairde nach mbím ag dul amach níos mó.”

Nuair a theip uirthi sa chéad bhliain bhí ar Shiobhán íoc as na costais athscrúdaithe ar fad í féin, rud a thug tuiscint di ar luach na hollscolaíochta. “Cuireann sé isteach orm anois nuair a chloisim daoine ag rá ‘ná bí ró-dhiomúch faoi na scrúduithe, d’fhéadfá iad a athdhéanamh’.

Ach, nuair a bhíonn ort íoc as na scrúduithe duit féin, tuigeann tú nach bhfuil sé chomh simplí sin.” Réadóir atá ag freastal ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath é Micheál Deery, atá an-bhuíoch as saol an scoláire lasmuigh den ólachán chomh maith. Oibríonn Micheál i dteach tábhairne a mhuintire agus é sa bhaile. Aontaíonn Micheál le hElva gur fadhb Éireannach é an t-ólachán, seachas fadhb na mac léinn. “Oibríonn Mic Léinn na hÉireann go dian chun a gcuid céimeanna a bhaint amach.

Anuraidh bhí seachtain RAG Ollscoil na hÉireann, Gaillimh scaipthe ar fud na meán. Ní bhíonn ach líon beag scoláirí ag cruthú an ruaille buaille sin. Níl an nós sin ag formhór na scoláirí”.

I mbliana cuireadh seachtain RAG OÉ Gaillimh ar ceal de bharr 40 mac léinn ólta a bheith gafa ag na Gardaí le linn na hócáide anuraidh. Ag labhairt faoi na heachtraí sin ag an am, dúirt ardbhainistíocht OÉ Gaillimh “Is mór an trua é go raibh gá an tseachtain seo a chur ar ceal i mbliana de bharr líon beag scoláirí a bheith ag úsáid na seachtaine carthanáí seo mar dheis ólacháin”.

Síleann Micheál go bhfuil buntáistí áirithe ag baint le bheith i do réadóir san ollscoil, ach ní cheapann sé go mbíonn sé ag obair níos déine ná aon duine eile. “Ní bhíonn mic léinn ag ól le linn na scrúduithe ar aon nós.

Mar sin níl buntáiste faoi leith agam-sa. Uaireanta bíonn - i gcóir mionscrúduithe sa rang b’fhéidir.” Tá Elva cáilithe le trí bliana anois. Measann sí gurb í an tréimhse ollscolaíochta an tráth is mó ina saol ar bhain sí taitneamh as comhlúadar a cairde. “Nílím ag dul amach chomh minic anois, níl gach duine in ann bualadh lena chéile mar tá gach duine gafa ag an obair.” De réir educationireland.ie tá “aitheantas tugtha do thraidisiún ardchaighdeán oideachasúil na hÉireann ar fud an domhain”.

Deirtear go nglacann níos mó de mhuintir na hÉireann páirt sa chóras oideachais ná mar a ghlacann daoine i gcuid mhaith de thíortha eile an domhain. Críochnaíonn breis is 81% de scoláirí oideachas meánscoile, le 60% díobh sin ag dul ar aghaidh chun cúrsa tríú leibhéal a dhéanamh. Léiríonn na staitisticí sin go bhfuil dea-obair ar siúl ag cuid mhaith de mhic léinn na tíre seo. Agus ní ólachán amháin a bhíonn ar bun acu.

Léachtóirí faoi Bhrú de Bharr Ciorruithe

Le hÁine Seagrave

CAITHFIDH mic léinn dul i dtaithí ar níos lú tacaíocht phraiticiúil agus uaireanta teagaisc laghdaithe, mar thoradh ar chiorruithe san earnáil léachtóra, dar le John MacGabhann, Leas-Ard Rúnaí Aontas Múinteoirí na hÉireann.

Le blianta beaga anuas tá mic léinn ag fulaingt de bharr caighdeán seirbhísí níos ísle mar thoradh ar chiorruithe, dar leis. “Fad is a ardaíonn líon na mac léinn, tá líon na léachtóirí atá á dteagasc ag ísliú,” a deir AMÉ, “agus cuireann seo isteach ar an gcaighdeán oideachais”.

Is minic a chloistear scéalta faoi strus agus brú i measc na mac léinn, ach bíonn léachtóirí faoi anró chomh maith.

“Gan dabht is post strusmhar é post an léachtóra, go háirithe le blianta beaga anuas” a deir Muireann Ní Bhrolcháin, léachtóir in Ollscoil na hÉireann Mhaigh Nuad. “Tá béim níos mó ar mheasúnú leanúnach in ionad scrúduithe ag deireadh na bliana i

gcoláistí áirithe - Maigh Nuad san áireamh. Gan dabht cuireann an measúnú leanúnach níos mó strus ar mhic léinn agus ar léachtóirí chomh maith. Níl an chraic agus spraoi céanna ann mar gheall ar seo”, a deir sí. Anois le haimsir scrúduithe buailte linn arís, tá brú ar léachtóirí de bharr go bhfuil gach duine ag iarraidh an chéim is fearr a bhaint amach, go háirithe leis an athrú san aeráid eacnamaíochta.”

Tagann Mairéad Nic Giolla Mhichíl, léachtóir le FIONTAR, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, leis an tuairim sin. “Tá dualgas orainn an tseirbhís is fearr a chur ar fáil do na scoláirí chun go mbainfidh siad an tslí bheatha is fearr amach nuair a fhágann siad an ollscoil,” a deir sí.

Aithnítear gur mór an dul chun cinn atá déanta mar thoradh ar ré an Tíogar Cheiltigh. Mar gheall ar an ‘boom’ seo i rith na nóchaidí d’ardaigh líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar oideachas tríú leibhéal. Ach, tá droch staid na heacnamaíochta faoi láthair ag cur go mór le strus na léachtóirí, dar leo. “Níl

na háiseanna nó seirbhísí céanna againn anois. Níl an méid cabhair againn ó thaobh léachtóirí páirtaim-seartha agus rúnaithe is a bhíodh,” a deir Mairéad Nic Giolla Mhichíl. “Tá níos mó dualgais orainn de bharr nach bhfuil go leor léachtóirí ann.

Tá orainn níos mó a chlúdach,” a mhínigh sí. Ag tagairt don chosc ar earcaíocht san earnáil phoiblí, dúirt Muireann Ní Bhrolcháin, “níl cead againn na poist a líonadh. Tá níos mó daoine ag éirí as go luath freisin, agus níl aon duine dhá chur ina n-áit.”

Gníomhaíonn Aontas Múinteoirí na hÉireann do 3500 léachtóir tríú leibhéal sa tír seo. Aithníonn John MacGabhann “go bhfuil brú ag teacht ar léachtóirí, tráth a bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh le haghaidh oideachas tríú leibhéal.”

“Caithfear dul i ngleic leis an fhadhb phráinneach seo, sula dtéann rudaí in olcas,” a deir sé. “Tá gá le cistiú agus infheistíocht níos mó sna hollscoileanna anois chun an brú ar na léachtóirí a fhuascailt,” dar leis.

9 MIONFHÓGRAÍ & FOLÚNTAS

CLÓ MHAIGH EO LEABHAIR GHAELGE DO PHÁISTÍ AGUS DO DHAOINE ÓGA



CLÓ MHAIGH EO
CLÁR CHLAINE MUIRIS
CO MHAIGH EO
086 8859 407 / 094 9371 744
WWW.LEABHAR.COM

CLÓ MHAIGH EO



Údarás na Gaeltachta



Cúrsa Oiliúna d'Áisitheoirí chun an clár Aosú le Muinín a sheachadadh trí mheán na Gaeilge

Tá Tearmann Éanna Teo ag lorg iarratais do Chúrsa Oiliúna d'Áisitheoirí le hAosú le Muinín. Ní mór taithí a bheith ag iar-ratasóirí cheana féin in áisiú grúpaí. Tá sé mar aidhm leis an gcúrsa áisitheoirí a oiliúint chun an clár a chur ar fáil ins na Gaeltachtaí. Áirithe sa Chúrsa Oiliúna d'Áisitheoirí beidh: Feabhsú scileanna, déimeagrafaic, agus na gnéithe fisiciúla, sóisialta agus síceolaíocha a bhaineann le hAosú. Díreofar freisin ar fhoghlaím ó thaithí.

Ní mór d'iarratasóirí na nithe seo a bheith acu:

- Scileanna áisithe reatha.
- Inspreagadh chun clár ar ardchaighdeán a chur ar fáil
- Suim agus eolas i gcúinsí a bhaineann le haosú
- Cumas chun an clár a chur ar fáil
- A bheith ar fáil agus tiomanta chun freastal ar 6 lá iomlán oiliúna
- Dul faoin measúnacht atá riachtanach

Tá tuilleadh eolais agus foirm iarratais ar fáil ón mBainisteoir i dTearmann Éanna Teo,
An Tulach, Baile na hAbhann, Co na Gaillimhe.
Teil: 091 505540 nó tearmanneanna@eircom.net
An dáta deiridh d'iarratais 26 Bealtaine 2010

Ní mór do na hiarratasóirí a bheith ar fáil le haghaidh agallamh ar an 7/8 Iúil 2010
Tá sé i gceist go mbeidh oiliúint á thabhairt ar na dátaí seo a leanas;
8/9 Meán Fómhar, 15/16 Meán Fómhar agus 22/23 Meán Fómhar 2010
Tá an dáta measúnachta le socrú.



Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013



Printing Services /
Professional Finishing /
In House Design

Le os cionn 30 bliain taithí ins an gelódóireacht taobh thiar dúinn, agus an treallamh agus innealra is nua aoisi ar an margadh, déanann muid táirge den scoth ar phraghas réasúnach.

I gcóir meastachán glaoigh orainn ag ár n-oifig in Indreabhán, Conamara ag 091 593251.

t. 091 593 251 / 593 157
f. 091 593 159
e. info@clprint.ie

Clódóirí Lurgan



SIOPA NUA AR-LÍNE
EARRAÍ GAEILGE AGUS ÉIREANNACHA
NEW ONLINE SHOP
IRISH AND IRISH LANGUAGE GOODS

CÓD SPEISIALTA i gCOMHAIR NA LASCAINE:
SPECIAL DISCOUNT CODE:
Gaelscéal

Gach eolais faoi udar.ie ar fáil ó www.udar.ie
All information for udar.ie available on www.udar.ie

Tá udar.ie ag trádáil mar chuid de Clór na nGael Teo.
udar.ie is trading as part of Clór na nGael Teo.

Ag guí gach ráth ar Gaelscéal ó Clór na nGael



Ag tacú le pobal na teanga



UNIVERSITY of LIMERICK
OILESCOIL LUIMNIGH

Scéim Chónaithe do Mhic Léinn na Chéad Bhliana 2010-2011

Spríocdháta: 28 Bealtaine 2010

Tuilleadh eolais: www.ul.ie/aonadnagaeilge faoi 'Nuacht is Déanaí'

Ola Catalunya! Schumy ar ais arís!



Le Paidí Ó Lionáird

“NACH diabhaltaí an mac é?” a d’iarr Pádraic orm sa phub áitiúil an tráthnó-na gur fhógair an tiománaí gluaisteáin is fearr riamh go raibh sé chun filleadh ar an spórt mealltach sin F1. Ag aois 41 bheadh Michael Schumacher ag filleadh ar spórt a bhí fágtha ina dhiaidh aige ceithre bliana roimhe sin agus é ag barr an dréimire.

Tá níos mó curiarrachtaí aige i ngach gnéith den spórt seo ná aon duine eile. An méid is mó rásanna buaite aige (91), an méid is mó pointí (1,379), an méid is mó cuarda is tapúla (76) agus an méid is mó tús áite tosaigh (68). Ach níos tábhachtaí ná na huimhreacha sin ar fad tá an uimhir 7 – seacht n-uaire gur bhuaigh sé craobh-chomórtas F1 ina iomláine agus cúig cinn acu san as a chéile idir 2000 agus 2004. Mar sin cén fath a mbeadh fonn air filleadh ar cheann de na spóirt is contúirtí dá bhfuil ann? Spórt a bhíonn de shíor ag athrú de bharr rialú agus dul chun cinn ar aon dul. Bhuel tá go leor tuairimí agus freagraí ar an gceist áirithe sin.

Chaith sé 2007 ag obair mar chúntóir ag Jean Todt agus ag faire ar a dhalta, fear na Fionlainne, Kimi Raikonen sa Ferrari ag fáil an ceann is fearr ar Lewis Hamilton agus Fer-

nando Alonso araon ón bhfoireann McLaren-Mercedes le pointe amháin! Ar a laghad bhí baint aige leis. Chaith sé an bhliain dár gcionn ag faire ar an Sasanach óg Hamilton ina McLaren-Merc ag buachaint an chraobh-chomórtais in aghaidh Felipe Massa sa Ferrari. Dona go leor. Ach nuair a chonaic sé cúigear tiománaí i dtrí ghluaisteán éagsúla ag fáil an ceann is fearr ar Ferrari anuraidh? Ní fhéadfaí glacadh leis sin. I ndáiríre, ceapaim gur de bharr leadrán an tsaoil a chinn sé ar fhilleadh. Déarfainn freisin go raibh a bhean chéile, Corinna, bréan de, é sa bhaile agus é ag clamhsán faoin easpa scile agus cur chuige a bhí acu siúd a bhí fós ag rásaíocht agus é ag sú na gréine i measc na ndaoine áille i Monte Carlo.

Bheadh fadhbanna aige agus é ag filleadh. Ní bheadh gach ní mar a bhí nuair ba rí na rásaíochta é. Gluaiseann na gluaisteáin rásaíochta seo go fíorthapaidh agus gluaiseann gach ní a bhaineann leo nach mór chomh tapaidh céanna. Pé méid each-chumhacht a bhíodh iontu, bheadh níos mó anois iontu, pé méid fórsa aeradinimice a bhíodh ann, bheadh sé méadaithe go mór, pé fórsa G a bhí foghlamtha ag a mhuineál, bhainfí siar anois as agus é i bhfad níos airde arís. Ní bheadh an urraim chéanna dó ná an eagla chéanna roimhe ach an oiread. Tá tiománaithe óga, nua tagtha chun cinn agus mar a deir bainisteoirí maithhe spóirt, is nós atá sa bhuachaint. Níos a bhí go maith i gcás Schumacher san am a caitheadh. Bheadh, áfach, an nós sin ina



chuimhne aige. Bheadh sé ina aigéad di-ocsairibeanúicléasach nó DNA aige. Nós foghlamtha agus cleachtaithe go beacht aige thar tréimhse de bhreis is 30 bliain i mbun rásaíochta. Níos seasmhach. Ní Ferrari a bheadh faoi níos mó áfach – Tifosi an Scuderia Ferrari in easnamh air agus ba mhór an chailliúint a bheadh ansan dó toisc gur tharraing sé an fhoireann sin agus go deimhin an comhlacht déantúsaíochta gluaisteáin bhóthair is coimhthíche ar thalamh na cruinne ó bhun go barr lena chumas tiomána agus, níos tabhachtaí dóibh siúd, a chumas míniú a thabhairt ar cad a



d’fhéadfaí a fheabhsú agus conas.

Bheadh tuilleadh seasmhachta ann mar sin féin óir bheadh Ross Brawn mar bhainisteoir na foirne. Ní raibh comhghuailíocht chomh maith riamh le Brawn i mbun straitéise agus Schumacher sa stiúir, iad ag obair as lámha a chéile nuair a bhuaigh Ferrari na cúig Chraobh-chomórtas sin as a chéile (bhuel, ba mhaith leo Jean Todt agus Rory Byrne bheith acu freisin ach ní féidir foirfeacht a bhaint amach, an féidir?)

Níor bhuaigh Schumacher rás fós ó d’fhill sé ar an spórt. Níor tháinig sé i ngiorracht scread asail dó. I ndiaidh

ceithre rás, tá Schumacher sa 10ú hait le 10 bpoinnte buaite aige, scór atá go maith go dtí go bhfeiceann tú go bhfuil a chomhleacaí foirne Nico Rosberg sa dara háit le 50 pointe. Chríochnaigh sé trí cinn de na rásaí agus chríochnaigh sé níos fearr ná mar a cháiligh sé iontu san. Beidh siad sa Spáinn an tseachtain seo chugainn agus an bhfuil fhios agat, ceapaimse go bhféadfadh Schumy bheith san iomaíocht. Is ann a bhuaigh sé a chéad rás le Ferrari in 1996. Ní doigh liom go mbeidh sé ró-bhuartha go fóill áfach mar ceapaim go mbeadh sé réalaióch a dhóthain le go dtuigfeadh sé gur de réir a chéile a dhéantar na caisleáin ach bheadh a fhios aige ar an láimh eile go ndéantar iad ar deireadh!

Foireann Peile Bhodhar na hÉireann ag ullmhú don chluiche Cáilithe leis an tSlóvaic

BEIDH foireann peile bhodhar na bhfear ag imirt dhá chluiche in aghaidh na Slóvaice chun áit a bhaint amach i gComórtas Craoibhe Bodhar na hEorpa sa Danmhairg i mí an Mheitheamh 2011.

Beidh an chéad chluiche sa bhaile acu ag páirc pheile Home Farm i Halla Bán, Baile Átha Cliath ar an 29ú Bealtaine agus an dara chluiche sa tSlóvaic ar an 11ú Meán Fómhair.

Seo cluiche a bheidh dian ar na leaideanna, ach tá clú agus cáil orthu mar cheann de na foirne bodhar is fearr ar domhan. Nuair a ghlacadar páirt i gCraobh na hEorpa i 2007 bhí buanna maithhe acu in aghaidh na Rúise, An Bheilg agus An Ghearmáin. Ach chaill siad in aghaidh Sasana chun an tríú háit a fháil sa chomórtas.

“Tá na leaideanna ag obair an-chrua don chluiche seo. Seo cluiche fíorthábhachtach dúinn agus tá súil againn go mbeidh an-taispeántas againn ar an lá agus go mbeidh sé sin maith go leor chun dul chomh fada leis an Danmhairg,” a deir a stiúrthóir peile Seán Herlihy.


Tús na Craoibhe CLG

CUIRFEAR tús le Craobh Pheile Chonacht an Domhnach beag seo nuair a bhuaifidh Gaillimh agus Nua Eabhrac lena chéile sa chéad bhabhta den chomórtas.

D’fhág foireann na Gaillimhe agus an bhainistíocht, chomh maith le roinnt dá lucht tacaíochta maidin inné agus cé go mbeidh siad mar rogha láidir na coitiantachta, dúirt Seán Ó Domhnaill, roghnóir le Gaillimh “go gcaithfidh meas a bheith againn ar Nua Eabhrac agus díriú isteach ar ár gcluiche féin.

Seo an chéad chluiche Craoibhe den bhliain agus beidh muid an-dáiríre faoi. Níl mórán eolas againn ar Nua Eabhrac ach tá muid ag súil le dul ansin, áit a bhfuil go leor Gaeil agus an-tacaíocht ar fáil do Ghailimh agus CLG”.

Ainmníodh Michael Meehan mar chaptaen i mbliana le Joe Bergin mar leas-chaptaen, cé nach mbeidh Michael ag imirt ar an Domhnach. “Níl gortú Michael chomh dona agus a cheap muid agus ba chóir go mbeadh sé ar ais ag imirt taobh istigh de thrí sheachtain” a deir Ó Domhnaill. Tosóidh Pádraig Joyce mar lántosaí agus é ag imirt ina chéad chluiche i mbliana leis an gcontae.



Michael Meehan, Gaillimh agus Tom O'Sullivan, Ciarraí le linn na Sraithe. PICTURE CREDIT: RAY RYAN / SPORTSFILE

Aclaíocht do chách os comhair an tí!

TÁ Dara Kelly tar éis tabhairt faoi choincheap nua don aclaíocht i gCnoc na Cathrach, Contae na Gaillimhe: seisiún aclaíochta do chách sa spás oscailte i d'eastát tithíochta féin.

Is coincheap é seo a d’fhéadfadh deireadh a chur le táillí giomnáisiam, taistil agus feighlithe linbh. Chun páirt a ghlacadh sa rang aclaíochta seo níl le déanamh agat ach siúl amach doras an tí.

Is seisiún 30 nóiméad atá i gceist, ar chostas €3 do gach duine fásta, agus deis duit ní amháin a bheith aclaí ach aithne a chur ar do chomharsana. Cuirfear tús leis an gcoincheap seo san Fhaiche Lárnach i Ros Ard, Br na Ceapaí, Cnoc na Cathrach i gContae na Gaillimhe gach Luan ag 7i.n., agus tá súil ag Dara leathnú amach go heastáit tithíochta eile.

Tá Dara láncháilithe mar theagascóir aclaíochta agus mar thraenálaí pearsanta.

Corn ag dul thar Sionainn?



Le John Allen

CHRÍOCHNAIGH na sraitheanna peile i bPáirc an Chrócaigh cúig lá ó shin agus na gradaim ag dul go Luimneach, Sligeach, Ard Mhaca agus Corcaigh.

Chuir cúl bog solas lae idir na foirne sa chéad chluiche agus cé gur imir na Déise ardchaighdeán peile ní rabhadar ábalta an lámh in uachtar a fháil ar ais ar fhir Luimnigh.

Thug imreoirí Shligigh ardtaispeántas sa dara cluiche ar an Satharn chun an corn a bhreith leo i roinn a trí.

Ba é Stevie Mc Donnell laoch an chluiche d’Ard Mhaca agus iad ag tabhairt chorn roinn a do ó thuaidh leo agus iad i gcoinne a sean-namhad, Contae an Dúin. Ní raibh ardchaighdeán le feiceáil sa phríomh-roinn faraor agus bhí an chosúlacht ar an scéal ó thosach go raibh fir Conor Couhinan i bhfad níos fearr ná fir Mhaigh Eo. Le sárthaispeántais ó Aidan Walsh i lár na páirce agus ó Dhonncha O’Connor agus ó Daniel

Goulding sna tosaithe, rinneadar slad ag an deireadh . Tabharfaidh an bua seo sa cheanncheathrú ábhar misnigh dóibh agus iad ag súil le dul céim amháin eile sa chraobhchomórtas i mbliana. Beidh an-deireadh seachtaine ag lucht leanta spóirt an deireadh seachtaine seo le rogha iontach rugbaí agus iománaíochta. Beidh Corcaigh ,an Gaillimh, an Clár agus Loch Garman ag tabhairt aghaidh ar Dhúrlas Éile agus craobhanna na Sraithe le buachaint.

Sa phríomhroinn seans go mbeidh coimhlint dian idir Corcaigh agus foireann John McIntyre. Níl aon dabht ach go bhfuil suim ag an dá fhoireann an chraobh seo a thabhairt leo. An t-am seo bliana agus cluichí craoibhe ar tí tosú is fiú coicís traenála cluiche mar seo a bheith á imirt. Tá an diantraenáil go léir déanta ag na foirne uilig agus iad ag díriú isteach anois ar luas, scileanna agus comhimirt. Mar sin tugann an cluiche seo oíche Domhnaigh an seans deireanach don dá bhainisteoir cinneadh a dhéanamh ar aon imreoir atá gar d’áit tosnaíthe a fháil ar an chéad chúigear déag don chluiche craoibhe. De ghnáth an t-am seo bliana bíonn an chuid is mó de na bainisteoirí cinnte go leor faoi dheich nó dosaen áiteanna ach i gconáil bíonn ceisteanna faoi na háiteanna eile.

Beidh fhios againn ag deireadh an

chluiche seo cad atá i ndán don bheirt fhathach, Michael Cussen agus Aisake Ó hAilpín, atá ar phainéal Chorcaí. An úsáidfidh Walsh an bheirt acu le chéile i gcoinne Thiobraid Árann nó an úsáidfidh sé duine amháin díobh nó an bhfágfaidh se iad beirt ar an taobh-líne? Cé a bheidh ag uimhir a trí má bhíonn Eoin Cadogan fós gortaithe? Freagra le fáil ar an Domhnach ,tá súil againn. Cé a bheidh ag imirt i lár líne na leath-thosaithe? Arís freagra ar an Domhnach.

Is dóigh liom nach bhfuil mórán gliondar croí ar fhoireann agus lucht leanta na Gaillimhe agus iad ag taisteal chuig Staid Semple an deireadh seachtaine seo ach an oiread agus beidh siad ag súil gurb é seo an t-aistear deireaneach chuig Tiobraid Árann i mbliana. Cén fáth ? Le deich mbliana anuas níor éirigh go maith le foireann dhúiche na dTreamh ann. Idir cluichí craoibhe, cluichí sraithe agus cluichí faoi fiche haon measaim go bhfuil tuairim is cúig chluiche déag imeartha acu ann agus gan ach fíorbheagán buaite acu. Cé a dhéanfadh dearmad ar an oíche Shathairn dhá bhliain ó shin san ionad céanna nuair a cuireadh Dónal Óg Cusack den bpáirc díreach roimh leath ama ag tabhairt an bhuntáiste ar fad don Ghaillimh agus ar feadh an chuid is mó den chluiche bhí an chuma ann go mbuaifadís é ach

Is dóigh liom nach bhfuil mórán gliondar croí ar fhoireann agus lucht leanta na Gaillimhe agus iad ag taisteal chuig Staid Semple an deireadh seachtaine seo ach an oiread agus beidh siad ag súil gurb é seo an t-aistear deireaneach chuig Tiobraid Árann i mbliana. Cén fáth? Le deich mbliana anuas níor éirigh go maith le foireann dhúiche na dTreamh ann.

ní mar sin a tharla. Mar sin féin bhuadar an cluiche craoibhe idir na foirne anuraidh.

An mbeidh aon tionchar ar an stair idir na foirne ar an Domhnach seo? Má bhíonn, beidh an bua ag Corcaigh. Ach ní dóigh liom go mbeidh. Ag tógaint na gcluichí sraithe mar threoir tá “form” níos fearr ag na Corcaigh ach ní féidir linn dearmad a dhéanamh nach raibh imreoirí Phort Omna ar fáil don chuid is mó des na cluichí. Gan dabht is é Joe Canning seoid luachmhar na Gaillimhe. Muna mbíonn Corcaigh ábalta é a choimeád ar scór íseal beidh siad i dtrioblóid mar le hEoin Cadogan gortaithe níl aon lánchúlai ceart acu i mo thuairimse, agus is minic le cúpla bliain anuas a chonaiceamar Canning ag déanamh scrios ar chúlaithe den scoth. Mar sin ceapaim go bhfuil mórán ag brath ar an gcoimhlint seo. Tríd an bpáirc tá na foirne cothrom go leor cé go gceapaim go bhfuil an buntáiste ag Corcaigh ó thaobh cúl báiri de.

Cé go bhfuil sé deacair cinneadh cruinn a dhéanamh ar an gcluiche measaim an uair seo go mbeidh an corn ar taisteal siar thar Sionainn.

Beidh an chraobh sa dara roinn an-chothrom freisin agus seans maith, i mo thuairim, go mbeidh an corn sin ag dul siar freisin.

Beir Bua.

Cluichí Leath-Cheannais Chomórtas Peile na Gaeltachta

Beidh babhtai leathcheannais Chomórtas Peile na Gaeltachta ar siúl i nGaillimh agus i nDún na nGall an deireadh seachtaine seo. Is i mBéal an Mhuirthead a bheidh na cluichí ceannais ón 4ú -6ú lMeitheamh.

Dé Domhnaigh 2/5/10
Cluichí Leath-Cheannais Dhún na nGall
Imreofar na cluichí ar an Tearmann. 1.00 Sóisir Gaoth Dobhair v Gleann Súilí. 2.30 Sinsir Naomh Columba v An Clochán Liath. 4.00 Sóisir An Tearmann v Na Dúnaibh. 5.30 Sinsir An Tearmann v Cill Chartha
Cluichí Leath-Cheannais na Gaillimhe
Imreofar na cluichí ar Pháirc an Chnoic (Páirc na mBreathnaigh) in Indreabhán. 1.30 Sóisir Oileáin Árann v Rinn Mhaoile. 3.00 Sinsir An Cheathrú Rua v Naomh Anna. 4.30 Sóisir An Cheathrú Rua v An Spidéal. 6.00 Sinsir Mícheál Breathnach v Bearna

Dé Luain 3/5/10
Cluichí Ceannais Dhún na nGall 2.00 Sóisir. 3.30 Sinsir

Cluichí Ceannais na Gaillimhe 12.00 Faoi 16 Bearna v Mícheál Breathnach nó An Cheathrú Rua. 1.30 Sóisir. 3.00 Sinsir

An Corn Heineken

Le Gráinne McElwain

Neart Toulouse an difear

NÍ hiad Connacht an t-aon fhoireann an deireadh seachtaine seo a bheidh ag imirt in aghaidh foireann Fhrancach i gcluiche leathcheannais. Caithfidh Cúige Laighean tais-teal go Stade Municipal i nToulouse chun bualadh leis an fhoireann is fearr riamh i gCorn Heineken.

Cuireadh tús leis an chomórtas in 1995 agus ón chéad bhliain sin, tá an comórtas buaite ag Toulouse trí huairé- 1995, 2003 agus 2005 agus iad go léir faoi stiúir an bhainisteora Guy Noves.

Tá painéal láidir ag Toulouse, chomh láidir sin go bhfuil an chuma air go bhfuil dhá fhoireann acu agus mar sin is féidir leo rogha a dhéanamh idir imreoirí difriúla do chomórtais dhifriúla. Beidh sé spéisiúil a fheiceáil cén leathchúlai a roghnóidh Toulouse. An rachaidh siad le Jean-Baptiste Elissalde nó David Skrela, nó b’fhéidir go dtioc-fadh Maxime Medard ar ais san fhoireann?

Bhí bua aon phointe amháin ag seaimpíní na bliana seo caite, Cúige Laighean, ar Clermont Auvergne sa bhabhta ceathrú ceannais, 29-28. Thóg sé píosa orthu socrú síos sa

chluiche mar go raibh siad neirbhíseach agus bhí roinnt fadhbanna acu lena gcragadh. Tá a fhios ag Michael Cheika nach bhfaigheann tú an dara seans sa chomórtas seo agus ar ndóigh d’admhaigh sé gurb é seo an cluiche is déine a bheidh acu le cúig bliana anuas.

Bhuaigh Cúige Laighean ar Toulouse cheana sa chomórtas seo i 2006 nuair a fuair siad an lámh in uachtar orthu in Toulouse sa bhabhta ceathrú ceannais. Ach an uair seo, tá roinnt gortuithe ag cur isteach orthu, ina measc Girvan Dempsey (muineál), Fergus McFadden, Jonathan Sexton (ag teacht ar ais ó ghortú) agus Rob Kearney. Tá Michael Cheika muiníneach go mbeidh an lá leo, ach sílim go bhfuil an neart agus an taithí ag Toulouse dul chomh fada le Cluiche Ceannais an Choirn ar an 22ú Bealtaine.

Toulouse v Cúige Laighean
Dé Sathairn @ 16.45i.n

Cúige Mumhan chun buachaint ar Biarritz

BEIDH Cúige Mumhan i mBiarritz an deireadh seachtaine seo, an naoú cluiche leathcheannais acu i gComórtas an Corn Heineken. Buille mór dóibh a bhí ann nuair a fógraíodh i rith na seachtaine nach



Cóitseálai Chonacht, Michael Bradley PICTÚIR: PAUL MOHAN / SPORTSFILE

mbeadh a gcaptaen inspioráideach, Paul O’ Connell ag imirt mar gheall ar ghortú. Gortaíodh é sa chluiche deireanach de Chomórtas na Sé Náisiún in aghaidh na hAlban agus níl sé tar éis imirt ó shin. Dúirt an cóitseálai, Tony McGahan, go bhfuil sé sásta go raibh sé in ann Ian Dowl-ing, Nick Williams, Keith Earls agus Doug Howlett a phiocadh ar an bpainéal don Domhnach, cé go raibh mion-ghortaithe ag cur isteach orthu ar fad.

Chaill Mumhain in aghaidh Laighean an t-am seo anuraidh agus

de réir na ngeallghlacadóirí beidh siad mar rogha na n-údar Dé Domhnaigh. B’fhéidir go bhfuil ceist ann faoi sheasmhacht na Mumhan faoi láthair, mar gur chaill siad in aghaidh na hOspreys sa tsraith Mag-ners an deireadh seachtaine seo caite. Cé nach é sin an dóigh is fearr chun ullmhú do chluiche mór Heineken, thaispeáin Cúige Mumhan cheana nach gcuireann sé sin isteach orthu ar an lá mór. Níor imir siad go maith nuair a chaill siad i gcoinne Laighean sa tSraith Magn-ers, ach bhí an bua acu in aghaidh Northampton Saints sa bhabhta Ceathrú Ceannais den Chorn Heineken go luath ina dhiaidh sin.

Níl Comórtas Heineken buaite ag Biarritz go fóill. Chuaigh siad chomh fada leis an gCluiche Ceannais i 2006, ach chaill siad in aghaidh na Mumhan. Ní bheidh imreoir idirnáisiúnta na Fraince, Damien Traille ag imirt mar gheall ar ghortú láimhe. Tá amhras chomh maith faoi Imanol Harinordoquy mar go bhfuil a shrón briste, ach deirtear go mbeidh sé ag imirt. Tá níos mó taithí ag na Muimhnigh ag imirt ag an leibhéal seo agus má bhíonn lá maith ag Rónán O’Gara, tá an-seans acu dul chomh fada lena séú Cluiche Cean-nais.

Biarritz v Cúige Mumhan
Dé Domhnaigh @ 16.15i.n

Dóchas na gConallach

Le Seán O Curraighín

BEIDH peileadóirí faoi 21 Dhún na nGall ar thóir a dtríú Craobh na hÉireann tráthnóna amárach nuair a thabharfaidh siad aghaidh ar Bhaile Átha Cliath i bpáirc Bhréifní an Chabháin. Dar leis an Chonallach chlúiteach Martin McHugh is beag duine a thug seans ngrást na dóibh ag tús na bliana.

“Déarfá gur scata maith peileadóirí a bhí iontu ag tús na bliana ach tá obair na gcapall déanta acu ó shin. Tá ard mholadh tuillte ag an bhainistíocht.”

Is é cúlaí Ard an Rátha Paddy McGrath an t-aon imreoir as Dún na nGall atá i mbaol an cluiche a chailiúint. Bhris sé a ghiall le linn an

chluiche leathcheannais i gcoinne Thiobraid Árann.

Tá ocht mbliana déag imithe thart ón uair dheireanach a chuaigh Craobh na hÉireann i dtreo sléibhte Thír Chonaill. Ag labhairt ag preas ocáid le linn na seachtaine dúirt bainisteoir na foirne Jim McGuinness go bhfuil a fhios ag na himreoirí cad atá os a gcomhair.

“I mo mheon féin agus i meon na n-imreoirí, ceapaimid go bhfuil muid in ann an cluiche a bhaint. Ní fhaigheann tú seans mar seo ach uair amháin le linn do shaoil. Seo an uair dheireanach a bheidh an scata seo imreoirí lena chéile, an seans deireanach dóibh a gcumas a léiriú,” dar le McGuinness.

Tá Baile Átha Cliath ag dul go

maith le tamall, agus Corn Laighean buaite acu don dara bliain i ndiaidh a chéile. Fuair siad an lámh in uachtar ar fhoireann láidir Ros Comáin sa chluiche leath cheannais. Bhí dhá chúl faighte acu laistigh den chéad deich nóiméad. Deir Martin McHugh, “...ní féidir ligean d’Áth Cliath tús maith a fháil. Tá roinnt imreoirí an-mhaithe acu Kenneth Sweeny, Dean Rock, mac leis an laoch Gael Barney Rock agus an dá leathchúlai cliatháin.”

Tá ceathrar d’fhoireann Áth Cliath ag fulaingt le gortuithe. Tá triúr acu gortaithe ón gcluiche leathcheannais: Ted Furman, leatosáil láir, Jim Gavin leathchúlai láir agus captaen na foirne Johnny Cooper. Ceaptar go mbeidh siad i

gceart don Satharn.

Dúirt an roghnóir Shane O’Hanlon leis na meáin le linn na seachtaine, “...cailliúint ollmhór a bheadh in Johnny (Cooper), ach tá muid chun gach seans a thabhairt dó chun dul chun na páirce Dé Sathairn.”

Beidh sé deacair na Conallaigh a bhriseadh. Níl oiread is cúl amháin scaoilte ag na cúlaithé ó thús na Craoibhe.

Is síceolaí spóirt é Jim McGuinness atá ina chéad bhliain sa phost bainistíochta. Ar a bhealach chun an chluiche ceannais i mbliana fuair na Conallaigh an lámh in uachtar ar Dhoire, ar Ard Mhaca, ar an Chabhán agus ar Thiobraid Árann.

Dúirt Seán Seosamh Ó Dochar-

taigh, bainisteoir fhoireann sinsir Dhún na nGall, “tá seans an-mhaithe ag Dún na nGall. Aon fhoireann a bhuafaidh orthu, beidh orthu obair na gcapall a dhéanamh. Tá foireann mhór fhisiciúil chumhachtach ag Áth Cliath. Bhí Dún na nGall níos láidre ná aon fhoireann a chuaigh ina gcoinne go dtí seo.”

Ní féidir a dhílseacht ar son na cúise a cheistiú. Bhí McGuinness ag tabhairt turas seachtainiúil go dtí Baile Átha Cliath chun naonúr den fhoireann atá lonnaithe sa chathair a thraenáil. Deir Ó Dochartaigh go mbeadh sé go hiontach dá mbeadh Craobh na hÉireann leo.

“Tá corn de dhith ar an aos óg sa chontae. Tá sé fíor ag a mbíonn ag rá go dtagann rath ar athúlacht.”

Ag Súil le Toulon

Le Gráinne McElwain

AR an Aoine bheag seo, tabharfaidh Connacht aghaidh ar Toulon i gCluiche Leathcheannais an Chorn Amlin Challenge. Gan dabht is ionann an iomaíocht seo agus an comórtas idir Dáithí agus Goliath . Is iad an fhoireann chlúiteach as Toulon rogha láidir na n-údar agus ar pháipéar breathnaíonn sé nach bhfuil mórán seans ag Connacht - ach an rud is annamh is iontaí.

Is i ndeisceart na Fraince agus ar chósta na Meánmhara atá Toulon lonnaithe. Tá stair mhór ag baint leis an gcalafort atá ann mar gur chuir Aimiréal Nelson imshuí ar an áit ar feadh dhá bhliain le linn chogadh Napoléon. Go dtí seo, níor imir Toulon sa Chorn Heineken agus seo an chéad uair go bhfuil siad tríd go dtí na babhtai leathcheannais den chomórtas Amlin Challenge. Is ar bharr an tábla atá Toulon, le Perpignan, sa Chraobh Fhrancach agus iad cáilithe do na babhtai cáilithe den chéad uair ó 1992. Tá an chuma ar an scéal nach bhfuil fadhb airgeadais acu sa chlub agus is faoi stiúir Philippe Saint-Andre, an cliathánaí cáiliúil Francach, atá siad. “Tá painéal láidir acu. Thóg siad isteach 17 n-imreoir an samhradh seo caite agus iad go léir ar ardchaighdeán. Dá ngortófaí imreoir ar bith acu, bheadh imreoir eile acu chun seasamh isteach ina áit,” a deir cóitseálaí Chonnacht, Michael Bradley. Beirt atá in ann sin a dhéanamh ná na leathchúlai amuigh Jonny Wilkinson agus iar-imreoir le Cúige Laighean, Felipe Contempomi.

“Tá ardchaighdeán le feiceáil sa phainéal iomlán. An chúis go bhfuil siad chomh maith sin ná gur choinnigh siad an painéal go léir le chéile. Is sraith chrua, anróiteach agus fhisiciúil é an Top 14 sa Fhrainc agus caithfidh painéal mór a bheith agat chun maireachtáil ann. Sin an neart is mó atá ag an fhoireann seo”, a deir Bradley. Tá painéal Chonnacht níos laige don Aoine, mar go bhfuil go leor gortuithe ag cur as dóibh. Ní bheidh Ray Ofisa ag imirt mar gur

tháinig meadrán nó vertigo air sa chluiche in aghaidh na Scarletts an deireadh seachtaine seo caite. Is cúis mhór imní é Keith Matthews freisin do bhainistíocht Chonnacht, mar gur ghortaigh sé a rúitín sa chluiche in aghaidh na Mumhan agus tá gortuithe ag cur isteach ar Niva Ta’auso, Jamie Hagan, John Muldoon, Robbie Morris agus Frank Murphy chomh maith, ach ní cheaptar go bhfuil siad ró-dhona.

Nuair a cuireadh ceist ar Bhradley cad chuige go bhfuil Connacht difriúil i mbliana, dúirt sé, “den chéad uair le tamall fada bhí Connacht in ann an painéal iomlán a choinneáil le chéile ó anuraidh go dtí i mbliana. Is breá leis na leaideanna imirt lena chéile agus feiceann siad go bhfuil todhchaí ag an gclub. Tagann sin le grúpa atá buan agus socair. Sin ceann de na cúiseanna go bhfuil dul chun cinn maith déanta againn i mbliana.”

Bhí drogall air labhairt faoi thodhchaí an chlub ach amháin go bhfuil “mé féin agus na himreoirí ag díriú isteach ar chluiche an Aoine agus níl aon rud eile ag cur isteach ar na hullmhúcháin sin. Tá próiseas ar siúl faoi láthair agus tá súil againn go dtabharfaidh sé sin léargas dúinn ar thodhchaí an rugbaí i gConnacht.” “Tá muid ag súil go mór leis an chluiche ollmhór seo agus is rud iontach é a bheith i gcluiche mór Eorpach mar seo agus muid ag teacht i dtreo deireadh an tséasúir. Níl muid tar éis cailleadh san Eoraip go fóill agus bheadh sé stairiúil dul chomh fada leis an chluiche ceannais agus fiú é a bhaint.”

“Is féidir le haon rud tarlú i gcluiche coirn thar 80 nóiméad. Preab den liathróid, nó cinneadh réiteora mar shamplaí. Silim go bhfuil buntáiste againn a bheith sa bhaile sa Sports-ground. Bíonn sé deacair agus neamhghnách teacht go háit mar seo agus beidh slua breá ann ag tabhairt tacaíochta do na leaideanna. Tháinig go leor foirne anseo ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil orainn agus níl ach dhá chluiche caillte againn.”

Mair a Chapail...

Súil ag John McIntyre & Gaillimh ar an gCorn

Le Gráinne McElwain

RÁSAÍOCHT chapall agus galf an dá chaitheamh aimsire is mó atá ag John McIntyre taobh amuigh den iománaíocht. Le déanaí, ag an Fhéile Rásaíochta i mBaile Phúinse, bhí sé i measc ceathrar fear i sin-deacáit Gaticoma a bhuail an Novice Hurdle le “Rigour Back Bob”. Is as Gaillimh, Tiobraid Árann, Corcaigh agus Maigh Eo an ceathrar fear seo agus d’úsáid siad an chéad dá litir ó na contaetha sin chun ainm a chur ar an ghrúpa agus sin é an fáth gur Gaticoma atá orthu.

“Bhí an bua iontach agus tá muid fós tuar sásta leis. Tá súil agam gur chur maith é seo don Chluiche Ceannais”

Ar ndóigh tá aird John dírithe ar Chluiche Ceannais Iomána na Sraithe an Domhnach beag seo, nuair a dhéanfaidh Gaillimh iar-racht an comórtas a bhaint don chéad uair le sé bliana anuas. “Seo cluiche ollmhór dúinn. Níl muid ag dul síos go Durlas ar son na cúise, tá sé ar intinn againn buachan agus má éiríonn linn, tabharfaidh sé sin an-mhisneach dúinn don Chraobh”

Beidh Gaillimh ag imirt i gCraobh Laighean in aghaidh Loch Garrahan ar an 29ú Bealtaine, ach ar dtús tá siad le Corcaigh ar an Domhnach. “Tá Corcaigh tar éis feabhsú go mór ón am seo anuraidh agus tá siad ag imirt go maith faoi stiúir Denis Walsh. Feicim go bhfuil cuid den sean-ocras a bhíodh orthu ar ais agus beidh sé an-deacair iad a bhualadh”.

Bhuaigh Gaillimh sé cluiche as seacht gcinn sa tsraith, le cailliúint amháin in aghaidh Tiobraid Árann. Ach, bhí ceisteanna á chur faoi sheasmhacht na foirne agus an bhfuil an neart intinne acu do na cluichí móra?



Bainisteoir na Gaillimhe: John McIntyre. PICTIÚR: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE

“Bhí muid suas agus síos sa tsraith, ach fuair muid na torthaí. Ní fiú iomáint álainn a imirt agus cailiúint. Ba mhaith le lucht tacaíochta na foirne, muid a fheiceáil ag buachan. Tá seasmhacht de dhíth, ach tá na torthaí chomh maith”

“Cuireadh ceist faoinár neart intinne, ach silim dá bhfeicfeadh aon duine ár dtaispeántas sa dara leath in aghaidh Chill Chainnigh, ní bheadh siad ag cur ceisteanna orainn.” Bhí Gaillimh cúig phointe taobh thiar de Sheaimpíní na hÉireann sa chluiche úd, ach tháinig siad ar ais chun an chluiche a bhaint 2-21 le 1-23. “Ní théann mórán foirne go Páirc Uí Nualláin agus buachan ansin. Is comhartha maith do Ghailimh é sin”.

“Tharla a mhalairt in aghaidh Tiobraid Árann coicís roimhe sin. Bhí muid chun cinn ag dul isteach ag leath-am, ach níor imir muid sa dara leath agus chaill muid an cluiche. Ní raibh muid sásta leis an taispeántas sa dara leath agus bhí an locht ar fad orainn féin mar ghrúpa ar an lá - bainistíocht agus imreoirí. Ach d’fhoghlaim muid ón

gcluiche sin”

Creideann McIntyre go bhfuil Gaillimh níos láidre i mbliana ná mar a bhí siad anuraidh, ach cad chuige sin? “Tá an bhainistíocht níos socraithe isteach i mbliana. Tháinig David Collins agus Iarla Tannion ar ais agus cuidíonn sin leis na roghanna atá againn ar an taobh-líne. D’imir Gaillimh an chéad cúig bhabhta den tsraith gan na himreoirí ó Phort Omna agus bhí ar an fhoireann oibriú fíor chrua chun na cluichí a bhaint agus seasann sin dóibh.

Thaispeáin sé sin go bhfuil níos mó nirt agus láidreachta ar an phainéal ná mar a bhí le cúpla bliain anuas”.

Tá cúpla gortú ag cur isteach ar Ghaillimh don deireadh seachtain seo. Beidh Fergal Moore in easnamh mar gheall ar ghortú rúitín agus tá amhras mór faoi Niall Healy a bhfuil an gortú céanna ag cur as dó.

Ar ndóigh tá “Rigour Race Bob” ar a chuid laethanta saoire don samhradh, ach beidh John McIntyre ag súil nach mbeidh an scéal céanna aige féin go dtí mí Meán Fómhair.

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag sport@gaelsceal.ie

Gaelscéal

● 30.04.2010

PICTIÚR: DAVID MAHER / SPORTSFILE



Michael Murphy, Captaen Dhún na nGall F-21 agus Johnny Cooper, Captaen Bhaile Átha Cliath F-21 ag fáil réidh don Chluiche Ceannais na hÉireann F-21 an Satharn beag seo.

BÁC ar thóir a dara Craobh na hÉireann F-21

Le Gráinne McElwain

BEIDH BÁC ag iarraidh a dara Craobh na hÉireann a bhuachan an Satharn beag seo nuair a bhuailfidh siad le Dún na nGall i gCluiche Ceannais an Chomórtais F-21 i bPáirc Bhréifní Kingspan. Ba é 2003 an chéad uair a bhuailh Baile

Átha Cliath an comórtas seo nuair a bhí Alan Brogan mar chaptaen.

Chuaigh BÁC chomh fada le Cluiche Leathcheannais na hÉireann anuraidh nuair a chaill siad amach in aghaidh Chorcaí le pointe amháin. Bhí Captaen na foirne i mbliana Jonny Cooper ar an fhoireann an lá sin agus is cuimhin leis go maith an cluiche sin, “Bhí briseadh

croí orainn i ndiaidh an cjluike sin ach chuir muid fiche seans ar fóirail. Ní féidir leat buachan agus an méid seansanna sin a chur ar strae.”

Bhí go leor daoine ag súil go mbeadh bua éasca ag Baile Átha Cliath in aghaidh an Lú agus Ceatharlaigh i gCraobh Laighean i mbliana ach níor tharla sé mar sin. Chuaigh an dá chluiche go ham

breise le Jonny Cooper ag fáil an cúilín cinniúnach i gcoinne an Lú chun am breise a chur i bhfeidhm. Bhí bua maith acu in aghaidh Ros Comáin i gCluiche Leathcheannais na hÉireann agus thosaigh siad ag imirt an pheil is fearr nuair a cuireadh Ted Furman den pháirc agus iad fágtha le 14 imreoir. Tá a fhios acu ar fad cé chomh maith is

atá Dún na nGall go háirithe Michael Murphy ach tá carachtar ag Baile Átha Cliath agus beidh sin ag teastáil go géar uathu in aghaidh Dhún na nGall an deireadh seachtaine seo.

Cluiche Ceannais Peile na hÉireann F-21

Baile Átha Cliath v Dún na nGall @ 7.00i.n